



PLEAN FORBARTHA CHONTAE LOCH GARMAN 2007 – 2013



Clár

Cuid A Comhthéacs Straitéiseach

Caibidil 1 Comhthéacs Pleanála agus Próifíl Chontae

Leathanach

1.0.	Comhthéacs	Straitéiseach
8		
1.0.1	Réamhrá	
1.0.2	Comhthéacs Dílíthiúil	
1.0.3	Formáid agus Leagan Amach	
1.1	Comhthéacs Pleanála	12
1.1.1	An Straitéis Náisiúnta Spásúil	
1.1.2	Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Thoir – Theas	
1.1.3	Bord Forbartha Contae	
1.1.4	Plean Forbartha Náisiúnta 2006-2012	
1.1.5	Treoirínte Pleanála Náisiúnta	
1.1.6	Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola	
1.2	Próifíl Contae	17
1.2.1	Claontaí agus Saincheisteanna Reatha	
1.2.2	Príomhchlaontaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha	
1.2.3	Réamh-Mheastacháin Daonra don Todhchaí	
1.2.4	Próifíl Aoise an Chontae	
1.2.5	Claontaí Socheacnamaíocha	
1.2.6	Claontaí Forbartha Fisiceacha	

Caibidil 2 Straitéis Lonnaíochta

2.0	Straitéis Lonnaíochta	30
2.1	Comhthéacs	
2.2	Straitéis Lonnaíochta	31
2.3	Clarlathas Lonnaíochta	
2.3.1	Príomhlimistéar Fáis	
2.3.2	Fo-Limistéar Fáis	
2.3.3	Limistéar Fáis Straitéisigh	
2.3.4	Limistéar Fáis Ceantair	
2.3.5	Limistéar Fáis Áitiúil	
2.3.6	Limistéar Fáis Shráidbhaile	
2.3.7	Straitéis Lonnaíochta Tuaithe	
2.4	Polasaí Tithíochta Tuaithe	
2.4.1	Aithint na Cineálacha Limistéir Tuaithe	
2.4.2	Limistéir faoi Thionchar Láidir Uirbeach	
2.4.3	Limistéir Tuaithe Níos Láidre	
2.4.4	Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag	
2.4.5	Sealbhú	

- 2.4.6 Nascadh Tuaithe
- 2.4.7 Forbairtí Braisle

Caibidil 3 Iompar

3.0	Iompar	45
3.1.0	Comhthéacs	
3.1.1	Iompar Inbhuanaithe	
3.1.2	Rothaíocht agus Siúl	
3.2.0	Bainistíocht Tráchtá agus Sábháilteacht Bóithre	
3.2.1	Móthairiscintí Bóthair	
3.3.0	Bóithre	
3.3.1	Bóithre Náisiúnta	
3.3.2	Bóithre Réigiúnacha	
3.3.3	Bóithre Contae	
3.3.4	Seirbhísí Taobh Bóthair	
3.4.0	Iarnród	
3.5.0	Bus	
3.6.0	Calafóirt	
3.7.0	Aerfoirt	

Cuid B Polasaithe agus Cuspóirí

Caibidil 4 Forbairt eacnamaíoch

4.1.0	Comhthéacs Polasaí	55
4.1.1	Straitéis Náisiúnta Spásúil	
4.1.2	Treoirínte Pleanála Réigiúnacha	
4.1.3	Bord Forbartha Contae	
4.2.0	Straitéis	
4.2.1	Forbairt Eacnamaíoch inbhuanaithe	
4.3.0	Forbairt Tuaithe	57
4.3.1	Talmhaíocht	
4.3.2	Foraoiseacht	
4.3.3	Iascaireachtaí	
4.3.4	Tionscail Eastóscach	
4.3.5	Claiseanna Gainimh	
4.4.0	Forbairt Miondíola	62
4.4.1	Cur Chuige Seicheamhach	
4.4.2	Siopaí i Limistéir Tuaithe agus Sráidbhailte Beaga	

Caibidil 5 Straitéis Tithíochta

5.1.0	Réamhrá	65
5.2.0	Achoimre	
5.3.0	Polasaí Tithíochta	

Caibidil 6 Bonneagar, Fuinneamh agus Dramhaíl

6.1.0	Talamhúsáid agus Bonneagar		68
6.2.0	Soláthar Uisce		
6.3.0	Cóireáil Fuíolluisce		71
6.3.1	Plandaí Cóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe		
6.3.2	Córais Fuíolluisce Tuaithe		
6.4.0	Uisce Dromchla agus Draenáil		75
6.4.1	Tuile		
6.4.2	Bainistíocht Shloda		
6.5.0	Caighdeán	Uisce	Abhann
	77		
6.6.0	Caighdeán Aeir		77
6.7.0	Teileachumarsáidí		78
6.7.1	Leathanbhanda		
6.8.0	Fuinneamh		79
6.8.1	Éifeachtacht Fuinnimh		
6.8.2	Straitéis Fuinnimh Gaoithe		
6.8.3	Fuinneamh Gréine		
6.8.4	Hidrifhuinneamh		
6.8.5	Bithmhais/ millíní		
6.8.6	Díleá Anaeróbach		
6.8.7	Geoiteirmeach		
6.8.8	Líonra Gáis		
6.8.9	Línte Tarchuir Leictreachais		
6.9.0	Dramhaíl		82
6.9.1	Bainistíocht Dramhaíola		
6.9.2	Cosc agus Laghdú Dramhaíola		
6.9.3	Torann		
6.9.4	Bainistíocht Bhruscair		

Caibidil 7 Pobal, Cultúr agus Oideachas

7.0.0	Pobal, Cultúr, Sláinte & Oideachas	85
7.1.0	Pobal	86
7.1.1	Rannpháirtíocht Phobail	
7.1.2	Grúpaí Riachtanas Speisialta	
7.1.3	Grúpaí Eitneacha	
7.1.4	Mná, Leanaí & Daoine Óga	
7.1.5	An Lucht Siúil	
7.1.6	Ag Freastal ar Dhaoine le Míchumais	
7.1.7	Tithíocht Inrochtana	
7.1.8	Seandaoine	
7.1.9	Tithe Altranais /Tithe Cúraim Chónaithe	
7.2.0	Áiseanna Cúram Leanaí	91
7.3.0	Cultúr	92
7.3.1	Ealaín Phoiblí	
7.3.2	Leabharlanna	
7.4.0	Oideachas	93
7.4.1	Ról an Údaráis Phleanála	
7.4.2	Dé-Úsáid Foirgnimh Scoile	

Caibidil 8 Turasóireacht, Áineas agus Fóillíocht

8.0.0	Comhthéacs Turasóireachta, Áineasa agus Fóillíochta	97
8.1.0	Turasóireacht	97
8.1.0	Turasóireacht Tuaithe	
8.1.1	Fógraí agus Tarraingtí Turasóireachta	
8.1.2	Tithe Saoire	
8.1.3	Páirceanna Carbhán	
8.1.4	Turasóireacht Ceann Scríbe	
8.2.0	Áineas agus Fóillíocht	102
8.7.1	Bealaí Siúil	
8.7.2	Cosáin Cósta	
8.7.3	Tránna	

Caibidil 9 Oidhreacht, Caomhnú agus Tírdhreach

9.0.0	Oidhreacht agus Caomhnú	106
9.1.0	Comhthéacs	
9.2.0	Oidhreacht Ailtireachta	106
9.2.1	Struchtúir Chosanta	
9.2.2	Athrú úsáide Struchtúir Chosanta	
9.2.3	Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta	
9.3.0	Oidhreacht Seandálaíochta	108
9.3.1	Seandálaíocht Faoi Uisce	
9.4.0	Oidhreacht Nádúrtha	112
9.4.1	Láithreacha Deartha	
9.4.2	Láithreacha Ramsar	
9.4.3	Tearmaínn Dúlra	
9.4.4	Tírdhreacha	
9.4.5	Coilleamacha, Crainn agus Fáil Sceacha	
9.5.0	An Crios Cósta	117
9.5.1	Cosaint Cósta	
9.5.2	Polasaí Forbartha Cósta	

Cuid C Caighdeán agus Treoirínte Forbartha

Caibidil 10 Caighdeán Forbartha

10.01	Rochtain do Dhaoine le Míchumais agus don Lucht Maolghluaiste	122
10.02	Caomhnú ailtireachta- struchtúir chosanta	122
10.03	Seandálaíocht	123
10.04	Dearadh Uirbeach	123
10.05	Forbairtí Cónaithe	126
10.05.1	Dlús Cónaithe	
10.05.2	Leagan Amach	
10.05.3	Dearadh	
10.05.4	Inrochtaineacht – Tithíocht do Chách	
10.05.5	Limistéir Phoiblí Spáis Oscailte	
10.05.6	Limistéir Phríobháideacha Spáis Oscailte	
10.05.7	Tírdhrechtú	
10.05.8	Ainmneacha d'Fhorbairt Chónaithe	
10.05.9	Cothabháil agus Bainistíocht	
10.05.10	Tithíocht Líontach Uirbeach	
10.05.11	Síntí Tí	

	10.05.12	Forbairt Talaimh Cúil	
	10.05.13	Árasáin	
	10.05.14	Láithreacha Tréigthe	
	10.05.14	Úsáid Urláir Uachtaracha chun Cónaithe	
	10.05.15	Stóráil bruscair	
	10.05.16	Tithe Cúraim Cónaithe	
10.06	Inbhuanaitheacht Tógála		135
	10.06.1	Straitéis	
	10.06.2	Sprioc	
	10.06.3	Tithíocht	
	10.06.4	Neamhchónaitheach	
	10.06.5	Clár Roghanna	
10.07	Treoirínte Forbartha Cónaithe Tuaithe		138
	10.07.1	Cód Dearaidh Tithíochta Tuaithe	
	10.07.2	Treoirínte Dearaidh & Láithreánaithe do Thithíocht Tuaithe	
	10.07.7	Córais Chaighdeánacha Draenála Umair Seipteach	
10.08	Tráchtáil		141
	10.08.1	Tionscal, Trádstóráil agus Páirceanna Gnó	
	10.08.2	Forbairt Oifige	
	10.08.3	Gníomhaíocht Eacnamaíoch Bunaithe sa Bhaile	
	10.08.4	Forbairt Mhiondíola	
	10.08.5	Dearadh Aghaidh Siopa	
	10.08.6	Beir leat um bhia te	
	10.08.7	Stáisiúin peitрил	
	10.08.8	Beáir / clubanna oíche / siamsaí	
10.9.0	Pobal		146
	10.09.1	Scoileanna	
	10.09.2	Áiseanna Cúram Leanaí	
10.10.0	Turasóireacht		147
	10.10.1	Tarraingtí Turasóireachta	
	10.10.2	Páirceanna Carbhán	
	10.10.3	Tithe Saoire	
10.11.0	Iompar		149
	10.11.1	Bóithre Náisiúnta	
	10.11.2	Bóithre Réigiúnacha	
	10.11.3	Amharclínte	
	10.11.4	Leagan Amach, Dearadh & Riachtanais Páirceála Carr	
	10.11.5	Tábla 4 Caighdeáin Páirceála Carr	
	10.11.6	Áiseanna Rothaíochta	
10.12.0	Fógraíocht		154
	10.12.1	Comharthaíocht Ghinearálta	
	10.12.2	Fógraíocht Tuaithe	
10.13.0	Teileachumarsáidí		155
10.14.0	Tionscal Eastóscach		155
10.15.0	Bunaíochtaí Seveso		157
	10.15.1	Forbairtí Seveso – Bunaíochtaí Nua	

1.0 COMHTHÉACS STRAITÉISEACH

1.0.0 Réamhrá

1.0.1 Comhthéacs Dlíthiúil

1.0.2 Formáid agus Leagan Amach

1.0.3 Forfheidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

1.0 Réamhrá

Leagann an Plean Forbartha Contae amach rún Comhairle Chontae Loch Garman d'fhorbairt an talaimh sa todhchaí lena n-áirítear bearta do chaomhnú agus fheabhsú na timpeallachta nádúrtha agus fisicigh agus sholáthar bonneagair.

Féachann an plean chuig an ngá chun an timpeallacht a chosaint a réiteach leis an éileamh d'fhorbairt riachtanach chun freastal ar riachtanais agus mianta mhuintir Loch Garman. Tá sí mar aidhm ag an bplean dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus caomhnú a dhéanamh ar na hacmhainní agus sócmhainní timpeallachta atá riachtanach do rath fadtéarmach agus do cháilíocht bheatha an phobail.

Tá sé ceaptha go soláthróidh an Plean, i dteannta le pleananna éagsúla na mBailte agus na bPurláin:

- Straitéis fhorbartha spásúil inbhuanaithe chun láthair na forbartha a threorú;
- Treoir shoiléir ar úsáid an talaimh sa todhchaí agus ar phatrún na forbartha don chúig bliana le teacht;
- Creatlach d'infheistíocht i mbonneagar sóisialta agus fisiceach sa todhchaí;
- Creatlach d'eacnamaíocht an Chontae a fhorbairt;
- Bainistíocht agus rialú trí chaighdeán agus phrionsabail le baint amach i bhforbairt nua a chomharthú;
- Bealaí chun an timpeallacht uirbeach agus tuaithe a chaomhnú agus a fheabhsú agus chun éagsúlacht an tírdhreacha nádúrtha agus chultúrtha a chosaint;
- Treoir d'infheisteoirí poiblí agus príobháideacha maidir le talamhúsáid agus forbairt.

Tá sé mar rún ag Comhairle Chontae Loch Garman glacadh le cur chuige dearfach i leith forbairt. Ní chuirfear teorainn le deiseanna forbartha nua ach amháin má tá réasúin láidre, áititheach chun amhlaidh a dhéanamh maidir le polasaithe Eorpacha, Náisiúnta agus Réigiúnacha. Aithníonn an Chomhairle go gcabhróidh pleanáil chríonna, fadtéarmach chun drochthionchair dho-ghlactha forbartha a mhaolú.

Cé go mbaineann sé go príomha le talamhúsáid fisiceach, pléifidh an plean réimse leathan saincheisteanna comhghaolmhara sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta atá tábhachtach i leith forbairt inbhuanaithe agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach.

Beidh an straitéis, na polasaithe agus cuspóirí cuimsithe sa Phlean Forbartha Contae faoi réir monatóireachta agus athbhreithniú tréimhsiúil maidir le cúinsí

athraitheacha sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta sa Chontae agus i reachtaíocht éabhlóidithe Eorpach agus Náisiúnta.

1.0.1 Comhthéacs Dlíthiúil

Tá sé mar dhualgas ag Comhairle Chontae Loch Garman mar Údarás Pleanála chun Plean Forbartha a dhéanamh dá limistéar feidhmiúil agus athbhreithniú a dhéanamh air gach sé bliana. Leagann an Plean Forbartha Contae amach straitéis iomlán d'fhorbairt inbhuanaithe agus phleanáil cheart an Chontae. Tá an bonn dlíthiúil do Phleananna Forbartha cuimsithe sna hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000-2006.

Sonraíonn an tAcht go soiléir na hábhair a chaithfear a áireamh i bPlean Forbartha Contae, chomh maith le hábhair a fhéadfaí a áireamh. Ní féidir tuiscint a thabhairt ach d'ábhair a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus phleanáil cheart an Chontae.

In achoimre, ní mór don Phlean straitéis iomlán a leagadh amach d'fhorbairt inbhuanaithe agus do phleanáil cheart an limistéir, ina mbeidh ráiteas scríofa agus plan nó pleananna ag comharthú cuspóirí forbartha do Chontae Loch Garman agus beidh sé comhsheasmhach, chomh fada agus atá féideartha, le Pleananna, Polasaithe agus Straitéisí Náisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe agus phleanáil cheart.

1.0.2 Formáid agus Leagan Amach

Tá formáid agus leagan amach bunúsach an phlean tar éis a bheith treoraithe ag na Pleananna Forbartha, Dréacht-Threoirínte d'Údaráis Phleanála, Aibreán 2006, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORA).

Sa phlean tá an doiciméad seo, an ráiteas scríofa, aguisíní agus réimse léarscáileanna. Ba cheart don ráiteas scríofa agus na léarscáileanna a bheith léite i dteannta a chéile. I ngach caibidil den phlean tá comhthéacs pleanála, straitéisí agus cuspóirí. Le chéile déanann na heilimintí seo suas polasaithe pleanála an phlean. Tá tagairt le déanamh freisin do na straitéisí forbartha indibhidíúla laistigh den Phlean Forbartha Contae. Tá sé seo ceaptha chun a chinntiú go dtéitear i mbun phleanáil agus forbairt Chontae Loch Garman sa todhchaí i mbealach comhtháite agus cothrom.

Is é seo a leanas struchtúr an phlean;

Cuid A Comhthéacs Straitéiseach

Áiríonn an chuid seo forbhreathnú ar mhór-shaincheisteanna pleanála agus treoir le tionchar acu ar dhéanamh na bpolasaithe cuimsithe sa phlean. Aithnítear straitéis leathan a dhéileálann leis na saincheisteanna tábhachtacha, na straitéisí lonnaithe agus iompair mar phríomh-chomhábhair na straitéise seo.

Cuid B Polasaithe agus Cuspóirí

Tarraingíonn an chuid seo amach na polasaithe agus cuspóirí níos sonraithe atá de dhíth ar bhaint amach croí-straitéis an phlean. Clúdaíonn siad freisin limistéir agus saincheisteanna sonracha nach mór a chlúdach laistigh de Phlean Forbartha Contae. Chun cur i láthair réasúnta soiléir a thabhairt ar chuspóirí agus pholasaithe pleanála uile, tá anailís theicniúil agus ábhar cúlra tar éis a bheith coinnte chomh mion agus atá féideartha sa phlean. Cuirtear an léitheoir i dtreo bunfhoinse nó doiciméadú tacaíochta de réir mar atá iomchuí.

Cuid C Caighdeán Forbartha

Is eilimint eisintiúil i bhforfheidhmiú an Phlean Forbartha é an próiseas bainistíochta fhorbartha. Déanfar measúnú ar thairiscintí d'fhorbairt de réir réimse critéar lena n-áirítear na polasaithe plean forbartha ábhartha faoi leith. Cé go bhfuil sí cuimsitheach go leor, tá an chuid ar na caighdeáin forbartha ceaptha chun ró-shaintreorach a sheachaint de réir mar a bhaineann an Plean le forfheidhmiú na gcuspóirí agus na bpolasaithe seachas chun feidhmiú mar dhoiciméad teicniúil ar iarratais pleanála. Dá bharr sin is iad na caighdeáin Bainistíochta Forbartha léirithe sa phlean ná na caighdeáin íosta atá le comhlíonadh ag forbairtí ar fud an Chontae.

Aguisíní

Chun cur i láthair réasúnta soiléir agus inrochtana go héasca ar na straitéisí, cuspóirí agus polasaithe pleanála a chur ar fáil, tá na straitéisí éagsúla a dhéileálann le limistéir forbartha faoi leith tar éis a bheith ionchorpraithe isteach sa phlean mar aguisíní ar leith. Cuirfidh sé seo ar chumas léitheoirí le suim acu i ngné faoi leith rochtain a fháil go héasca ar an doiciméad ábhartha gan a bheith ualaithe ag doiciméid bhreise neamhriachtanacha. Áiríonn na hagusíní:

Aguisín I An Straitéis Mhiondíola

Aguisín II An Straitéis Tithíochta

Aguisín III An Straitéis Fhorbartha ar Fhuinneamh Gaoithe

Aguisín IV Taifead ar Struchtúir Chosanta

1.0.3 Forfheidhmiú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Príomhfheidhm an Phlean Forbartha Contae ná chun forbairt agus talamhúsáid de chuid Contae Loch Garman a threorú, a éascú agus a chur chun cinn. Nuair a glactar leis an bplean forbartha úsáidfear é mar bhonn chun cinntí infheidhtíochta a threorú don earnáil poiblí agus príobháideach araon. Mar an phríomh-Ghníomhaireacht Forbartha, tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae Loch Garman i bhforfheidhmiú na polasaithe agus na cuspóirí cuimsithe sa Phlean agus freisin ina ról maighdeogach mar 'chumasóir'.

Beidh sé de dhíth ar an Údarás Áitiúil forbróirí a aimsiú chun ionchorprú a dhéanamh ar chuspóirí an phlean seo, lena n-áirítear iad siúd bainteach le soláthar bonneagar fisiceach agus sóisialta, isteach ina dtograí forbartha ar leithligh. Beidh creatlach sonrach an pholasaí áitiúil ar a ndéanfaí tograí forbartha ar leithligh a mheasúnú in ionaid uirbeacha laistigh de Phleananna Forbartha Bailte agus Pleananna Limistéir Áitiúil éagsúla. Geobhaidh na pleananna níos ísle seo a gcuid eolais ó na polasaithe cuimsithe sa Phlean Forbartha.

Sonraíonn Alt 15 (2) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 "nach dtabharfaidh Bainisteoir de chuid Údarás Pleanála, gan a bheith níos mó ná dhá bhliain i ndiaidh déanamh plean Forbartha, tuarascáil do bhaill an Údaráis Pleanála ar an dul chun cinn bainte amach i gcuspóirí an Phlean a dheimhniú".

Táthar tar éis cinneadh a dhéanamh freisin foireann fhorfheidhmithe intí a bhunú déanta suas de ghrúpa oifigigh sinsearach ildisciplíneacha le téarmaí tagartha acu chun a chinntiú go tógtar gach céim riachtanach chun baint amach an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú. Rachaidh an foireann Fhorfheidhmithe i gcomhairle le Coiste an Pholasaí Straitéiseach Pleanála ar bhonn rialta. Déanfaidh Coiste an Pholasaí Straitéiseach Pleanála moltaí chuig an gComhairle i leith forfheidhmiú an Phlean Forbartha Contae mar is gá.

Tá sé molta freisin sraith de thuarascálacha monatóireachta a tháirgeadh. Baineann na tuarascálacha monatóireachta seo leis na príomh-réimsí de;

Timpeallacht: Tuarascálacha Caighdeáin Uisce Dromchla agus Talún,

Staitisticí Iarratais Pleanála

Tithíocht: Aischuir Infhaighteachta Talamh Tithíochta, forfheidhmiú na Straitéise Tithíochta maidir le seachadadh tithíocht sóisialta agus inacmhainne, sonraí an Phríomhoifig Staidrimh

Sonraí Sóisialta & Eacnamaíochta

CAIBIDIL 1

Comhthéacs Pleanála agus Próifíl Chontae

1.1 Comhthéacs Pleanála

- 1.1.1 An Straitéis Náisiúnta Spásúil
- 1.1.2 Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Thoir – Theas
- 1.1.3 Bord Forbartha Contae
- 1.1.4 Plean Forbartha Náisiúnta 2006-2012
- 1.1.5 Treoirínte Pleanála Náisiúnta
- 1.1.6 Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola

1.2 Próifíl Chontae


- 1.2.1 Claontaí agus Saincheisteanna Reatha
- 1.2.2 Príomhchlaontaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha
- 1.2.3 Réamh-Mheastacháin Daonra don Todhchaí
- 1.2.4 Próifíl Aoise an Chontae
- 1.2.5 Claontaí Socheacnamaíocha
- 1.2.6 Claontaí Forbartha Fisiceacha

1.1 Comhthéacs Pleanála

Cé gurb iad Pleananna Forbartha an doiciméad pleanála bunúsach don Chontae, cuireann na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000 – 2006 a ndéanamh laistigh de chreatlach spásúil náisiúnta agus réigiúnach. Tá an Straitéis Náisiúnta Spásúil (SNS) agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (Réigiún Thoir Theas) mar an dá bhun-straitéis, nach mór d'athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae aird a thabhairt orthu. Áiríonn pleananna agus straitéisí eile atá tógtha san áireamh ag athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae i ndéanamh a pholasaithe: 'Remodelling the Model County' an Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir Theas 2002 – 2012 de chuid Bord Forbartha Chontae Loch Garman agus na Treoirlínte Pleanála Náisiúnta.

1.1.1 An Straitéis Náisiúnta Spásúil

Tá an Straitéis Náisiúnta Spásúil (SNS) deartha chun cothrom níos fearr de mhéadú daonra agus d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíocha agus fisiceach a bhaint amach idir réigiúin agus chun gach áit sa tír a éascú chun teacht ar a bpoitéinseal eacnamaíoch. Tá a fócas ar dhaoine, áiteanna agus ar phobail a thógáil. Bainfear é seo amach trí mheaitseáil níos dlúithe idir an áit ina chónaíonn daoine agus an áit ina oibríonn siad.



Foinse: Straitéis Náisiúnta Spásúil 2005

Is í príomhaidhm an SNS ná chun,

"improve the quality of life of all citizens, bringing jobs closer to where people live, improving our environment and building a strong sustainable economic future for ourselves and our children"

Gné ríthábhachtach i bhforfheidhmiú rathúil den SNS sa Réigiún Thoir Theas ná an feabhsú de Phort Láirge mar Gheata, tacaithe ag Loch Garman agus Cill Chainnigh mar Mhoil. Foirmeoidh an trí háit seo i dteannta a chéile 'triantán fáis' atá straitéiseach go náisiúnta. Cabhróidh mais chriticiúil daonra chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíocha agus caighdeán beatha níos fearr. Faoi seach tabharfaidh forbairt Baile Loch Garman mar mhol fuinneamh do bhailte agus limistéir tuaithe níos lú atá faoina thionchar.

Aithnítear Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin mar ionaid uirbeacha thábhachtacha ag soláthar réimse seirbhísí agus deiseanna do fhostaíocht agus feidhmeoidh bailte agus sráidbhailte níos lú ar fud an Chontae mar fhócas do ghníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch chomh maith le tithíocht chónaithe.

Sonraíonn an SNS go mbeidh seasamh ríthábhachtach ag tréithe, suíomh, comhchruinniú agus dáileadh de gníomhaíocht eacnamaíoch sa todhchaí ar bhaint amach forbairt spásúil níos cothroime.

Tá an Plean Forbartha Contae tar éis aird a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna le tionchar acu ar fhorbairt an Réigiúin Thoir Theas agus tábhacht straitéiseach Loch Garman mar an 'Geatabhealach' ainmnithe. Léiríonn polasaithe an Phlean ar fhorbairt eacnamaíoch, iompar bonneagair agus a straitéis lonnaithe aitheantas na comhairle ar an tábhacht a bhaineann le háis forbartha láidir idir Loch Garman mar 'mhol' fáis agus Port Láirge mar 'Ionad Geatabhealaigh', Aithníonn an Phlean an 'áis forbartha' seo mar eochar chuig forfheidhmiú rathúil na Straitéise Náisiúnta Spásúil agus forbairt eacnamaíoch na tíre sa todhchaí.

Soláthraíonn an SNS do chreatlach náisiúnta spásúil. Comhlíonann an Plean Forbartha seo an múnla SNS i dtéarmaí fás cothrom inbhuanaithe agus i bpoitéinseal fáis Chontae Loch Garman a uasmhéadú.

1.1.2 Treoirínte Pleanála Réigiúnacha Thoir - Theas

Tá ról tábhachtach tar éis a bheith tugtha d'Údaráis Réigiúnacha i bhforfheidhmiú an SNS trí straitéisí socheacnamaíocha réigiúnacha agus treoirínte pleanála réigiúnacha a ullmhú agus a fhorfheidhmiú. Tá sé ceaptha go neartóidh na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha pleananna forbartha údaráis

áitiúil, ag déileáil le saincheistean na n-áite lonnaithe, iompar, forbairt thionsclaíoch, áiseanna pobail agus cosaint timpeallachta.

Is féidir príomhchuspóirí na dTreoirí a achoimriú mar seo a leanas:

- chun soláthar dóthanach de sheirbhísí poiblí a chinntiú chun cead a thabhairt d'fhorbairt ordúil;
- chun cruthú post agus forbairt thionsclaíoch a éascú;
- chun sráidbhailte eiseadh a choimeád agus a fhorbairt;
- chun limistéir seanchaite a fhorbairt agus a athnuachan;
- chun áiseanna a chaomhnú agus a fheabhsú agus
- chun forbairt a threorú agus a rialú ar mhaithe leis an leas coitianta.

Ní mór do gach Udarás Pleanála aird a thabhairt ar Threoirí Pleanála Réigiúnacha uchtaithe nuair atá Plean Forbartha á dhéanamh. Tá an Plean Forbartha seo tar éis a bheith déanta ag úsáid na treoirí mar chreatlach chun na gnéithe straitéiseacha de pleanáil a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil.

1.1.3 Bord Forbartha Contae

Is straitéis deich mbliana í dhoiciméad Bord Forbartha Chontae Loch Garman dár teideal "Remodelling the Model County" le haghaidh an fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha de Loch Garman. Is í aidhm an doiciméid ná straitéisí a fhorfheidhmiú ar fud an chontae trí chur chuige comhpháirtíochta le bunús leathan. Is iad príomhspriocanna na straitéise ná chun:

- Eacnamaíocht bheoga áitiúil a fhorbairt,
- Ár ndaoine a fhorbairt chun deiseanna fostaíochta a chruthú do gach earnáil den phobal,
- An bonneagar a fhorbairt chun forbairt eacnamaíoch a éascú agus a chur chun cinn,
- Loch Garman a fhorbairt mar gheata d'fhorbairt,
- Turasóireacht a fhorbairt,
- An tuairim de sheirbhís poiblí sa tsochaí a fhorbairt agus luacháil,
- Caighdeán beatha na ndaoine i Loch Garman a fheabhsú
- Rochtain a chinntiú do gach teaghlach do thithíocht inacmhainne nó lóistín de chaighdeán maith atá inghlactha go cultúrtha, a oireann dá chuid riachtanais, suite i bpobal inbhuanaithe agus i dtionacht dá rogha chomh fada agus atá féideartha,
- Cur chuige rianúil a thógáil a sholáthróidh deiseanna foghlama fadsaoil do chónaitheoirí uile Chontae Loch Garman,
- Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn
- Timpeallacht ardchaighdeán a fheabhsú agus a chur chun cinn,
- Bheith mar Chontae beoga fáilteach, le meas ar shochaí ilchultúrtha,
- Contae Loch Garman a fhorbairt mar ionad ealaíne agus cultúir,
- Rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú trí réimse leathan de ghníomhaíochtaí fóillíochta a sholáthar atá inrochtana agus inacmhainne do chách

- Cultúr forbartha inbhuanaithe a chruthú a fheastalaíonn ar riachtanais reatha gan cumas glúine na todhchaí i dtaobh freastal ar a riachtanais féin a chur i gcontúirt – Clár Oibre Áitiúil 21.

1.1.4 Plean Forbartha Náisiúnta 2006-2012

Ullmhaíodh an Plean Forbartha Náisiúnta chun an fhorbairt d'eacnamaíocht iomaíoch dhinimiciúil thar an tréimhse 2006-2012 a fhothacú. Is é an PFN an plean infheistíochta is mó agus is uaillmhianaí a ceapadh riamh d'Éire. Áiríonn sé infheistíocht d'os cionn EUR 52 bhilliún de chistí Poiblí, Príobháideacha agus AE thar an tréimhse 2006-2012. Cuimsíonn sé roinnt cuspóirí infheistíochta straitéiseacha don réigiún thoir theas lena n-áirítear mórscéimeanna feabhsuithe bóthair, áiseanna cúram leanaí, bainistíocht dramhaíola srl. Meastar go bhfuil an Plean Forbartha Contae seasmhach leis an bplean seo.

1.1.5 Treoirínte Pleanála Náisiúnta

Tá sé de dhíth ar Údarás Pleanála faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2006 aird a thabhairt ar Threoirínte na nAirí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Áiríonn siad seo:

- Treoirínte Cosanta um Oidhreacht Ailtireachta
- Treoirínte Áiseanna Cúram Leanaí
- Treoirínte Pleananna Forbartha (Dréacht)
- Ag forfheidhmiú Treoirínte Pleanála Réigiúnacha
- Tírdhreach agus Measúnuithe Tírdhreacha (Dréacht)
- Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha
- Treoirínte Dlús Cónaithe
- Measúnú Timpeallachta Straitéisigh
- Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe
- Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta
- Treoirínte ar Fhuinneamh Gaoithe

1.1.6 Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir – Theas

Uchtaíodh Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir-Theas in Iúil 2002. Is é 2002-2021 tréimhse an phlean. Is é cuspóir an phlean ná:

- Cosc agus íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn trí laghdú foinse, freagracht táirgeora agus meabhraíocht phoiblí; agus
- An bhainistíocht de athghabháil/ athchúrsáil/ diúscairt dramhaíola a éiríonn ar bhonn réigiúnach.


1.2.0 Próifíl Chontae

1.2.1 Claontaí agus Saincheistean Reatha

1.2.2 Príomhchlaontaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha

Tá réamhshonraí ó Dhaonáireamh 2006 tar éis a léiriú gur mhéadaigh daonra an réigiúin Thoir Theas 8.7% go 460,474. Laistigh den réigiún, tá Co. Loch Garman tar éis méadú go 131,615 duine, is ionann é sin agus sciar 28.5% de dhaonra an réigiúin; freisin thaifead Loch Garman an ráta fáis is airde de 12.9%.


I gcomparáid, tá daonra Co. Phort Láirge in iomlán, tar éis fás go 107,942 duine - ráta fáis iomlán de 6.3%. Tá daonra Cathair Phort Láirge tar éis fás le 2.6% go 45,775, tá Co. Cheatharlach tar éis a ráta fáis seasta a bhí soiléir i nDaonáireamh 2002 a choinneáil agus tá se tar éis fás le 9.7% go 50,471 tá Co. Chill Chainnigh tar éis fás le 8.8% go 87,394 agus tá Tiobraid Árann Theas tar éis fás le 5.0% go 83,052.



Figiúr 1. Athrú Daonra ar fud an Réigiúin Thoir Theas


1.2.3 Réigiún Thoir Theas- Comhábhair athraithe Daonra

Tá daonra Co. Loch Garman féin tar éis méadú le 15,019 duine ó 2002. Léiríonn Figiúr 2 na comhábhair athraithe daonra laistigh de gach contae sa réigiún. Is mar thoradh ar imirce isteach é 10,700 (71%) den mhéadú i Loch Garman, meastar go bhfuil sé seo ard i gcomparáid leis na contaetha eile laistigh den réigiún Thoir Theas.



Figiúr 2: Comhábhair Athraithe Daonra sa Réigiún Thoir Theas

Toghcheantair Chontae Loch Garman




Figiúr 3: Daonra Toghcheantair Chontae Loch Garman


Léiríonn Figiúr 3 Daonra na dToghcheantar laistigh den Chontae i 2002 agus 2006. Tá Toghcheantar Loch Garman fós mar an Toghcheantar is mó le daonra de 43,640. Is é Inis Córthaidh an dara toghcheantar is mó ag 31,790, agus leanta ag Guaire agus Ros Mhic Thriúin le 29,274 agus 26,911, faoi seach i 2006.

Daonra 2006 i gContae Loch Garman¹.

¹ Réamh-Thuairisc Daonra, Daonáireamh 2006, CSO.


Léiríonn an léarscáil seo a leanas na méaduithe comhréireacha (%) daonra sa Chontae atá soiléir ó Dhaonáireamh 2002 go 2006. Tá limistéar Ghuaire leanúint ag fás le daonra formhór na dToghranna ag méadú, go leor díobh ag os cionn 20% ó 2002, tréimhse 4 bliana. Tá méaduithe daonra tar éis a bheith ar fud limistéir Inis Córthaidh, idir 5% agus 15% den chuid is mó. Tá limistéir Ros Mhic Thriúin agus Loch Garman tar éis fás go seasmhach freisin, cé go bhfuil roinnt Toghranna tar éis laghdú sa daonra a léiríú i dtréimhse an Daonáirimh go 2006.






1.2.4 Claontaí Dlús Daonra

Tugann Dlús Daonra comhartha d'eisiocaíocht dhaoine ar fud limistéar agus tá sé tomhastha trí an líon daoine in aghaidh an heicteáir a ríomh. Cé go bhfuil sé úsáideach an líon daoine in aghaidh na Toghroinne a thabhairt faoi deara, is féidir le ríomh an dlús daonra de thoghcheantair comharthú níos fearr a thabhairt ar an scaipeadh daonra laistigh den Chontae, is cuma faoi mhéid na Toghroinne. Tá dlús daonra de .49 duine in aghaidh an heicteáir talaimh ag an réigiún Thoir Theas agus tá .32 duine in aghaidh an heicteáir ag an Stát. Tá dlús daonra de .55 duine in aghaidh an heicteáir talaimh ag Contae Loch Garman in iomlán. Mar sin féin, éagsúlaíonn an dlús daonra go mór ar fud an Chontae. Léiríonn na cairteacha dlús daonra Chontae Loch Garman agus na claontaí ó 1986 go 2006, tréimhse 20 bliain



I 1986, bhí leibhéal comhchruinnithe daonra thart ar na limistéir Uirbeacha. Bhí dlús daonra íseal ag formhór na limistéir i mBaile Loch Garman agus gan ach limistéir forimeallacha Bhaile Loch Garman ag tosú ag comharthú go raibh an dlús ag méadú. Léirigh na Bailte agus sráidbhailte móra ar nós Bun Clóidí agus Fearna agus Baile Hac dlús daonra níos airde ná an chuid eile den Chontae.




Bhí éifeacht chinnte ag an méadú daonra sa tréimhse 1986 go 1996 ar dhlús daonra na limistéar tuaithe agus bhí aistriú daonra sna príomhlimistéir uirbeacha soiléir.

Bhí baile Loch Garman ag léiriú comharthaí de mhéadú dlúis freisin, cé gur fhan dorchla Ros Mhic Thriúin-Loch Garman íseal go leor le roinnt limistéir ag laghdú i ndlús daonra.

Mhéadaigh dlús daonra an limistéir ó Inis Córthaidh go Loch Garman sa tréimhse seo.

Léiríonn an léarscáil thíos dlús daonra an Chontae i 2006 agus comharthaíonn sé méadú ar an gcomhchruinniú daoine ar fud an Chontae ó 1996 Tá na méaduithe daonra i limistéar Guaire tar éis tosú ag sceitheadh síos. Léiríonn limistéar níos leithne Inis Córthaidh go Baile Loch Garman agus na limistéir chósta dlús daonra atá méadaithe go suntasach, cé go bhfanann taobh thiar an chontae íseal, seachas Ros Mhic Thriúin agus Bun Clóidí.



D'eirigh daonra dorchla Inis Córthaidh-Loch Garman níos dlúithe.

Fanann dlús daonra an taoibh iartharaigh níos ísle ná an taoibh oirthearach, cé go bhfuil comharthaí go bhfuil daonra limistéar níos leithne Ros Mhic Thriúin ag éirí níos dlúithe agus ag sceitheadh isteach san Toghranna cóngaracha, i dtreo Inis Córthaidh agus Loch Garman.

Tá cósta Theas an Chontae ag méadú i ndlús daonra freisin.

Is iad príomhthorthaí na hAnailíse ar Dhlús Daonra ná:

- ❑ Tá dlús daonra níos airde ag Contae Loch Garman ná an réigiún Thoir Theas in iomlán agus ná an Stát ina iomlán, le meán de .55 duine in aghaidh an heicteáir.
- ❑ Laistigh den Chontae, tá na dlúis daonra is airde soiléir sna limistéir timpeall cheithre phríomhbhaile Loch Garman, Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire agus sna sráidbhailte níos mó, Bun Clóidí, Fearna agus An Chill Mhór.
- ❑ Tá na méaduithe daonra tar éis dlús daonra limistéir tuaithe an Chontae a mhéadú níos mó ná dlús na limistéar uirbeacha den Chontae.
- ❑ Tá na limistéir uirbeacha tar éis fanúint ard i ndlús daonra thar an 20 bliain atá imithe.
- ❑ Tá comhchruinniú cinnte daonra tar éis a bheith ar thaobh oirthearach an Chontae, go háirithe i limistéir Guaire agus Loch Garman agus ag tosú ag teacht amach i limistéar Inis Córthaidh ar thaobh Loch Garman.
- ❑ Fanann taobh iartharach an Chontae níos ísle i ndlús daonra ná an chuid eile den Chontae.

1.2.5 Réamh-Mheastacháin don Todhchaí

Tá Daonáireamh 2006, chomh maith le hanailís ar an Daonáireamh roimhe agus an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil, tar éis léargas a thabhairt ar na haistrithe daonra le blianta beaga anuas. Tá fianaise ar éifeacht sceite soiléir ach go háirithe ó Bhaile Átha Cliath chuig na réigiúin Thoir Theas. Dírionn líon na n-iaratas pleanála faighte ag Comhairle Chontae Loch Garman ar mhéadú leantach i ndaonra an Chontae.

Ciallóidh ainmniú Baile Loch Garman mar mhol faoin Straitéis Náisiúnta Spásúil go leanfaidh an daonra ag méadú sa todhchaí. Mar thoradh ar infheistíocht chaipitil méadaithe i dteannta leis an 'mais chriticiúil' atá riachtanach chun an 'triantán fáis' straitéiseach a choimeád, beidh gá le daonra de 40,000 sna blianta suas go 2020.

Réamh-mheasann an tábla seo a leanas na méaduithe daonra ó 2006 go 2016, ag úsáid foshuímh éagsúla imirce, toisc go bhfuil sé tar éis a bheith léirithe mar an fachtóir criticiúil i méaduithe daonra, go háirithe i gContae Loch Garman le blianta beaga anuas ².


Foshuíomh Imirce	Daonra 2011	Daonra 2016
Lean le hImirce ag 13,375 in aghaidh an tréimhse 5 bliana	153,090	177,110
75% de threocht Imirce 2002-2006	149,750	169,680
50% de threocht Imirce 2002-2006	146,410	162,240
Gan aon Imirce	139,720	147,380

Réamh-mheasann an tábla thuas daonra Chontae Loch Garman ag úsáid foshuímh go leanfadh imirce ar aghaidh ag a leibhéal reatha agus freisin léirítear an daonra réamh-mheasta do 75%, 50% de threochtaí reatha i dteannta le foshuíomh de ghan aon imirce don Chontae. Léiríonn an chairt thíos na foshuímh éagsúla.

Má leanann imirce ar aghaidh ag a ráta reatha, méadóidh an daonra go 153,090 i 5 bliana agus 177,110 i 10 mbliana go 2016, méadú breise de 45,000 sa daonra.

Ar aon taobh eile den scála gan aon imirce, méadóidh an daonra go 147,880 bunaithe ar mhéadú nádúrtha amháin, méadú de 15,755 sa chéad.


² Samhail Dhaonra Eacnaiméadrach Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, 2006.



Figiór 4 Daonra Réamh-Mheasta de Cho. Loch Garman -2016
Samhaltú Eacnaiméadrach Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (2006)³

Próifíl Aoise an Chontae

Aoiseanna de Dhaonra Loch Garman de réir Catagóir 1991-2002



Tá próifíl aoise an Chontae léirithe sa chairt thuas a léiríonn an phróifíl briste síos thar an trí “Dhaonáireamh” go 2002. Níl fíorphróifílí aoise ar fáil fós le haghaidh Daonáireamh 2006 agus ina áit tugtar próifíl réamh-mheasta bunaithe ar


³ Réamhthorthaí Daonra 2006

fhigiúirí imirce agus méadúithe nádúrtha⁴. Léiríonn an chairt an daonra ard ógánach (10-14 bliana) sa Chontae i 1991, nach bhfuil coimeádta sa Daonáireamh ina dhiaidh 1996. Le fírinne, tá laghdú suntasach laistigh de phróifíl an aoisghrúpa 15-25 bliana ag Daonáirimh 1991 agus 1996 agus ar leibhéal níos lú i 2002. Is féidir le cailteanas an aoisghrúpa a bheith mínithe go pointe ag ganntanas deiseanna fostaíochta agus deiseanna oideachais trí leibhéil laistigh den Chontae.

Léiríonn an graf freisin an imirce isteach a tharla sa Chontae go dtí 2002, go háirithe le haghaidh na haoisghrúpaí 25-40. Tá sé seo dianaithe níos mó i 2006, de réir an phróifíl réamh-mheasta. Tugann an NIRSA (Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil) atá lonnaithe in Ollscoil na hÉireann, Mhaigh Nuad ⁵, an aoisghrúpa 'Rithábhachtach go Déimeagrafach' ar an aoisghrúpa seo. Sonraíonn sé go mbeidh limistéar le leibhéal ard den aoisghrúpa 25-40 níos dóchúlú a dhaonra a choinneáil sa todhchaí. Sonraíonn an NIRSA freisin toisc go bhfuil an aois grúpa seo níos dóchúlú chun a bheith mar saothraithe, gur féidir leo tairbhí láidre a sholáthar d'eacnamaíocht an limistéir ina gcónaíonn siad, chomh fada agus atá na deiseanna ann dóibh le ranníocaíocht.

Léirítear an ráta breithe méadaithe do dhaonra 2002 sa mhéadú ar an aoisghrúpa 0-4 bliana atá réamh-mheasta chun tuilleadh meadú a bheith aige isteach i 2006.

Claontaí Socheacnamaíocha



Léiríonn an tábla thuas an difríocht idir Stádas Eacnamaíoch Dhaonra an Chontae idir 1996 agus 2002. Le méadú daonra tá sé nádúrtha go méadóidh an líon i ngach catagóir dá réir, mar sin féin tá méadú suntasach tar éis teacht

⁴ Samhail Dhaonra Eacnaiméadrach Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

⁵ Ollscoil na hÉireann, Mhaigh Nuad 2005

ar líon na ndaoine ag obair agus laghdú ar an líon atá ag 'Tabhairt aire do bhaile/theaghlach' agus líon na ndaoine dífhostaithe.

Mar sin féin, forbairt níos imníche í nádúr imeallach an mhéadaithe ar líon na mac léinn sa Chontae nár mhéadaigh ach le 200 ó 8177 go 8377, in ainneoin na méaduithe daonra.

Bunaithe ar an bPríomhstádas Eacnamaíochta agus tógtha mar chéatadán den Fhórsa Saothair, tá ráta Dífhostaíochta iomlán de 10.5% ag Contae Loch Garman, tá ráta dífhostaíochta iomlán de 9.5% ag an Réigiún Thoir Theas agus tá ráta dífhostaíochta de 8.8% ag an Stát.

Table 1: Labour Force and Unemployed for Wexford Towns over 1500 people

	Total Labour Force	Unemployed	Unemployment Rate
Wexford	7,925	912	11.5%
Enniscorthy	3,654	614	16.8%
New Ross	2,777	382	13.7%
Gorey	2,353	253	10.8%

Foinse: Daonáireamh 2002.

Léiríonn an tábla thíos Grúpa Tionscalaíoch Leathan de dhaonra Chontae Loch Garman, an Réigiún Thoir Theas agus an Stát, 2002.


Struchtúr Dífhostaíochta i gContae Loch Garman, sa réigiún Thoir Theas agus sa Stát 2002

	Loch Garman	Réigiún Thoir Theas	An Stát
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	10.5%	9.9%	1.2%
Mianadóireacht, Cairéalú agus Móin	.3%	.4%	.1%
Déantúsaíocht	14.5%	18%	11.4%
Soláthar Uisce, Gáis agus Leictreachais	.6%	.5%	.3%
Tógáil agus Foirgneoireacht	13.1%	10.8%	1.1%
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	15.1%	13.8%	14.7%
Óstlanna agus Bialanna	6%	5.3%	6.6%
Iompar, stóráil agus cumarsáid	4.8%	4.3%	3.8%
Seirbhísí Airgeadais agus Baincéireachta	2.9%	2.6%	6.1%
Eastát Réadach	5.9%	5.9%	9.7%
Riarachán poiblí	4.9%	4.7%	6.3%
Oideachas	6.1%	6.5%	10.9%
Sláinte agus obair shóisialta	7.7%	8.5%	16.9%
Seirbhísí Pobail agus sóisialta eile	4%	3.8%	5.3%
Eile	3.6%	4.9%	5.8%

Foinse: POS 2002

Is í an trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola an earnáil is mó den eacnamaíocht faoi láthair, le os cionn 15% den daonra fostaithe san earnáil. Is í an earnáil

Thógála agus Foirgneoireachta an dara hearnáil is mó ag 13.1%. Tá siad seo níos airde ná na comhréireacha Réigiúin nó Stáit le haghaidh na hearnálacha céanna. Fanann Talmhaíocht níos tábhachtaí sa Chontae ná mar atá sé sa Réigiún Thoir Theas in iomlán nó sa Stát ag 10.5% den fórsa saothair. Beidh tionchar ag struchtúr eacnamaíochta an Chontae ar an meán leibhéal ioncain i gContae Loch Garman, mar atá comharthaithe i *County Wexford : A Strategy for Economic Development*⁶, cé go gcuireann easpa eolais dhomhain ar ioncain laistigh d'earnálacha teorainn leis an anailís d'éifeacht na n-earnálacha seo ar ioncam an Chontae.



Tá earnáil na nOstlann agus na mBialann níos tábhachtaí don Chontae ná don réigiún, ach ní don Stát ag 6% den fórsa saothair, cé go bhfostaíonn an earnáil lompair níos mó go comhréireach sa Chontae ná an réigiún nó an Stát. Níl earnálacha Oideachais, Sláinte agus Oibre Sóisialta agus Pobail agus Seirbhísí Sóisialta chomh tábhachtach sa Chontae agus atá siad sa Réigiún Thoir Theas nó sa Stát.

Contae Loch Garman- Tionsclaíoch Leathan	Grúpa	1986	1991	1996	2002
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht		24.8%	22.9%	17.7%	10.5%
Mianadóireacht, Táirgeadh móna		0.2%	0.2%	0.2%	0.3%
Tionscail déantúsaíochta		17.7%	18.0%	18.6%	14.5%
Soláthar uisce, gáis agus leictreachais		1.1%	0.9%	0.8%	0.6%
Tógáil agus foirgneoireacht		7.9%	8.1%	8.7%	13.1%
Seirbhísí Gnó, airgeadais, árachais		17.7%	18.8%	19.0%	23.9%

⁶ Peter Bacon & Comhpháirtithe, Comhairle Chontae Loch Garman 2000

agus trachtála				
Iompar, cumarsáid agus stóráil	5.2%	5.5%	5.4%	4.8%
Riarachán poiblí agus cosaint	4.1%	3.9%	3.4%	4.9%
Seirbhísí gairmiúla	13.7%	13.4%	15.1%	17.8%
Tionscail nó tionscal eile nach bhfuil luaite	7.4%	8.3%	11.0%	3.6%

Léiríonn an tábla agus an chart thuas eacnamaíocht athraithe Chontae Loch Garman ó 1986 go 2002. I 1986, d'fhostaigh an earnáil Thalmhaíochta 25% de dhaonra an Chontae. I 2002, bhí sé seo tar éis laghdú go 10%. Laghdaigh Tionscail Dhéantúsaíochta freisin i bhfostaíocht chomhréireach cé gur mhéadaigh an earnáil Tógála agus Foirgneoireachta go 13%. Is í earnáil na Seirbhísí Airgeadais agus Tráchtála an earnáil fhostaíochta is mó sa Chontae anois le 24% den Chontae fostaíthe inti. Tá earnáil na seirbhísí Gairmiúla tar éis méadú freisin ó 14% go 18% den daonra fostaíthe inti i 2002.

1.2.6 Claontáí Forbartha Fisiceacha

Díríonn líon na n-iarratais planála faighte isteach ag Comhairle Chontae Loch Garman ar mhéadú leantach i ndaonra an Chontae. Gan glacadh le haon imirce, tá daonra an Chontae measta le bheith ag 147,380 i 2016 bunaithe ar an bpróifíl aoise agus ar éifeachtaí an mhéadaithe nádúrtha amháin. Is é dearcadh roinnt anailísithe ná gur thoradh é seo ar shrianta acmhainne i limistéar Bhaile Átha Cliath.

Ba cheart do Loch Garman lena sciar 28.5% de dhaonra an réigiúin agus ag roghnú an meán athraitheas fáis (Imirce ag 50%) mar atá léirithe thuas, daonra de thart ar 162,000 a bhaint amach i 2016.

I bpolasaithe iomchuí i gcomhthéacs an Phlean á meas tá méadú daonra go 162,000 i 2016 tar éis a bheith mar an foshuíomh bunúsach, le lamháltas do thorthaí os cionn agus faoi bhun an fhiigiúir sin nuair is iomchuí.

CAIBIDIL 2

2.0 Straitéis Lonnaíochta

2.0 Réamhrá

2.1 Comhthéacs

2.2 Straitéis Lonnaíochta

2.3 Cliarlathas Lonnaíochta

2.3.1 Príomhlimistéar Fáis

2.3.2 Fo-Limistéar Fáis

2.3.3 Limistéar Fáis Straitéisigh

2.3.4 Limistéar Fáis Ceantair

2.3.5 Limistéar Fáis Áitiúil

2.3.6 Limistéar Fáis Shráidbhaile

2.3.7 Straitéis Lonnaíochta Tuaithe

2.4 Polasaí Tithíochta Tuaithe

2.4.1 Aithint na Cineálacha Limistéir Tuaithe

2.4.2 Limistéir faoi Thionchar Uirbeach Láidir

2.4.3 Limistéir Tuaithe Níos Láidre

2.4.4 Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag

2.4.5 Sealbhú

2.4.6 Nascadh Tuaithe

2.4.7 Forbairtí Braisle

2.0 Straitéis Lonnaíochta

Réamhrá

Leagann an chuid seo amach an straitéis lonnaíochta do Chontae Loch Garman do thréimhse an phlean agus ar aghaidh. Aithníonn an straitéis réamh-mheastacháin daonra táscach (féach caibidil 1) agus cliarlathas lonnaíochta bunaithe go príomha ar prionsabail na Straitéise Náisiúnta Spásúil. Is é comhábhar bunúsach an phlean ná fás daonra a spreagadh chun lonnú i mbailte agus sráidbhailte eiseach ina bhfuil an bonneagar riachtanach sóisialta pobail agus fisiceach ann. Aithníonn an plan an t-idirghaol agus an t-idirpleáchas idir chodanna éagsúla den Chontae agus de limistéir uirbeacha agus tuaithe, agus an riachtanas chun pleanáil le haghaidh leathadh spásúil cothromasach i dtreo is go roinntear na buntáistí fáis eacnamaíocha idir na limistéir uile.


Tá sí mar aidhm ag an straitéis seo chun réimse cineálacha tithe, áiseanna bonneagar, fónais agus córas iompair éifeachtach a sheachadadh. Mar thoradh éascóidh sí seo nascadh idir lonnaíochtaí, agus tacaíocht dá bhforleathnú agus táthú, agus in amhlaidh a dhéanamh, cabhrófar chun timpeallachta maireachtála ardchaighdeán a chruthú.

Soláthróidh an straitéis seo do chruthú cliarlathas lonnaíochta ag frithchaitheamh an ról forbartha atá ag gach cineál lonnaíochta agus a chuideoidh leis an gComhairle i gceapadh cuspóirí réadúla gur féidir a sheachadadh trí pholasaithe an Phlean.

2.1 Comhthéacs

Is é Contae Loch Garman ceann de na contaetha is mire fáis in Éirinn. Taispeánann réamhshonraí daonáirimh 2006 méadú daonra iomlán de 12.9% suas ó 116,596 duine i 2002 go 131,614 i 2006, fíormhéadú de 15,019.

Population of Co. Wexford 1901-2006



Tá an méadú de 15,019 duine níos suimiúla sa chúis is go bhfuil 71% den mhéadú seo (10,700) mar thoradh ar imirce isteach. Tá an leibhéal ard imirce seo mar thoradh i bpáirt ar chónagaracht Loch Garman go Baile Átha Cliath, a líne an chósta agus a dhúiche mhór gan mhilleadh, a thimpeallacht nádúrtha agus tógtha, agus a mhaoine cónaitheach inacmhainne i gcomparáid le Baile Átha Cliath.

2.2 Straitéis Lonnaíochta

Is é príomh chuspóir na straitéise spásúil seo ná chun tithíocht, tionscal agus forbairtí eile a spreagadh chun lonnú ar thailte críosaithe oiriúnacha nó i mbailte agus sráidbhailte eiseadh ina bhfuil an bonneagar sóisialta, pobail agus fisiceach iomchuí.

Tá an straitéis lonnaíochta seo leagtha amach roimhe seo sa Phlean Forbartha Contae 2001 bunaithe ar phatrún lonnaíochta polalárnach .i. chun bailte agus sráidbhailte eiseadh sa Chontae a fhorbairt agus a fhorleathnú. Cuireadh bac ar an straitéis seo ar bhonn áirithe trí easnaimh bhonneagair, mar sin féin tá an coincheap d'fhorbairt spásúil polalárnach tar éis a bheith coinnithe i dtreo is go leantar ar aghaidh le fáis daonra i lonnaíochtaí eiseadh ar fud an Chontae. Tá an straitéis tar éis a bheith scagtha chun aird a thabhairt ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha atá araon tar éis a bheith foilsithe ón uair a uchtaíodh an Plean Forbartha Contae deireanach.

Is é príonsabal bunúsach na straitéise lonnaíochta ná cead a thabhairt d'áitritheoirí an Chontae an ceart a bheith acu bailte a bhunú agus fostaíocht a fhail i ngarghaol dá chéile agus chun tairbhe a bhaint ó sheirbhísí bonneagair sóisialta, pobail agus fisicigh fóna.

2.3 Cliarlathas Lonnaíochta

Tá sí mar aidhm ag an straitéis seo naisc a éascú idir lonnaíochtaí agus a bhforleathnú agus a dtáthú a thacú, agus in amhlaidh a dhéanamh, timpeallacht maireachtála ardchaighdeáin a chruthú. Tá sí seo bainte amach trí an cruthú de chliarlathas lonnaíochta a frithchaitheann an ról forbartha atá ag gach lonnaíocht agus éascóidh sé seo an Chomhairle i gceapadh cuspóirí réadúla le haghaidh gach ceann de na lonnaíochtaí aitheanta

Chun na sráidbhailte agus na bailte is oiriúnaí a aithint le haghaidh cuimsiú san ordlathas lonnaíochta úsáideadh critéir roghnúcháin chun lonnaíochtaí a aithint ina raibh an bonneagar sóisialta agus fiseach riachtanach. Cuireadh mairtís le chéile d'áiseanna sóisialta (scoileanna, siopaí oifig an phoist, tithe tábhairne s.rl), rinneadh gach lonnaíocht a mheasúnú ina choinne. Rinneadh sráidbhailte/ bailte a ghearrliostú ar na seirbhísí ar fáil agus i gcomhair leis na bóithre, seirbhísí caipitil agus rannóga timpeallachta na comhairle contae, rinneadh na lonnaíochtaí seo a anailísiú chun príomh-shaincheisteanna a aithint a d'fhéadfadh a bpoitéinseal fáis a chur chun cinn nó a theorannú. Ag úsáid na sonraí dlús daonra cuimsithe le haghaidh Cuid 1.2.4, bhí sé féideartha roinnt treochtaí gluaiseachta daonra a aithint a breathnaíodh mar neamh-inmhianaithe m.sh. tiúchan daonra cinnte ar an taobh thoir den chontae. Ag úsáid na sonraí seo agus tar éis aitheantas iomlán a thabhairt don Straitéis Náisiúnta Spásúil, Treoirlínte Thoir Theas agus polasaithe ábhartha eile ar nós iompar, ullmhaíodh straitéis spásúil le haidhm aici chun cur chuige cothrom a

sholáthar chuig forbairt an chontae agus éascófar leathadh cothromasach ionas gur féidir le gach cuid den chontae tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le fás eacnamaíoch agus sóisialta.

Tá an straitéis lonnaíochta roinnte i méid sraitheanna cliarlathacha atá tar éis a bheith roghnaithe chun cuspóirí polasaí na Straitéise Náisiúnta Spásúil a threisiú. Taispeántar na sraitheanna cliarlathais i dtábla 2.1 agus táthar forleathnaithe sa chuid eile den chaibidil seo.

Tábla 2.1 Cliarlathas Lonnaíochta Chontae Loch Garman

Príomhlimistéar Fáis	Loch Garman
Fo-Limistéar Fáis	Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh, Guaire
Limistéir Fáis Straitéiseacha	Bun Clóidí, Baile Uí Choileáin, Cluain an Róistigh, Cam Eolaing, Baile an Droichid, Droichead Eoin, Ceann Poill, Calafort Ros Láir
Limistéir Fáis Ceantair	Fiodh Ard, Cúil Ghréine, Cill Mhucraise, Cé na Cille Móire, Teach Munna, Droichead an Chaisleáin, Carraig an Bhanú, Baile na Cúirte
Limistéir Fáis Áitiúla	Áth an Chorráin, Ros Láir, Brí, Dún Chormaic, Colmán, Dún Canann, Currach Cló, Maolán na nGabhar

2.3.1 Príomhlimistéar Fáis

Aithnítear Baile Loch Garman sa Straitéis Náisiúnta Spásúil mar mhol i dteannta le Cill Chainnigh agus Port Láirge mar gheataí a chruthóidh 'triantán fáis' straitéiseach náisiúnta sa réigiún thoir theas. Bunaíonn an SNS spriocphobal de 40,000 duine le haghaidh Loch Garman faoi 2020. Tá sé réamhghafa bunaithe ar éileamh taifeadta agus fás eacnamaíocha leanúnach gur féidir leis an bhfigiúr seo a bheith bainte amach cé go léiríonn sé dúshlán suntasach

2.3.2 Fo-Limistéar Fáis

Tá Ros Mhic Thriúin, agus Inis Córthaidh aitheanta san SNS mar eochairachmhainní uirbeacha a tharraingeoidh infheistíocht agus gníomhaíochtaí fostaíochta mar sa bhreis orthu sin go bhfuil gá dóibh a bheith lonnaithe in aice leis an mol agus an geata. Samhlaíonn an plan leibhéal ard

de ghníomhaíocht fostaíochta, siopadóireacht ard-oird agus réimse iomlán d'áiseanna sóisialta agus oideachasúla ionas gur féidir leis na bailte seo éirí neamhspleách agus gan forbairt isteach i mbailte suanacha do Bhaile Loch Garman.

Tá Guaire tar éis a bheith áirithe sa sraith cliarlathach de bharr a fhás daonra easpóntúil atá tar éis a bheith faoi thiomáint go mór de bharr a chóngaracht go Baile Átha Cliath. Aithníonn an plean go leanfaidh iomarlartú neamhinbhuanaithe ar aghaidh ó Ghuaire go Baile Átha Cliath sa ghearrthearma nó sa mheántearma, mar sin féin mar a leanann an daonra ag forleathnú, beidh mais chriticiúil bainte amach i nGuaire a éascóidh agus a choinneoidh an soláthar dá sheirbhísí agus tionscal féin uaidh sin ag laghdú a spleáchas ar Bhaile Átha Cliath go fadtéarmach.

Polasaí SS1

Forfheidhmeoidh an Chomhairle straitéis lonnaithe na Straitéise Náisiúnta Spásúil agus na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha don Réigiún Thoir Theas trí forbairt a chomhchruinniú isteach i lonnaithe ainmnithe.

Polasaí SS2

Spreagfaidh an Chomhairle tionscal tithíochta agus forbairtí eile i mbailte agus sráidbhailte eiseadh ina bhfuil an bonneagar riachtanach sóisialta, pobail agus fisicigh.

Polasaí SS3

Cuirfidh an Chomhairle an bonneagar riachtanach fisiceach agus sóisialta chun cinn sna lonnaitheaitheanta i dTábla 2.1 agus déanfar áiteanna níos tarraingí chun chónaithe astu.

Polasaí SS4

Cinnteooidh an Chomhairle go mbeidh na Príomhlimistéir agus Fo-Limistéir Fáis, chomh fada agus atá praiticiúil, neamhspleách, ag ionchorprú gníomhaíochtaí fostaíochta, seirbhísí miondíola, áiseanna sóisialta agus pobail

2.3.3 Limistéir Fáis Straitéiseacha

Áirithe sa sraith seo tá bailte agus lonnaitheaithe le naisc iompair deachaighdeáin. Úsáidfí agus tacóidh forbairt bhreise sna lonnaitheaithe seo leis an ngréasán iarnróid agus bóithre eiseadh.

Úsáidtear Calafort Ros Láir mar stáisiún cinn aistir líne iarnróid Bhaile Átha Cliath. Cé go bhfuil an Calafort, Baile an Droichid agus Droichead Eoin suite ar bhóithre Réigiúnacha tá siad suite freisin ar líne iarnróid Europort Ros Láir – Port Láirge – Luimneach. Tá an nasc iarnróid seo tearcúsáidte faoi láthair de bharr bonneagar críonadh le rothstoc as dáta, tá sé mar chuspóir (5.1.2) de chuid TPR an bealach seo a uasghrádú, tá sí mar aidhm na straitéise lonnaithe seo taca a chuir faoin bpolasaí seo trí phatrúin lonnaithe a chur chun cinn a úsáidfidh an nód iompair seo.

Sa bhreis ar dhea-naisc iompair, freisin soláthraíonn na lonnaithe seo dea-áiseanna bonneagair agus seirbhísí comhcheangailte le dea-bhonn daonra chun iad a choinneáil. Breathnófar ar fhoirmeacha forbartha oiriúnacha sna sráidbhailte seo lena n-áirítear forbairtí meán go hard dlúis i gcroí an tsráidbhaile

2.3.4 Limistéir Fáis Ceantair

Tá na limistéir fáis seo ainmnithe toisc go soláthraíonn siad réimse tábhachtach seirbhísí agus áiseanna do limistéar cúlchríche timpeallach mór. Scaipeann na pleananna straitéiseacha le haghaidh leathadh spásúil cothromasach ionas go bhfuil rochtain áitiúil ar sheirbhísí bunúsach ag gach saoránach agus gur féidir le gach limistéar roinnt sna buntáistí fáis eacnamaíocha.

Breathnófar ar fhorbairtí meándlúis, ní fhabhrófaí ard-dlús mura gcuirfeadh an fhorbairt le Carachtar Ailtireachta an tsráidbhaile.

Cuspóir SG 1

Tá sé mar chuspóir de chuid an Chomhairle Chontae ná Pleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú le haghaidh na limistéir seo a leanas:

Tábla 2.2

Bun Clóidí	Cúil Ghréine	Fearna	Droichead Eoin
Baile an Droichid	Baile na Cúirte	Cé na Cille Móire	
Droichead an Chaisleáin	Cluain an Róistigh	Cill Mhucraise	
Carraig an Bhanú	Cam Eolaing	Teach Munna	

2.3.5 Limistéir Fáis Áitiúla

Soláthraíonn na hionad seo réimse níos ísle de sheirbhísí agus áiseanna do daonra na garlimistéir timpeallacha. Gníomhaíonn siad mar an fócas do chaidreamh sóisialta agus soláthraítear le haghaidh naisc chuig na lonnaithe níos lú ina limistéir.

Ní foláir d'fhorbairtí aird a thabhairt ar Ráiteas Dearaidh. Spreagfaí ísealdlús go meándlús.

Cuspóir SG 2

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle Chontae Ráitis Dearaidh an tSráidbhaile a ullmhú chun dearadh comhbhách d'fhoirgnimh nua i sráidbhailte eiseadh a spreagadh sna limistéir seo a leanas:

Tábla 2.3 Bailte Fáis Áitiúla

Colmán	Dún Canann	Ros Láir	
Brí	Dún Chormaic		
Áth an Chorráin	An Chill Mhór		
Curach Cló	Maolán na nGabhar		

2.3.6 Limistéir Fáis Sráidbhailte

Is iad na limistéir seo na sraitheanna cliarlathacha is ísle. Bíonn claonadh ag na lonnaíochtaí seo bonn seirbhíse teoranta a bheith acu ach soláthraíonn siad pointe fócasach tábhachtach don chúlchríoch timpeallach mór. Aithníonn an Straitéis Náisiúnta Spásúil go bhféadfadh daoine ó limistéir uirbeacha cineál saoil tuaithe a lorg, agus go bhfuil ról tábhachtach ag bailte beaga agus sráidbhailte chun freastal ar an éileamh seo. Aithníonn an straitéis seo go mbíonn ról mór ag na pobail beoga ina gcónaí sna lonnaíochtaí seo i gcoinneáil an eacnamaíocht tuaithe.

Tá an Chomhairle Chontae tiomanta do phobail tuaithe beoga a choinneáil agus féachfar níos fabhraí ar thairiscintí le haghaidh an fhorbairt de sráidbhailte agus lonnaíochtaí eiseadh, ar choinníoll go bhfuil a leithéid d'fhorbairtí ar scála atá géilliúil do charachtar eiseadh an tsráidbhaile. Ní ghlacfaí ach le forbairtí ísealdlúis sna sráidbhailte seo.

2.3.7 Straitéis Lonnaíochta Tuaithe

Tá an Straitéis Lonnaíochta Tuaithe, mar atá leagtha amach sa Phlean bunaithe ar an ***Straitéis Náisiúnta Spásúil 2002-2020, na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha agus na Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe d'Údaráis Pleanála 2005*** eisithe ag an RCTRA. Tá an straitéis nasctha freisin le príomhghnéithe ar nós an Straitéis Tithíochta, brúnna forbartha léirchruthaithe, agus réamh-mheastacháin coibhneasacha ar nós leibhéil daonra don todhchaí, srl.

2.3.8 Lonnaíochtaí Sráidbhaile Nua

D'fhéadfadh an Chomhairle dul ar aghaidh chun Pleananna Limistéir Áitiúil a ullmhú chun an fhorbairt de phobail tuaithe nua a éascú. Ina leithéid de chásanna ina bhfuil sé stuama an t-ualach forbartha a ardú ó lonnaíochtaí beaga, inar féidir leis a bheith cruthaithe go mbeadh a leithéid d'fhorbairt seasmhach le fhorbairt spásúil agus inbhuanaithe den Chontae, breathnófar ar shráidbhailte nua.

Braithfidh forbairt na leithéid seo de phobail ar rochtain iompar poiblí nó iompar malartach, an soláthar d'áiseanna sóisialta fóna, an diúscairt oiriúnach fuillisce sa bhreis ar ardchaighdeán de dhearadh uirbeach agus dearadh foirgníochta inbhuanaithe.

Cuspóir SG3

Le haird ar an bhforbairt pleanála agus inbhuanaithe ceart den limistéar, breathnóidh an Chomhairle maidir ar fhorbairt lonnaíochtaí tuaithe nua. Bheadh a leithéid de scéimeanna faoi réir an t-ullmhúchán de Phlean Limistéir Áitiúil ag an gComhairle Chontae.

2.4 Beartas Tithíochta Tuaithe

Tá Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta do choinneáil agus d'fhás pobail tuaithe láidre ina gcónaí i mbailte, sráidbhailte, lonnaíochtaí agus amuigh faoin dtuath agus chun é seo a éascú agus a thacú trí a chuid cuspóirí, polasaithe agus cláir infheistíochta tuaithe. I bhfreastal ar an ngealltanas seo, aithníonn an Chomhairle an riachtanas chun an fhorbairt de thithíocht tuaithe i suímh oiriúnacha a cheadú, ar scála agus ag luas nach gcuirfidh isteach ar shaintréith spásúil sainiúil agus ar thimpeallacht tuaithe ardchaighdeán Loch Garman.

Tá sé riachtanach mar sin polasaí féaráilte agus cothrom a dhréachtú a chosnóidh an timpeallacht tuaithe ó rófhorbairt agus pobail tuaithe i gContae Loch Garman á threisiú agus á láidriú ag an am céanna.

Is í aidhm na Comhairle ná chun soláthar le haghaidh tithíocht chun:

- freastal ar riachtanais muintir na tuaithe agus a dteaghlaigh a bhfuil ceangail láidir acu le ceantar ar leithligh agus dóibh siúd go bhfuil sé riachtanach dóibh cur fúthu i limistéir tuaithe le haghaidh fostaíocht nó cúiseanna eacnamaíocha agus sóisialta riachtanacha eile.
- méid na forbartha spéacláireach treallach gur chóir a bheith lonnaithe níos iomchuí ar thailte seirbhísithe i mbailte agus sráidbhailte.
- Chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na Straitéise Tithíochta Tuaithe chun leibhéal iomarcach d'fhorbairt nó forbairt lonnaithe go neamhfhoiristeanach a sheachaint.

2.4.1 Aithint na Cineálacha Limistéir Tuaithe

De réir moltaí na Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe, scrúdaigh an tÚdarás Pleanála na claontaí daonra sa Chontae agus féachadh ar an t-éileamh maidir d'fhorbairt i limistéir tuaithe.

Comhbraíodh na líonmhaireachtaí daonra bunaithe ar réamh daonáireamh 2006. Tomhasadh na líonmhaireachtaí tré uimhir na ndaoine in aghaidh an heictéar lastigh de na toghranna a chomhaireamh, de réir miondealú in san réamh daonáireamh 2006 Tugann na dtorthaí comhartha do eisíocaíocht an daonra trasna an gContae, Tugann comhaireamh an líonmhaireacht daonra comhartha cruinn maidir le leathadh an daonra lastigh den gContae

Comhthéacs

De réir an réamh Daonáireamh 2006, tá meán líonmhaireacht daonra le 49 daoine in aghaidh an heictéar ag réigiún an Oirdheisceart fad is atá 32 daoine in aghaidh an heictéar ag an Stáit. Tá dlús daonra de .55 duine in aghaidh an heictéar talaimh ag Contae Loch Garman in iomlán. Mar sin féin, éagsúlaíonn an dlús daonra go suntasach trasna an Chontae.

Agus aird a thabhairt ar na Treoirlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe, tá an tÚdarás Pleanála tar éis trí chineál limistéir tuaithe leathan a aithint laistigh den Chontae.

- Limistéir faoi Bhrú Uirbeach Láidir;
- Limistéir Tuaithe Níos Láidre, agus
- Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag.



I roghnú an critéar úsáidte chun an trí chineál limistéir tuaithe a aithint ríomhadh na dlús seo a leanas:

6.0 +	Os Cionn Meán an gContae	Limistéir faoi Bhrú Uirbeach Láidir
3.3 – 5.9	Os Cionn Meán an Chontae & an Stáit	Limistéir Tuaithe Níos Láidre,
0.1 – 3.3	Faoi Bhun Meán an Chontae	Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag

Thug sé seo comhartha d'fhás agus dáileadh daonra, agus cheadaigh d'aitheantas limistéir, atá faoi bhrú d'fhorbairt.

Tá na limistéir seo taispeáinte ar Léarscáil 2

. Ba cheart go dtógfaí faoi deara gur léarscáil ghinearálaithe í seo ag comharthú go leathan suíomh de chineálacha difriúla limistéar maidir le cé acu iarratais indibhidiúla a déanfar measúnú níos mine orthu ar a gcuid buanna.



©Research Officer 2006

Léarscáil 2 Cineálacha Limistéir Tuaithe

2.4.2 Limistéir faoi Thionchar Uirbeach Láidir

Tá limistéir rangaithe faoi Thionchar Uirbeach Láidir taispeánta i Léarscáil 1. Léiríonn na limistéir seo na brúnna is mó d'fhorbairt de bharr:

- Cóngarachacht chuig na gar-purláin nó dobharcheantar garchomaitéireacht de bhailte móra.
- Daonraí atá ag éirí go sciobtha;
- Suíomh i limistéir de bhrú maith ann d'fhorbairt tithíochta agus cóngarachacht go hionaid uirbeacha móra; agus
- Cóngarachacht go mór-dhorchlaí iompair le rochtain réidh ar limistéir uirbeacha.

Is iad príomhchuspóirí an phlean fhorbartha sa limistéar seo ná,

- chun riachtanais tithíochta na ndaoine le nascadh tuaithe a éascú (féach cuid 2.2.6), faoi réir oiriúnacht láithreach agus tuiscintí teicniúla a shásamh,
- chun forbairt uirbeach ghinte a dhírú go limistéir criosaithe le haghaidh tithíocht sna bailte, sráidbhailte agus nóid lonnaithe teorantacha.

Polasaí SLT 1

Déanfaidh an Chomhairle freastal ar riachtanais tithíochta de dhaoine le nascadh tuaithe agus é mar riachtanach acu chun cónaí sa limistéar.

Polasaí SLT 2

Beidh forbairt tithíocht uirbeach ghinte dírithe isteach i lonnaithe ainmnithe.

2.4.3 Limistéir Tuaithe Níos Láidre

Sna limistéir seo (féach **Léarscáil 1**) tá leibhéal daonra sochair go ginearálta laistigh de struchtúir sráidbhaile dea-fhorbartha, agus sna cúlchríocha tuaithe níos leithne timpeall orthu.

Tá an seasmhacht seo tacaithe ag bonn eacnamaíochta láidir go traidisiúnta. Na critéir a bheidh ann d'fhorbairt a éascú sna limistéir seo ná chun freastal do thithe indibhidiúla i limistéir tuaithe agus chun spreagadh gníomhach a dhéanamh ar fhorbairt tithe i lonnaithe chun soláthar le haghaidh roghanna uirbeacha agus tuaithe cothrom sa mhargadh tithíochta nua.

Is é cur chuige iomlán an pholasaí ná chun forbairt tithíocht tuaithe d'úsáid féin na n-iarratasóirí a éascú, áit ina bhfuil an t-iarratasóir tar éis a bheith cónaitheach sa chontae le tréimhse gan a bheith níos lú ná deich mbliana.

Polasaí SLT 3

Tabharfaidh an Chomhairle tosaíocht d'fhorbairt lonnaíochtaí le bonneagar fuílluisce agus soláthar uisce fóna agus na lonnaíochtaí atá dírithe le haghaidh infheistíocht bhonneagair (féach tábla 2.2 agus 2.3)

2.4.4 Limistéir tuaithe de struchtúr lag

Taispeánann na limistéir seo tréithe ar nós fás agus dlús daonra níos ísle chomh maith le struchtúr eacnamaíocha níos laige. (féach Léarscáil 1)

Comhfhreagraíonn roinnt de na limistéir seo leis an ainmniú d'fhóntas radharcach agus mórscéimhe mar atá aitheanta sa Charachtar Measúnú Tírdhreacha agus limistéir leochaileach ar nós Láithreacha Ainmnithe AE. Beidh cumas an tírdhreacha chun forbairt a ionsú an mar phríomhghné sa mheasúnú de thairiscintí ina leithéid de limistéir.

An critéar d'fhorbairt a éascú sna limistéir seo ná chun freastal ar éileamh i dtáobh tithe forbartha cónaithe buan i limistéir tuaithe agus chun an fhorbairt de thithe i lonnaíochtaí a spreagadh go gníomhach.

Bainfear amach athbheochan bhreise de na limistéir seo trí pholasaithe Phlean Forbartha eile a fhorfheidhmiú a bheidh sí mar aidhm acu chun deiseanna forbartha a éascú trí athghiniúint na limistéar tuaithe níos laige seo a spreagadh trí an chur chun cinn agus tacaíocht de tionscadail forbartha eacnamaíocha cosúil le agrathurasóireacht, tionscal cineál tinteáin agus fiontar áitiúil, mar atá tagartha dóibh i gCaibidil 4: Forbairt Eacnamaíocha.

Cuireann na Treoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe an soláthar de leibhéal iomchuí tithíocht turasóireachta chun cinn i suímh oiriúnacha i Limistéir Tuaithe de Struchtúr Níos Laige. I measúnú a leithéid de thairiscintí tabharfaidh Comhairle Chontae Loch Garman aird ar a gcumas chun gníomhaíocht eacnamaíocha agus fás daonra a spreagadh, agus iad ag cinntiú nach déantar damáiste de na limistéir seo.

Ina theannta sin, soláthróidh na hionaid seirbhíse áitiúla, aitheanta i dTáblaí 2.2 agus 2.3 den Phlean seo, an fuinneamh do sheasmhacht fostaíochta agus daonra agus fás coinnithe go fadtéarmach.

Polasaí SLT 4

Ba cheart freastal ar an éileamh d'fhorbairt cónaithe buan i Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag de réir mar a thagann sé chun cinn, faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe den limistéar.

2.4.5 Sealbhú

Beidh ceaduithe pleanála uile brionta do thithe singil ar thalamh neamhchriosaithe sna limistéir aitheanta mar “Limistéir Faoi Bhrú Uirbeach Láidir” agus Limistéir Tuaithe Níos Láidre, leis an eisceacht d’fhorbairt i lonnaíochtaí tagartha i dTáblaí 2.1, 2.2 agus 2.3, faoi réir choinníoll sealbhaithe, de bhun Alt 47 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000. Beidh an tréimhse sealbhaithe teoranta go tréimhse cúig bliana ó dáta an chéad shealbhaithe.

Polasaí SLT5

Ceanglóidh an Chomhairle coinníoll sealbhaithe ar gach teach tuaithe aonuaire indibhidiúil ar thalamh neamhchriosaithe i limistéir sainmhínithe mar Faoi Bhrú Uirbeach Láidir agus Limistéir Tuaithe Níos Láidre, de bhun Alt 47 den Acht Pleanáil agus Forbairt 2000, ag teorannú úsáid an tí don iarratasóir agus a neasteaghlach, mar áit chónaithe buan. Beidh an tréimhse sealbhú teoranta le tearma cuig bliana ó dáta an chéad áitiúcht

Ní foláir don teach a bheith gafa mar áit chónaithe buan an úinéara iartheachtach. Áireoidh an t-údarás pleanála coinníoll ar gach teach dá leithéid ag teorannú úsáid an tí mar áit chónaithe bunúsach-buan. Ní bhreathnóidh an t-údarás pleanála go bhfabhrach ar iarratais iartheachtach ó dhaoine aonair a shínigh conarthaí sealbhaithe, le haghaidh cead pleanála do mhaoín chónaithe ar aon talamh neamhchriosaithe, go dtí síothlú an chéad tréimhse seacht mbliana atá tagartha in alt 2.4.5

•Limistéir faoi Bhrú Uirbeach Láidir; Ba cheart is go mbeadh nascannta tuaithe ag na h-iarratasóirí – feidhmítear sealbhú agus cónaitheacht seasata ar na gceadanna uile
• Limistéir Tuaithe Níos Láidre Oscailte do t-iarratasóirí ó Chontae Loch Garman ag tógáil a mbaile féin-feidhmítear sealbhú agus cónaitheacht seasta ar na gceadanna uile i dtaobh tithe aonarach
• Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag. Breathnófar ar fhorbairt spéacláireach – feidhmeofar coinníollacha sealbhaithe buan

2.4.6 Nascadh Tuaithe

Chun nascadh tuaithe a bhunú, ní foláir don iarratasóir léirchruthú, go sásamh an tÚdarás Pleanála, gur féidir leis/léi ceann de na critéar seo a leanas a chomhlíonadh:-

- Ball neasteaghlaigh (mac, iníon, máthair, athair, deirfiúr, deartháir) de shealbhóir tí eiseadh, gurb leo an mhaoín ar feadh tréimhse íosta de chúig bliana, gur mian leo teach cónaithe buan a thógáil dá úsáid féin sa limistéar áitiúil.
- Úinéir feirme nó ball neasteaghlaigh (mac, iníon, máthair, athair, deirfiúr, deartháir, oidhre) gur mian leo teach cónaithe buan a thógáil dá úsáid féin ar tailte teaghlaigh;
- Ball neasteaghlaigh gur mian leo cónaí taobh le tuismitheoirí scothaosta chun cúram agus tacaíocht a sholáthar nó a mhalairt;
- Daoine ag obair lánaimseartha nó páirtaimseartha ar bhonn buan, i limistéir tuaithe faoi leith, a bhfuil gá leo maidir le nádúr na hoibre a bheith cóngarach don láthair oibre;
- Daoine a saolaíodh agus a chónaigh ar feadh tréimhsí substaintiúla dá shaoil i limistéar tuaithe faoi leith, a bhog ón áit ansin agus gur mian leo anois filleadh ar a mbailte dúchais chun cónaí in aice le baill teaghlaigh eile , chun obair go háitiúil, chun cúram a sholáthar do bhaill teaghlaigh scothaosta nó dul ar scor; agus
- Aon duine gur féidir leo léirchruthú a dhéanamh ar an riachtanas chun cónaí i dtimpeallacht ar leithligh nó cóngarach do thacaíocht teaghlaigh
- Iarratasóirí atá mar cheannaitheoirí céad uaire agus atá atá tar éis a bheith cónaitheach sa limistéar uirbeach áitiúil ar feadh tréimhse nach bhfuil níos lú ná 10 mbliana

2.4.7 Forbairt Braisle

Beidh cineál forbairt braisle ceadaithe i bprionsabal i limistéir tuaithe sainmhínithe mar

Limistéir Tuaithe de Struchtúr Lag (cuid 2.4.4). Beidh forbairtí braisle ina leithéid de limistéir de Struchtúr lag déanta suas de ghrúpaí idir dhá agus cúig teach, ar phlásóg shainmhínitheach le scagadh nádúrtha, le bonneagar agus seirbhísí oiriúnacha agus fóna. Ba cheart go léireodh leagan amach na braisle an méid atá iomchuí don láthair.

D'fhéadfaí breathnú a thabhairt d'fhorbairtí cineál braisle suas le uasmhéid de 3 teach laistigh de na limistéir tuaithe sainmhínithe mar Limistéir Tuaithe Níos Láidre (cuid 2.4.3). Beidh an dualgas ar an bhforbróir/iarratasóir chun léirchruithú cruinn a dhéanamh nach bhfuil ró-chomhchruinniú de tithíocht tuaithe eiseadh nó ceadaithe laistigh den limistéar agus gur féidir freastal ar an bhforbairt go héasca gan droch-thionchar ar fhóntas radharcach an limistéir. Ní breathnófar ar fhorbairt braisle ach amháin laistigh de phlásóg sainmhínitheach le scagadh nádúrtha, le bonneagar agus seirbhísí oiriúnacha agus fóna.

Beidh forbairtí cineáil braisle uile faoi réir na nithe seo a leanas;

- bainfidh coinníollacha cónaitheachta buan le tithe uile
- córas cóireála fuílluisce indibhidiúil laistigh de gach láthair chónaithe agus soláthar uisce inólta
- ardchaighdeán nuálaíoch de dhearadh, leagan amach, agus lonnú i gcloí le suíomh tuaithe agus a seachnaíonn na héifeachtaí neamhfhabhracha de ró fhorbairt.
- Aird a thabhairt ar an dtreoir cuimsithe sa Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha agus iarracht ar an dtionchar radharcach a íoslaghdú i limistéir ainmnithe mar Thírdhreacha Mothálacha agus Leochaileacha.
- Comhlíonadh le Cuid 10.06 Inbhuanaitheacht Tógála

CAIBIDIL 3

3.0 Iompar

- 3.1.0 Comhthéacs
 - 3.1.1 Iompar Inbhuanaithe
 - 3.1.2 Rothaíocht agus Siúl
- 3.2 Bainistíocht Tráchta agus Sábháilteacht Bóithre
 - 3.2.1 Mórthairiscintí Bóthair
- 3.3.0 Bóithre
 - 3.3.1 Bóithre Náisiúnta
 - 3.3.2 Bóithre Réigiúnacha
 - 3.3.3 Bóithre Contae
 - 3.3.4 Seirbhísí Taobh Bóthair
- 3.4.0 Iarnród
- 3.5.0 Bus
- 3.6.0 Calafóirt
- 3.7.0 Aerfoirt

3.0 Iompar

3.1 Comhthéacs

Is é cuspóir fadtéarmach an Chomhairle Chontae ná an fhorbairt de chóras iompair inbhuanaithe comhtháite lena n-áirítear bóthar, iarnród, bus, rothaíocht agus siúl seachadta ag réimse soláthraithe agus oibreoirí, poiblí agus príobháideach araon.

Tá pleanáil talamhúsáid agus pleanáil iompair nasctha go d'fhuascailte agus tá a gcomhtháthú ceart mar phríomh-chinntitheach de inbhuanaithe na forbartha i dtéarmaí iompair. Tá talamhúsáid agus cleachtas iomchuí mar choinníoll riachtanach le haghaidh bainistíocht iompair rathúil. Áit ina bhfuil forbairt comhtháite i gceart le hiompar, beidh réimse roghanna iompair ag na daoine a taistealaíonn chuig nó ó fhorbairt. Áit ina bhfuil roghanna iompair ar fáil, éiríonn bearta bainistíocht chun taisteal ar shlite eile seachas gluaisteán a spreagadh níos inghlactha.

Aithnítear go bhfuil an soláthar de bonneagar bóithre mar eilimint rithabhachtach de sholáthar iompair laistigh den Chontae. Dá bhrí sin bíonn dlúth comhtháthú de iompair agus talamhúsáid eisintiúil chun go n-áiríthítear soláthar de na naisc is éifeachtaí, íoslaghdú a dhéanamh ar an t-éileamh i dtaobh taisteal, agus an t-úsáid is éifeachtaí de h-acmhainne. Tá an fhorbairt de chóras iompair straitéiseach éifeachtach ag éascú an ghluaiseacht de dhaoine, earraí agus seirbhísí eisintiúil d'fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialta an todhchaí i Loch Garman.

Tá an Chomhairle eolach ar a h-oibleagáidí do Chlár Oibre Áitiúil 21 maidir le hídiú breosla neamh-inathnuaithe a laghdú. Is féidir é seo a bhaint amach trí an úsáid d'iompar príobháideach a mhímhisiú i bhfabhar iompar poiblí, rothaíocht agus siúl.

Cuspóir T1

Chun an fhorbairt d'iompair poiblí, rothaíocht agus siúl a chur chun cinn mar mhodh malartach do thrácht gluaisteáin príobháideacha trí an fhorbairt de bhonneagar riachtanach a éascú agus a chur chun cinn.

3.1.1 Iompar Inbhuanaithe

I rith na déaga roimhe seo bhí pleanáil na timpeallacht tógtha deachtaithe go príomha ag an geoiméadracht de dhearadh bóthair. Tá an éifeacht d'úsáid gluaisteán a spreagadh tar éis a bheith ag seo, fiú le haghaidh turais a fhéadfaí a dhéanamh níos fearr ag rothaíocht nó siúl.

Ciallaíonn aisiompú an chlaonta seo dearadh le gach cineál gluaiseachta in aigne, ní an dearadh de leagan amach bóithre amháin. Nuair atá féideartha, ba cheart go mbeadh gluaiseacht ar chois, ar rothar nó ar iompar poiblí a bheith chomh héasca agus áiseach le húsáid gluaisteáin. Ní chiallaíonn sé seo an ghluaisteán a eisiamh, an rud is gá ná cothromaíocht iomchuí idir thrácht agus úsáidí eile chun cabhrú le timpeallacht spéisiúla, beoga, sábháilte agus suimiúla a chruthú.

Chun comhtháthú na naisc iompair a éascú agus chun forbairtí nua a ionchorprú go rathúil isteach i mbealaí iompair eiseadh, beidh **Measúnú Iompair** de dhíth ar an gComhairle le haghaidh forbairtí cónaitheacha nó úsáid measctha tábhachtacha straitéisigh. Díreoidh na Mionteagaisc Dearaidh Chomhtháite seo go háirithe ar leagan amach i dtaobh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach d'fhorbróirí dul i bhun comhairlithe agus roghanna a ullmhú do bhreathnú an Údaráis Pleanála. Go hidéalach ba cheart dul i mbun an phróisis seo roimh iarratas pleanála a chur isteach.

Polasaí ST 1

Beidh sé de dhíth ar an gComhairle go mbeadh Measúnuithe Iompair ullmhaithe le haghaidh forbairtí móra cónaitheach nó úsáid measctha

3.1.2 Rothaíocht & Siúl

Is modh iompair neamhdhíobhálach don timpeallacht, tíosach ar bhreosla agus sláintiúil iad rothaíocht agus siúl. Is roghanna malartacha ar iompar feithicleach bunaithe iad araon atá inbhuanaithe agus inrochtana go mór. Mar sin féin tá mion-ról ag rothaíocht agus siúl mar mhodhanna iompair laistigh den Chontae de bharr an méadú in úinéireacht ghluaisteáin agus an daonra tuaithe scaipthe laistigh den Chontae. Tá na buntáistí a bhaineann le rothaíocht agus siúl go ginearálta don duine aonair agus don phobal níos leithne doiciméadaithe go maith.

Éascóidh agus tacóidh an soláthar de bhealaí rothaíochta ainmnithe, siúlbealaí agus cosáin feabhsaithe le tionscal na turasóireachta trí an fhorbairt de shaoirí rothaíochta agus siúil a cheadú agus an táirge turasóireachta áitiúil a fheabhsú agus ag freastal ar riachtanais rothaíochta agus siúil freisin.

Beidh caighdeáin feabhsaithe do dhaoine le lagú gluaiseachta agus daoine le míchumais riachtanach chun timpeallacht bóithre níos sábháilte a éascú. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le grúpaí leasa Míchumais chun caighdeáin feabhsaithe tógála a fhorbairt.

Cuspóir T2

Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn mar modhanna iompair inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí áineasa sláintiúla ar fud an Chontae.

Cuspóir T3

Leagan amach forbartha áisiúil do choisithe agus rothaíocht a chur chun cinn, áiseanna a sholáthar ag nóid iompair poiblí, bailte agus sráidbhailte, déan pleanáil agus soláthar le haghaidh an comhtháthú de riachtanais rothaithe agus coisithe nuair atá tairiscintí forbartha molta nua á bhreathnú.

Cuspóir T4

Áiseanna rothaíochta agus siúil a chur chun cinn mar shuimeálaí agus páirt den soláthar d'áiseanna tráchta feithicleacha.

Cuspóir T5

Chun colbhaí tite a sholáthar ag acomhail uile agus tearmainn oileán lárnacha chun faoiseamh rochtana a éascú d'úsáideoirí cathaoir rothaí, daoine scothaosta agus baill an tsochaí le teorannú gluaiseachta.

3.2.0 Bainistíocht Tráchta agus Sábháilteacht Bóithre

In aitheantas an fhórais go bhfuil trácht mar shaincheist mhór do na bailte níos mó sa chontae, beidh sé mar chuspóir de chuid an chomhairle seo na caighdeáin is airde de bhainistíocht tráchta a fháil chun inmharthanacht eacnamaíocha na mbailte agus sráidbhailte i gContae Loch Garman a chur chun cinn agus a choinneáil.

Cuspóir T6

**Deachleachtas a chur chun cinn i mbainistíocht tráchta trí fhorbairt inbhuanaithe
de bhailte agus sráidbhailte a laghdaíonn an t-ionsá tráchta agus
a mhéadaíonn an tsábháilteacht d'úsáideoirí bóithre leochaileacha i
mbailte ach fós ag éascú
faoiseamh rochtana le haghaidh riachtanais cónaithe, miondíola agus
seirbhísithe sna bailte.**

Cuspóir T7

**An úsáid d'Iniúchtaí Sábháilteachta Bóithre a chur chun cinn do bhainistíocht tráchta nua uile.
agus forbairtí bóithre ar agus cóngarach don ghréasán Bóithre Náisiúnta.**

Cuspóir T8

**Beidh sé mar chuspóir ag an gComhairle chun éifeacht na bhFeithiclí Earraí
Troma ar an dtimpeallacht de bhailte móra an chontae a laghdú.**

Cuspóir T9

An fhorbairt de bhealaí faoisimh inmheánacha do thrácht i mbailte Guaire, Loch Garman, Ros Mhic Thriúin agus Inis Córthaidh a chur chun cinn.

3.2.1 Mórthairiscintí Bóthair

Maidir le riachtanais infreastuctúir na bóithre móra eiseach agus Pleán Iompar 21 ag an rialtas, aithníonn an gcomhairle an ról straitéiseach atá ag na bóithre in éagmais áiseanna iompar poiblí láidir, leanfaidh infheistiú i bhforbairt na bóithre ar aghaidh mar tosaíocht thar an tréimhse pleanála.

Samhlaítear go gcuirfear cistí infheistíochta suntasacha ar fáil trí an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2012 le haghaidh forbairt bhóithre náisiúnta le béim ar de réir an phlean roimhe seo ar chomhlíonadh na nGréasán Tras-Eorpacha agus príomhbhealaí idir-uirbeacha.

Imlíníonn na scéimeanna seo a leanas tairiscintí na Comhairle maidir leis an t-Údarás um Bóithre Náisiúnta agus rialtas lárnach chun Bóithre Náisiúnta nua a thógáil agus a fheabhsú laistigh de shaolré an phlean faoi réir airgeadas á sholáthar.

<u>Bealach</u>	<u>Scéim</u>
N11	Seachród Ghuaire Seachbhóthar Inis Córthaidh Inis Córthaidh/Guaire
N25	Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin Calafort Ros Láir/ Loch Garman
N30	Cluain an Róistigh / Ros Mhic Thriúin

Cuspóir T10

Chun an fhorbairt de mhórthairiscintí Bóithre Náisiúnta a éascú agus a chumasú laistigh de shaolré an Phlean.

3.3.0 Bóithre

Cé go bhfuil Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta do chur chun cinn modhanna taistil inbhuanaithe lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus an spreagadh d'athrú módúil ó húsáid gluaisteáin phríobháideach chuig na modhanna seo, aithníonn an Chomhairle go bhfanfaidh bonneagar na mbóithre mar chomhbhall tábhachtach den ghréasán iompair náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Cé go bhfuiltear freagrach go díreach as líon teoranta de thionscnaimh forbartha bóthair, tá an Chomhairle tiomanta do sholáthair na heilimintí sin den chóras iompair atá

laistigh dá théarmaí tagartha agus chun fhorbairt na n-eilimintí sin soláthartha ag gníomhairí agus comhlachtaí eile a éascú.

3.3.1 Bóithre Náisiúnta

I gcomhlíonadh an ghréasáin Bóithre Náisiúnta a éascú déanfaidh an Chomhairle:

- Cumas iompair an ghréasáin Bóithre Náisiúnta a chosaint trí an teorannú de líon na bpointí rochtana ar an ngréasán agus chun an diansaothrú d'úsáid na bpointí rochtana eiseadh a mhímhisiú.
- Línte athailínithe/feabhsuithe bóithre molta agus dorchlaí coibhneasacha, a chaomhnú saor ó fhorbairt, áit ina mbeadh claontacht ag a leithéid d'fhorbairt ar fhorfheidhmiú an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nó pleananna na Comhairle Chontae. Cinntiú go bhfuil tairiscintí forbartha comhoiriúnach don bhainistíocht éifeachtach agus gluaiseacht shábháilte de thrácht ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta.
- Réamhghabhann an Chomhairle thar saolré an phlean, go mbeidh líon acomhail nua riachtanach ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta agus go mbeidh uasghrádú de dhíth ar acomhail eiseadh chun freastal ar fhás eacnamaíoch leanúnach an Chontae.

Polasaí TP 2

Toimhdeoidh an Chomhairle i gcoinne forbairt laistigh de dhorchlaí fhorchoimeádais bóithre, aitheanta d'fhorbairt Bhóithre Náisiúnta.

Polasaí TP 3

Cuardóidh an Chomhairle chun thalamhúsáidí neamhréiritheacha a chosc ar thailte taobh le hacomhail bhóthair eiseadh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta chun uasghrádú na n-acomhal seo a éascú.

Polasaí TP 4

Beidh aon tairiscint forbartha i ngar-thimpeallacht an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta de dhíth ar an gComhairle chun a thaispeáint go gcloíonn an fhorbairt mholta le polasaithe an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.

Cuspóir T11

Chun Bóithre Náisiúnta a thabhairt suas go caighdeáin iomchuí maidir leis an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta mar atá acmhainn le fáil.

3.3.2 Bóithre Réigiúnacha

Cruthaíonn Bóithre Réigiúnacha páirt thábhachtach de mhórchóras gréasáin bóithre sa Chontae. Go háirithe feabhsóidh infheistíocht pleanáilte ról, leibhéal seirbhíse agus sábháilteacht an ghréasáin. Chun uasthoradh ón infheistíocht seo a urrú, chun sábháilteacht poiblí a chur chun cinn agus a dtábhacht straitéiseach a choinneáil, tá Bóithre Réigiúnacha sa Chontae tar éis a bheith ainmnithe Grád I & Grád II bunaithe ar a dtábhacht agus leibhéal tráchtta. Iompraíonn Bóithre Réigiúnacha Grád I leibhéal tráchtta atá gar de sin ag roinnt Bóithre Náisiúnta.

Polasaí TP 5

Beidh sé mar pholasaí na Comhairle Chontae chun forbairtí nua a theorannú go bhfuil rochtain díreach ar na Bóithre Réigiúnacha Grád I seo a leanas de dhíth orthu:

- ***R733 ó Loch Garman go Colmán go Baile Hac.***
- ***R739 ó acomhal an N25 go Cé na Cille Móire***
- ***R741 ó Loch Garman go Guaire***

Ní bhainfidh an polasaí leis na suímh agus cúinsí seo a leanas:

- *laistigh de chríocha na forbartha/limistéir faoi fhoirgnimh de bhailte, sráidbhailte nó lonnaíochtaí nó laistigh de chríoch an limistéir forbartha de bhaile nó sráidbhaile mar atá sainmhínithe i bPlean Baile agus Sráidbhaile;*
- *i limistéir ina bhfuil luasteorainn de 50 – 60 c.s.u;*
- *feirmeoirí agus a mic nó a n-iníonacha ag tairiscint chun teach cónaithe a thógáil dá n-úsáid féin chomh fada agus atá an teach lonnaithe cóngarach go coimpléasc na feirme nó go braisle forbartha eiseadh;*
- *suímh líontacha i mbraisle eiseadh d'fhorbairt;*
- *foroinn de shuímh an tí cónaithe chun teach a sholáthar do mhac nó iníon úinéara bunúsach an tsuímh dá n-úsáid féin.*

Polasaí TP6

Teorannóidh an Chomhairle rochtain ar na Bóithre Réigiúnacha Grád II do na hiarratasóirí sin gur féidir riachtanas rochtana óna leithéid de bhóithre a léirchruthú.

Polasaí TP7

Déanfaidh an Chomhairle bainistiú ar bhóithre réigiúnacha i slí eacnamaíoch agus inbhuanaithe le béim ar leithligh ar shábháilteacht.

Polasaí TP8

Déanfaidh an Chomhairle bainistiú ar Bhóithre Réigiúnacha ina leithéid de shlí a thógann aird iomchuí ar an Straitéis Lonnaíochta.

Cuspóir T12

Lorgóidh an Chomhairle go ndéanfaí uasghrádú ar an mBóthar Réigiúnach tábhachtach, R700 idir Ros Mhic Thriúin agus Cill Chainnigh.

3.3.3 Bóithre Contae

Cruthaíonn bóithre contae, aitheanta freisin mar bhóithre Áitiúla, dromlach an ghréasáin bóithre sa Chontae. Go bunúsach is bóithre seirbhíse iad bóithre contae atá tairbheach don ghar-phobal ar a freastalaítear.

Cuspóir T13

Chun leanúint le hoibreacha feabhsaithe ar bhóithre Contae chun córas bóithre sábháilte agus cuimsitheach a fhorbairt don Chontae.

Ar chodanna den Ghréasán Bóithre Contae le trácht trom agus atá ag saorshreabhadh go coibhneasta, déileálann an Chomhairle lena leithéid de chodanna faoi mar a dhéanfaidh sé le Bóthar Réigiúnach (Grád 2) ar mhaithe le cúinsí pleanála le haird ar leithligh ar fhaid radhairc agus faid bachtá.

3.3.4 Seirbhísí Taobh Bóthair

Tabharfar breathnú do sholáthar stáisiúin seirbhíse taobh bóthair áit ina bhfuil fianaise soiléir den riachtanas agus áit inar féidir le fadhbanna tráchta agus timpeallachta agus éifeacht ar an struchtúr miondíola áitiúil a bheith laghdaithe. Go ginearálta ní ghlacfar le háiseanna i limistéir tuaithe ina mbaineann an luasteorainn uasta. Ní foláir do sheirbhísí taobh bóthair molta cloí le polasaithe fhorbartha an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Breathnófar ar shuímh oiriúnacha le haghaidh na háiseanna seo i rith tréimhse an phlean. Nuair atá iarratais á mheasúnú le haghaidh Seirbhísí Taobh Bóthair beidh aird ag an Údarás Pleanála ar Ráiteas Polasaí an NRA 'Provision of Service Areas and Rest Areas on Motorways and High Quality Dual Carriageways'

3.4.0 Iarnród

Cuimsíonn bonneagar iarnróid i gContae Loch Garman de líne Ros Láir go Bhaile Átha Cliath agus líne Ros Láir go Phort Láirge.

Úsáidtear an dá líne araon ar mhaithe le hiompar lastais agus paisinéara. D'iompar seirbhís Ros Láir Bhaile Átha Cliath thart ar 400,000 paisinéir i 2005. Ba í aidhm bhunúsach líne Ros Láir Bhaile Átha Cliath ná iompar biatais siúcra. Tá an nasc iarnróid seo tearcúsáidte de bharr bonneagar críonadh agus rothstoc as dáta agus i dteannta an chailliúint de tháirgeadh siúcra tá inmharthanacht an líne iarnróid seo bagartha.

Tá sé mar chuspóir ag an bplean chun an bealach seo a uasghrádú agus tá sí mar aidhm ag an straitéis lonnaíochta chun an polasaí seo a fhothacú trí phatrúin lonnaíochta a úsáideann an nód iompair seo a chur chun cinn.

Polasaí TP9

Tacóidh an Chomhairle an soláthar de sheirbhísí iarnróid comaitéireachta áitiúil ar an bpríomhlíne eiseadh líne iarnróid Ros Láir – Port Láirge faoi réir straitéis lonnaíochta an Chontae.

Polasaí TP10

An úsáid agus forbairt bhreise de dhorchla iarnróid na Príomhlíne Ros Láir go

Baile Átha Cliath a spreagadh.

Polasaí TP11

Déanfaidh an Chomhairle fás agus forbairt a chur chun cinn de réir an straitéis lonnaíochta agus go háirithe ar bhealaí iompair poiblí eiseach.

Cuspóir T14

Chun an t-uasghrádú leanúnach de sheirbhís iarnróid Ros Láir – Port Láirge le haghaidh paisinéirí agus lastas a lorg.

Cuspóir T15

Chun tacú le polasaí iarnród Éireann i dtaobh cosaint agus nuair is féidir, forleathnú dorchlaí iarnróid eiseadh trí fhorbairt a theorannú ar bhealaí traenach eiseadh.

Cuspóir T16

Lorgóidh an Chomhairle chun an fhorbairt de línte iarnróid agus seirbhísí comaitéireachta a chur chun cinn lena n-áirítear forbairt Seirbhísí Comaitéireachta Ros Mhic Thriúin Port Láirge agus Loch Garman/Port Láirge.

Cuspóir T17

Lorgóidh an Chomhairle chun iompar comhtháite a fhorbairt le sholáthar páirceáil ghluaisteáin, páirceáil rothair, stadanna bus agus stadanna tacsaithe in aice le stáisiúin traenacha eiseadh agus molta.

Cuspóir T18

Coiscfidh an Chomhairle forbairt ar na línte iarnróid eiseadh uile atá as úsáid.

3.5 Bus

Tá ról sóisialta ríthábhachtach ag seirbhísí Iompair Bus Poiblí i bpobail uirbeacha agus tuaithe, ag nascadh limistéir tuaithe le lonnaíochtaí agus seirbhísí riachtanacha eile, ar nós scoileanna agus cúram sláinte.

Tá cúig chatagóir d'iompar bus ag feidhmiú i gContae Loch Garman faoi láthair:

- Seirbhísí luasbhealaigh fad-achair de chuid Bus Éireann, ag nascadh Loch Garman le Baile Átha Cliath, Port Láirge & Ceatharlach;
- Seirbhísí bus scoile de chuid Bus Éireann feidhmithe ar son na Roinne Oideachais agus Eolaíochta;
- Seirbhísí mionbhus príobháideacha;
- Busbhealaí uirbeacha (Loch Garman & Baile Inis Córthaidh); agus,
- Busbhealaí pobail, soláthartha i dteannta an Tionscadal Iompair Tuaithe

Polasaí TP12

Tacóidh an Chomhairle le soláthar seirbhísí iompair poiblí trí thalamh a fhorchoimeádais i suímh oiriúnacha do bhonneagar iompair poiblí agus áiseanna coimhdeacha, ar nós páirceáil, stadanna tacsaithe agus lánai bus.

Polasaí TP13

Tacóidh an Chomhairle le seirbhísí iompair áitiúla agus pobail trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí poiblí agus príobháideacha éagsúla atá mar sholáthraithe iompair laistigh den Chontae sa chomhordú agus soláthar de sheirbhísí nua agus feabhsú de sheirbhísí eiseadh agus bonneagar coibhneasach a bhaineann le hiompar ar maithe le iargúlacht shóisialta a laghdú.

Cuspóir T19

Chun an fhorbairt de scéimeanna iompair poiblí a éascú, a fheabhsaíonn cáilíocht an beatha agus a spreagann modhanna iompair inbhuanaithe lena n-áirítear an soláthar de scáthlái agus stadanna bus i lonnaíochtaí tuaithe, tacóidh an Chomhairle go gníomhach le Tionscadal Iompair Tuaithe an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2012 mar chur chuige atá pobalbhunaithe chun tabhairt faoi eisiámh sóisialta cúisithe ag easpa rochtana ar iompar.

Cuspóir T20

Taiscéalfaidh an Chomhairle an soláthar d'áiseanna loc & taistil agus loc agus siúil le haghaidh na príomhlimistéir uirbeacha.

3.6 Calafóirt

Tá Contae Loch Garman seirbhísithe ag dhá chalafort tábhachtach. Is é an calafóirt is tábhachtaí na Europort Ros Láir, le Chomhlacht Calafóirt Ros Mhic

Thiúrin bheith mar an calafoirt tábhachtach eile atá suite i mBéal na mBuillí ar imeall Ros Mhic Thiúrin.

Aithníonn Comhairle Chontae Loch Garman go bhfuil an fhorbairt leanúnach de Europort Ros Láir mar thábhacht straitéiseach d'fhorbairt tionscail turasóireachta agus tráchtála sa Réigiún Thoir Theas mar aon leis an gContae féin. Chuirfeadh forbairt na n-áiseanna eiseadh go mór le forbairt eacnamaíoch an Chontae.

Déanann calafort Loch Garman speisialtóireacht i láimhseáil earraí tirime agus leachtacha araon. Nuair is féidir éascóidh an Chomhairle an forleathnú d'áiseanna calafoirt reatha agus gníomhaíochtaí calafoirt coibhneasacha.

Polasaí TP14

Uasméadóidh an gComhairle an chumas eachnamaíoch atá ag Calafort Ros Láir agus cothóidh sé an fhorbairt de fostaíocht atá bainteach le calafoirt comhlachaithe.

Polasaí TP15

Cothóidh agus tacóidh an Chomhairle ról na gcuanta, na gcalafort, na gcéanna agus slipeanna in éascú agus i bhforbairt iascaireacht inbhuanaithe, gníomhaíochtaí mara, áineas agus gníomhaíochtaí coibhneasacha eile.

3.7 Aerfoirt

Tá Aerfort Réigiúnach Phort Láirge suite ó dheas ó Chathair Phort Láirge, agus tá ról criticiúil aige i bhforbairt eacnamaíoch an Réigiúin Thoir Theas i dtéarmaí tionscal a mhealladh agus gníomhaíocht eacnamaíoch méadaithe a ghiniúint. Tá infhaighteacht naisc bóthair fóna le Loch Garman, comhtháthú agus comhordú le seirbhísí iompair poiblí, mar príomhghnéithe i bhforbairt bhreise agus forleathnú na ndeiseanna eacnamaíocha cruthaithe ag cóngarachacht Loch Garman go hAerfort Réigiúnach Phort Láirge.

Cuspóir T21

Chun cothú agus tacú an fhorbairt de Aerfoirt Réigiúnach Port Láirge go Áis Aerfoirt Idirnáisiúnta trí meadú na filleadh eacnamaíochta go Chontae Loch Garman trí daingniú rochtain éasca ó taistealaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta / daoine gnóithe.

CAIBIDIL 4

4.0 Forbairt eacnamaíoch

- 4.1.0 Comhthéacs Polasaí
 - 4.1.1 Straitéis Náisiúnta Spásúil
 - 4.1.2 Treoirínte Pleanála Réigiúnacha
 - 4.1.3 Bord Forbartha Contae
- 4.2.0 Straitéis
 - 4.2.1 Forbairt Eacnamaíoch inbhuanaithe
- 4.3.0 Forbairt Tuaithe
 - 4.3.1 Talmhaíocht
 - 4.3.2 Foraoiseacht
 - 4.3.3 Iascaireachtaí
 - 4.3.4 Tionscail Eastóscach
 - 4.3.5 Claiseanna Gainimh
- 4.4.0 Straitéis Miondíola
 - 4.4.1 Cur Chuige Seicheamhach
 - 4.4.2 Siopaí i Limistéir Tuaithe agus Sráidbhailte Beaga

4.0 Forbairt Eacnamaíoch

4.1.0 Comhthéacs Polasaí

Leagtar an chaibidil seo den phlean amach an straitéis fostaíochta agus tionscail do Chontae Loch Garman do tréimhse an Phlean agus ar aghaidh. Áiríonn an straitéis polasaithe agus cuspóirí a spreagann agus a éascaíonn forleathnú an tionscail eiseadh agus cruthú tionscal nua gan caighdeán timpeallachta a chur i gcontúirt, ar an dóigh sin ag cruthú timpeallacht atá tarraingteach d'fhostóirí poitéinsiúla.

Tá an straitéis bunaithe ar phrionsabail na Straitéise Náisiúnta Spásúil, Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Thoir Theas agus Straitéis Bhoird Forbartha Chontae Loch Garman 'Remodelling the Model County'

4.1.1 Straitéis Náisiúnta Spásúil

Sonraíonn an Straitéis Náisiúnta Spásúil (SNS) go mbeidh seasamh ríthábhachtach ag tréithe, suíomh, comhchruinniú agus dáileadh de ghníomhaíocht eacnamaíoch sa todhchaí ar bhaint amach forbairt spásúil níos cothroime.

Tá an SNS tar éis claontáí idirnáisiúnta a aithint le tionchar acu ar shuíomh na bhfiontar; beidh tionchar suntasach ag na claontáí seo ar shuíomh na fostaíochta agus an tionscail laistigh den Chontae. Áiríonn na claontáí seo:

- claonadh i dtreo comhchruinnithe spásúla na gcomhlachtaí dian teicneolaíochta;
- mealladh na n-oibrithe oilte i dtreo limistéir uirbeacha;
- tábhacht mhéadaitheach na seirbhísí atá tar éis ról na n-ionad daonra móra a threisiú.

(l.95 SNS)

Áiríonn claontáí na todhchaí aitheanta sa SNS agus a mbeidh tionchar tábhachtach acu ar fhorbairt eacnamaíoch an Chontae:

- cruthófar tromlach na bpost nua in earnáil na seirbhíse;
- rogha na gcomhlachtaí chun lonnú in aice le mórphointí éilimh tomhaltóra;
- tábhacht na seirbhísí áitiúla chun freastal ar dhaonra leathnaithe agus críonta;
- infheistíocht mhéadaithe i dtaighde, dearadh agus nuálaíocht chun go bhfanfadh comhlachtaí iomaíoch;
- tacóidh réigiúin le bonn daonra láidir an bonneagar gnó riachtanach agus leanfar ag mealladh tionscail;
- ionaid ard chaighdeán riachtanach do ghnó chun saothair oilte a mhealladh;

- fanfaidh rochtain ar chustaiméirí, soláthraithe agus foinsí eolais eile mar riachtanas criticiúil le haghaidh rath gnó.

4.1.2 Treoirínte Pleanála Réigiúnacha

Aithníonn TPR an Réigiúin Thoir Theas:

- soláthar páirceanna gnó agus teicneolaíochta den chéad scoth;
- forbairt eastáit tionsclaíoch caighdeánacha chun freastal ar fhiontair dhúchasacha beaga agus méanmhéide;
- forbairt d'áiseanna ardoideachais agus oiliúna;
- aonaid ghoradán breise ag suímh eile.

4.1.3 Bord Forbartha Contae

Tá Bord Forbartha Chontae Loch Garman tiomanta d'eacnamaíocht bheoga áitiúil a fhorbairt trí:

- chultúr gnó láidir a fhorbairt;
- infheistíocht iasachta a mhealladh;
- thionscal dúchasach a chur chun cinn;
- an fhorbairt de mhicrifhiontair a chur chun cinn;
- earnáil láidir talmhaíochta agus gairneoireachta a fhorbairt.

4.2.0 Straitéis

Is é polasaí an phlean seo chun tógáil ar láidreachtaí agus deiseanna Chontae Loch Garman, ionas gur féidir fás eacnamaíoch a spreagadh ar bhonn inbhuanaithe chun deiseanna fostaíochta a chruthú le haghaidh gach earnáil den phobal.

In aithint go bhfanann an eacnamaíocht láidir, aibhsíonn anailís eacnamaíoch den Chontae na saincheisteanna seo a leanas:

- tá dífhostaíocht tar éis titim go suntasach i dtréimhse an phlean deiridh 2001 – 2006 ach tá sí fós os cionn an mheán náisiúnta
- tá ioncam per capita i measc na gceann is ísle in Éirinn
- iontaoibh throm ar limistéir 'eacnamaíocha traidisiúnta' (seirbhísí láimhe & talmhaíochta)
- Fanann feirmeoireacht réasúnta láidir; mar sin féin tá ioncaim fheirme tar éis fanacht marbhánta
- Meallann an Contae níos lú ná 5% de chuairteoirí iasachta agus gintear níos lú ná 2% d'fháltas turasóireachta iasachta an Chontae

4.2.1 Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe

I bhfoirmiú polasaithe chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn tá an plean chun:

- tógáil ar láidreachtaí an chontae ar nós a shuímh straitéisigh agus dea-bhonneagair bóithre;
- féachaint i dtreo forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí áit atá iomchuí;
- uasghrádú leanúnach ár ngréasán bonneagair a chur chun cinn chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh agus a éascú;

Chun é seo a bhaint amach :

Polasaí ED 1

Lorgóidh an Chomhairle chun úsáid na dtailte tionsclaíocha agus an spás monarchan eiseadh sna bailte agus sráidbhailte a optamú i gcomhar leis an IDA agus eagraíochtaí forbartha eile.

Polasaí ED 2

Cinnteooidh an Chomhairle go bhfuil dóthain talaimh sheirbhísithe ar fáil d'fhorbairt a bhaineann le fiontar agus fostaíocht. Cinnteooidh an Chomhairle go bhfuil tailte tionsclaíocha oiriúnacha cosanta ó fhorbairt neamhfhóirsteanach a fhéadfadh poitéinseal eacnamaíoch na dtailte seo a chur i gcontúirt.

Cuirtear chun cinn freisin forbairt príomhdheiseanna straitéiseacha sonracha in earnálacha ar nós eolaíocht agus teicneolaíocht, cúram sláinte, miondíol, turasóireacht, fóillíocht agus seirbhísí áitiúla do dhaonra méadaitheach an chontae. Leagtar amach cur chuige sonracha do limistéir agus earnálacha indibhidiúla go mionsonrach i gcodanna éagsúla an phlean. Áiríonn siad seo laghdú comaitéireachta trí thalamhúsáid agus pleanáil iompair a chomhtháthú, agus fiontair bheaga agus baile-bhuanaithe a éascú.

4.3 Forbairt Tuaithe

Fanann Contae Loch Garman tuaithe i gcarachtar ar an mórchuid le daonra tuaithe mór, cé go bhfuilid de réir claontaí náisiúnta tá próiseas an uirbithe leanúnach i bhfás agus i mbailiú nirt (féach Próifíl Chontae). Tagann sé seo i bpáirt ó meath na suntasachta eacnamaíoch den bhonn talmhaíochta traidisiúnta.

Cuirfidh an Chomhairle chun cinn an fhorbairt d'eacnamaíocht tuaithe sláintiúil inbhuanaithe trí thacú le éagsúlú tuaithe mar chúiteamh ar

dheiseanna fostaíochta laghdaithe i dtalmhaíocht. Forfheidhmeoidh an Chomhairle na polasaithe seo a leanas:

Polasaí ED3

Tacóidh an Chomhairle le forbairt an mhicrifhiontair i bpobail thuaithe, chomh fada agus nach gcuireann úsáidí dá leithéid isteach ar fhóntais an limistéir.

Polasaí ED4

Spreagfaidh an Chomhairle úsáid leochaileach sócmhainní timpeallachta agus cultúrtha mar bhunús d'fhorbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear turasóireacht tuaithe, foraoiseacht, feirmeoireacht orgánach, táirgeadh bithmhaise, plandlanna, agra-ghnó

Polasaí ED5

Tacóidh an Chomhairle le forbairt agus fairsingiú na ngníomhaíochtaí tuaithe acmhainn-bhunaithe, lena n-áirítear tionscal adhmaid agus comhbhailithe, chomh fada agus nach mbíonn gníomhaíochtaí dá leithéid díobhálach go míchuí do thimpeallacht, fóntais agus oidhreacht an limistéir.

Polasaí ED6

Éascóidh an Chomhairle forbairt um fhorbairt thionsclaíoch nó gnó i limistéir tuaithe áit ina bhfuil riachtanais suímh a oireann is fearr do limistéir tuaithe agus go bhfuil an riachtanas seo tar éis a bheith léirchruithaithe chun sástacht an Údaráis Phleanála chomh fada agus atá an fhorbairt iarmhartach de mhéid agus scála oiriúnach don limistéar agus nach mbíonn gníomhaíochtaí dá leithéid díobhálach go míchuí don timpeallacht, fóntais agus oidhreacht.

4.3.1 Talmhaíocht

Tá bonn talmhaíochta láidir ag Contae Loch Garman go traidisiúnta, agus tá ról tábhachtach fós ag an dtalmhaíocht phríomhúil agus tánaisteach in eacnamaíocht an Chontae. Cé nach ionann tréithe eacnamaíocha na limistéar tuaithe agus tréithe na talmhaíochta níos mó, fanann an earnáil ina ranníocóir tábhachtach d'inmharthanacht shóisialta agus eacnamaíoch na limistéar tuaithe, agus leanann sí le ról sainmhínithe i dtírdhreach na tuaithe.

Aithníonn an Chomhairle tábhacht na talmhaíochta do bhuanú, feabhsú agus cothabháil eacnamaíochta thuaithe inmharthana. Tacóidh agus éascóidh an Chomhairle d'athstruchtúrú agus éagsúlú talmhaíochta laistigh de chreatlach **Agenda 2000**, chun an earnáil a chomhtháthú níos dlúithe leis an bhforbairt tuaithe, ar lorg cuspóirí timpeallachta agus sóisialta. Tagann an cur chuige seo leis an bpolasaí náisiúnta mar a leagtar amach sa **Straitéis Náisiúnta Forbartha Inbhuanaithe**. Tacaíonn an Chomhairle Chontae leis an mbéim sa **Phlean Forbartha Náisiúnta** ar infheistiúocht, ar bhearta d'fheabhsú na struchtúr feirme,

lena n-áirítear bainistiú dramhaíola feirme, leas ainmhithe, caighdeán bia agus cosaint timpeallachta, ag comhlánú an infheistíocht substaintiúil i SCCT.

Beidh úsáid optamaim agus íogair timpeallachta an talaimh nach bhfuil riachtanach níos mó do thalmhaíocht ina phríomh-shaincheist thar tréimhse an phlean, go háirithe maidir le forbairt na limistéar cósta. Tabharfaidh Comhairle Contae Loch Garman tacaíocht do tháirgeadh na mbarra fuinnimh ar thalamh curtha i leathaoibh ar fud an chontae.

Polasaí ED 7

Cuirfidh an Chomhairle córais táirgthe talmhaíochta agus próiseála chun cinn nach ndéanann díobháil don timpeallacht trí an rialú leanúnach de thruailliú clóis feirme agus SCCT

Polasaí ED 8

Spreagfaidh an Chomhairle forbairt na bhfiontar talmhaíochta malartach inbhuanaithe agus na bhfiontar neamhthalmhaíochta mar mhodh chun tacú le pobal tuaithe inmharthana faoi réir choinneáil príomhúsáide talmhaíochta an ghabháiltais agus pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.

Cuspóir ED 9

Glacfaidh an Chomhairle cur chuige dearfach i leith moltaí forbartha atá riachtanach chun comhlíonadh na reachtaíochta leasa ainmhithe, timpeallachta agus sláinteachais a bhaint amach.

4.3.2 Foraoiseacht

Is acmhainn nádúrtha iad foraoisí agus coillearnacha a féidir sochair thráchtála, áineasa, timpeallachta, fónais agus aeistéitiúla a sholáthar. Tá poitéinseal maith ann chun an earnáil seo a fhorbairt i gContae Loch Garman óna bonn íseal reatha. Aithníonn an Chomhairle tábhacht na foraoiseachta, a poitéinseal breisluacha, agus na deiseanna a thairgeann sí d'éagsúlú ar an bhfeirm. Tá an Rialtas Náisiúnta tiomanta d'fhorbairt earnáil láidir foraoiseachta in Éirinn, agus tá sprioc leagtha chun an t-eastát foraoise náisiúnta a mhéadú ó 9% go 17% de chumhdach talaimh. Féachfaidh an Contae i dtreo an fás réamh-mheasta d'earnáil na foraoiseachta a éascú.

Polasaí ED 10

Spreagfaidh an Chomhairle foraoiseacht ar bhealach atá inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an tírdhreach máguaird, ag cinntiú nach cúis í le

haon ghortú míchuí d'uiscí nádúrtha, gnáthóga fiadhúlra nó limistéir chaomhnaithe.

Polasaí ED11

Spreagfaidh an Chomhairle éagsúlacht speiceas sna tairiscintí foraoisithe agus beidh gá ar leithligh do chuid éigin de gach forbairt foraoiseachta nua a bheith déanta suas de speiceas crua-adhmaid dúchasach chun réimse na n-úsáidí deiridh poitéinsiúla a fhorleathnú agus laghdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal do thionchar diúltaigh ar an tírdhreach agus bithéagsúlacht mar thoradh de mhonashaothrú.

Polasaí ED 12

Spreagfaidh an Chomhairle bunú na dtionscal príomhúil, tánaisteach agus treasach próiseála foraois-bhunaithe

4.3.3 Iascaireachtaí

Is sócmhainní nádúrtha iad an fharraige agus na huiscí intíre atá fíorluachmhar ní hamháin ó thaobh na n-iascaireachtaí de ach freisin mar acmhainní turasóireachta agus timpeallachta. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé práinneach go gcosnaítear na hacmhainní seo ar bhealach inbhuanaithe don ghlúine láithreacha agus todhcháí. Sa chomhthéacs seo féachfaidh an Chomhairle i dtreo timpeallacht uisceach glan a choinneáil mar bhunchuid d'inbhuanaitheacht na hacmhainne iascaireachta trí mheán chuspóirí agus chaighdeáin cáilíochta uisce. Ag an am céanna is í aidhm na Comhairle ná chun ranníocaíocht fadtéarmach earnáil na n-iascaireachtaí farraige agus iascaireachtaí intíre d'eacnamaíocht an Chontae agus do chothabháil chreatlach shóisialta na bpobal cois cósta.

Polasaí ED 13

Spreagfaidh an Chomhairle an fhorbairt bhreise den tionscail uisce shaothraithe ag suímh iomchuí, le aird á thabhairt ar ainmniúcháin eiseadh agus molta le haghaidh cosaint timpeallachta agus gnáthóige.

Polasaí ED14

Tacóidh an Chomhairle le forbairt na n-iascaireachtaí intíre mar ghníomhaíocht thábhachtach áineasa agus turasóireacht san eacnamaíocht tuaithe.

4.3.4 Tionscal Eastóscach

Aithníonn an Chomhairle go gcuireann tionscal na dtáirgí comhchruinnithe agus coinceíte le forbairt na n-eacnamaíochta náisiúnta agus áitiúla trí úsáid agus bainistíocht cheart na n-acmhainní nádúrtha chun tairbhe an phobail agus an cruthú de dheiseanna fostaíochta. Tá na táirgí seo riachtanach mar

ábhair tógála eisintiúla sa phróiseas forbartha sóisialta agus eacnamaíoch lena n-áirítear an soláthar de thithíocht agus bonneagar.

Foirmíonn na **Treoirínte Náisiúnta um Chairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha d'Údaráis Phleanála 2004 (RCORA)** an doiciméad teorach go mbeidh iarratais ar chairéil agus gníomhaíochtaí coimhdeacha á bhreathnú os a coinne. Tá sé riachtanach freisin ó dhoiciméad na dtreoirínte go n-aithneodh agus go gcosnódh Údaráis Áitiúla deascáin mhóra, a fhéadfadh tábhacht réigiúnach nó náisiúnta a bheith acu. Ní chuireann sé seo cosc iomlán ar gach fhoirm forbartha, ach ba cheart tuiscint a bheith tugtha don fhíríc go bhféadfadh cóngarachacht na mórforbairtí a leithéid de dheascáin sin a steiriliú go héifeachtach.

Féachfaidh Comhairle Contae Loch Garman i dtreo na hacmhainní luachmhara seo a chosaint d'eastóscadh sa todhchaí.

Polasaí ED 15

Áit ina bhfuil acmhainní mianraí tábhachtacha tar éis a bheith aitheanta agus atá feiliúnach d'eastóscadh, féachfaidh an Chomhairle i dtreo talamhúsáidí neamhréititheacha a chosc i gcomharsanacht na n-acmhainní seo a fhéadfadh a ndúshaothrú sa todhchaí a theorannú.

Aithníonn an Chomhairle Chontae freisin go bhfuil poitéinseal ag an tionscal seo do thionchair dhiúltacha suntasacha ar an dtimpeallacht agus pobail áitiúla. D'fhéadfadh sé coinbhleachtaí a chruthú le talamhúsáidí eile agus damáiste a dhéanamh do bhonneagar na mbóithre poiblí. Cinnteoidh an Chomhairle Chontae go mbaintear amach forbairt d'eastóscadh comhchruinnithe, próiseáil, seachadadh agus táirgeadh coinceite ar bhealach a íoslaghdaíonn na tionchair dhiúltacha poitéinsiúla seo. In éascú an fhorbairt inbhuanaithe den tionscal eastóscach, déanfaidh an Chomhairle Chontae:

Polasaí ED 16

Íoslaghdóidh an Chomhairle tionchair timpeallachta agus eile d'eastóscadh mianraí trí fheidhmiú dian na riachtanas cheadúnaithe, bainistíochta forbartha agus feidhmithe d'fhorbairtí cairéil agus coimhdeacha eile.

Polasaí ED 17

Beidh aird ar leithligh ag an gComhairle ar thionchair amhairc, modhanna eastósctha, leibhéil torainn, cosc smúite, cosaint aibhneacha, lochanna agus foinsí uisce eile, tionchair ar fhóntais cónaithe agus eile, tionchair ar an ngréasán bóithre (go háirithe i gcás damáiste maithe a dhéanamh do bhóithre) sábháilteacht bóithre, céimniú, ath-insealbhú agus tírdhreachú na suíomh saothraithe.

4.3.5 Claiseanna Gainimh

Aithníonn an Chomhairle gur gníomhaíocht eacnamaíoch shuntasach áitiúil acmhainn-bhunaithe a sholáthraíonn fostaíocht iad na Claiseanna Gainimh i mBaile Coinigéir. Tá an Chomhairle tiomanta do bhuanú agus feabhsú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ag na claiseanna gainimh faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe chomh maith le cosaint fóntais agus acmhainní nádúrtha na limistéar. Mar sin féin aithníonn an Chomhairle go bhfuil éifeacht dhiúltach míchuí ag roinnt gníomhaíochtaí eastósctha eiseadh ar an dtimpeallacht, oidhreacht agus fóntais cónaithe an limistéir. Ní chuirfidh an Chomhairle gníomhaíocht cairéalaithe breise chun cinn ach amháin laistigh de chomhthéacs na creatlaí bainistíochta cuimsithí don limistéar in iomlán.

Cuspóir ED1

Ullmhóidh an Chomhairle Plean Limistéir Ghnímh chun eastóscadh gainimh a éascú, agus cosaint á thabhairt do fhóntais timpeallachta agus cónaithe an limistéir.

Éascóidh agus tacóidh sé seo le cinntí bainistíochta forbartha d'eastóscadh leanúnach na mianraí, agus forbairt ordúil a chinntiú agus timpeallacht agus fóntais an limistéir a chosaint.

4.4.0 Straitéis Miondíola Contae

Soláthraíonn Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman na polasaithe agus tairiscintí sainiúla a chabhróidh chun forbairt miondíola cothrom, éifeachtúil, cothromasach agus inbhuanaithe a bhaint amach. Scrúdaíodh an chreatlach leagtha amach sa Straitéis Miondíola mar chuid d'athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae. Tá an t-athbhreithniú tar éis príomh thorthaí na straitéise miondíola a athdheimhniú mar iomchuí agus bailí; limistéar an tráchtais:

- An cliarlathas miondíola
- Croílimistéir Mhiondíola
- An Cur Chuige Seicheamhach
- Dáileadh Spásúil na Forbartha Miondíola Nua
- Breathnú Riachtanais

Déanann Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman réamh-mheastacháin le haghaidh riachtanais spáis mhiondíola do shiopadóireacht earraí caoihiúlachta agus comparáide do 2011 agus 2016. Tá athbhreithniú na straitéise miondíola tar éis na réamh-mheastacháin seo a nuashonrú ag úsáid réamhaisnéis réamh-mheastacháin an daonra, a úsáidtear tríd síos an phlean forbartha seo agus atá bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil ó réamhshonraí daonáirimh 2006.

Cuspóir RD 1

***Chun próifíl agus iomaíochas miondíola Chontae Loch Garman a bhuanú agus a fheabhsú
laistigh d'eacnamaíocht mhiondíola an Réigiúin Thoir Theas agus lasmuigh de.***

Cuspóir RD 2

Chun cliarlathas miondíola a dheimhniú a chuidíonn i sainmhíniú straitéis agus cuspóirí lonnaithe an Chontae agus a sholáthraíonn treoir shoiléir ar an áit ina bhfuil spás urláir mhiondíola nua inghlactha.

4.4.1 Cur Chuige Seicheamhach

I bhfreastal ar aidhmeanna na straitéise miondíola, ba cheart do pholasaithe agus tairiscintí maidir le suíomh na forbartha miondíola a bheith faoi réir na prionsabail leagtha amach sa chur chuige seicheamhach sna Treoirínte Pleanála Miondíola d'Údaráis Pleanála. Is féidir leis an gcur chuige seicheamhach seo a bheith achoimrithe mar seo a leanas;

- An rogha suímh d'fhorbairt mhiondíola nua, áit atá praiticiúil, infhaighte agus inmharthana laistigh de lár na mbailte.
- Sa chás nach bhfuil foirm agus scála na forbartha féideartha atá riachtanach ar shuíomh laistigh de lár bhaile is féidir breathnú ar shuíomh ar imeall lár an bhaile.
- Ní bhreathnófar orthu siúd lasmuigh de lár an bhaile ach amháin sa chás nach bhfuil aon suímh ar fáil i lár ó ar imeall an bhaile.

Polasaí RD1

Cinntoidh an Chomhairle go bhfuil Forbairt Mhiondíola uile faoi réir na dTreoirínte Pleanála Miondíola 2000 mar atá leasaithe agus Straitéis Miondíola Chontae Loch Garman.

Polasaí RD2

Éascóidh an Chomhairle do bheogacht agus inmharthanacht na n-ionad miondíola eiseadh agus spreagfar an soláthar d'úsáidí agus seirbhísí miondíola iomchuí sa Chontae.

Polasaí RD3

Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle breisiú agus feabhsú timpeallachta láir phríomh bhailte agus príomh-shráidbhailte an Chontae agus trí próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

Polasaí RD4

Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh measúnú tionchair mhiondíola ullmhaithe ag iarratasóirí ar fhorbairtí miondíola móra a mheasúnóidh go hiomlán suímh mhalartacha chun sástacht an Údaráis Pleanála.

4.4.2 Siopaí i Limistéir Tuaithe agus Sráidbhailte Beaga

Tá ról ríthábhachtach ag na háiseanna seo i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch na limistéar tuaithe, go háirithe más lonnaithe i gcónasc le seirbhísí eile ar nós oifigí poist, agus stáisiún líonta breosla beaga. Spreagfaidh an Chomhairle coinneáil agus feabhsú na n-áiseanna seo agus an sholáthar d'áiseanna nua ar scála iomchuí do riachtanais an phobail áitiúil i lonnáochtaí nó braislí forbartha eiseadh i dtacaíocht dá pholasaí um fhorbairt tuaithe inbhuanaithe a chur chun cinn.

Polasaí RD 5

Ceadófar go ginearálta do thairiscintí d'fhorbairt nó síneadh de shiopaí sráidbhaile agus eile

deartha chun freastal ar riachtanas laethúil an daonra áitiúil faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.

CAIBIDIL 5

5.0 Straitéis Tithíochta

- 5.1 Réamhrá
- 5.2 Achoimre
- 5.3 Polasaí Tithíochta

5.0 STRAITÉIS TITHÍOCHTA

5.1 Réamhrá:

Imlíníonn an chuid seo, i dteannta le doiciméid sonraithe, Straitéis Tithíochta na Comhairle faoi Alt V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2006 don tréimhse 2007-2013, agus téann sé in áit na straitéise eiseadh don tréimhse 2001-2006.

Faoi réir a riachtanas reachtúla, déanfaidh an Chomhairle iarracht freastal ar riachtanais na ndaoine siúd a bhfuil lóistín ag teastáil uathu trína chlár tógála tithíochta féin agus réimse de roghanna tithíochta sóisialta.

5.2 Achoimre

Tá Straitéis Tithíochta Chomhairle Chontae Loch Garman ullmhaithe faoi réir Cuid V den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000-2006 agus Cuid II den Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2002.

Tá an Straitéis seo leagtha amach don tréimhse 2007-2013 arb é saol an Phlean Forbartha seo í, téann sí in áit na Straitése Tithíochta a uchtaíodh i 2001. Sonraíonn an tAcht Pleanáil & Forbairt, 2000 go ndéanfaidh an Straitéis Tithíochta iad seo a leanas:

- Meastachán ar an riachtanas eiseadh agus dóchúil don todhchaí le haghaidh tithíocht sa limistéar, agus a chinntiú go gcuirtear talamh críosaithe agus seirbhísithe fóna ar fáil chun freastal ar a leithéid de riachtanais;
- Soláthrófar mar pholasaí ginearálta, go gcoimeádfar céatadán ar leith (gan dul thar 20%) den talamh críosaithe sa Phlean Forbartha d'úsáid chónaithe, nó do mheascán d'úsáid chónaithe agus eile, dóibh siúd go bhfuil tithíocht shóisialta agus inacmhainne sa limistéar de dhíth orthu.
- Cinntiú go soláthraítear meascán de chineálacha agus méideanna tithe chun freastal ar riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlach, lena n-áirítear riachtanais speisialta seandaoine agus daoine le míchumais;
- Ildirdhealú míchuí idir dhaoine de chúlra sóisialta difriúil a fhrithbheartú.

5.3 Polasaí Tithíochta

I dtabhairt faoina Straitéis Tithíochta, feidhmeoidh Comhairle Chontae Loch Garman i bhfeidhmiú a chlár féin chomh maith le breathnú ar iarratais pleanála agus cláir na ngníomhaireachtaí, forbróirí agus daoine indibhidiúla eile, na polasaithe seo a leanas:

Polasaí HS 1

Beidh sé mar riachtanach ag an gComhairle go gcuirtear 20% de thalamh críosaithe d'fhorbairt chónaithe nó do mheascán d'úsáid chónaitheach agus eile, ar fáil do sholáthar tithíocht shóisialta agus inacmhainne. D'fhéadfaí an figiúr seo a mhionathrú de réir aon athbhreithniú ar an Straitéis Tithíochta bainte amach i rith tréimhse an Phlean Forbartha Contae.

Polasaí HS 2

I gcás go mbreathnaíonn an tÚdarás Tithíochta nach bhfuil an Polasaí HS1 roghnaithe iomchuí, beidh sé mar riachtanach ag an gComhairle

go gcloíonn forbróirí le Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt trí an méid seo a leanas;

Roghanna atá ar fáil chun riachtanais na Straitéise Tithíochta a shásamh ná:

- a). An Soláthar díreach de líon na n-aonad tithíochta riachtanach ar chomhlíonadh mar atá socraithe faoi réir na Straitéise, comhtháite mar chuid d'fhorbairt iomlán an tsuímh;**
- b). An t-aistriú de chuid den suíomh atá mar ábhar an iarratais pleanála don Chomhairle a chuirfidh ar chumas na Comhairle líon iomchuí na n-aonad a sholáthar ag sásamh riachtanais na Straitéise;**
- c). An diúscairt de líon suímh seirbhísithe go hiomlán nó i bpáirt laistigh den suíomh don Chomhairle a chuirfidh ar chumas na Comhairle líon iomchuí na n-aonad a sholáthar ag sásamh riachtanais na Straitéise.**
- d). Ranníocaíocht airgeadais atá sonraithe in aontú leis an tÚdarás Pleanála**
- e). Teaghlaim de a), b) c) nó d) de na roghanna thuas.**



CAIBIDIL 6

6.0 Bonneagar, Fuinneamh & Dramhaíl

- 6.1.0 Talamhúsáid agus Bonneagar
- 6.2.0 Soláthar Uisce
- 6.3.0 Cóireáil Fuíolluisce
 - 6.3.1 Plandaí Cóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe
 - 6.3.2 Córais Fuíolluisce Tuaithe
- 6.4.0 Uisce Dromchla agus Draenáil
 - 6.4.1 Tuile
 - 6.4.2 Bainistíocht Shloda
- 6.5.0 Caighdeán Uisce Abhann
- 6.6.0 Caighdeán Aeir
- 6.7.0 Teileachumarsáidí
 - 6.7.1 Leathanbhanda
- 6.8.0 Fuinneamh
 - 6.8.1 Éifeachtacht Fuinnimh
 - 6.8.2 Straitéis Fuinnimh Gaoithe
 - 6.8.3 Fuinneamh Gréine
 - 6.8.4 Hidrifhuinneamh
 - 6.8.5 Bithmhais/ millíní
 - 6.8.6 Díleá Anaeróbach
 - 6.8.7 Geoiteirmeach
 - 6.8.8 Líonra Gáis
 - 6.8.9 Línte Tarchuir Leictreachais
- 6.9.0 Dramhaíl
 - 6.9.1 Bainistíocht Dramhaíola
 - 6.9.2 Cosc agus Laghdú Dramhaíola
 - 6.9.3 Torann
 - 6.9.4 Bainistíocht Bhruscair

6.0 Bonneagar, Fuinneamh & Dramhaíl

6.1.0 Talamhúsáid & Bonneagar

Is é an Chomhairle an gealltóir reachtúil don soláthar de réimse bonneagair fhisiceach laistigh den Chontae. Tá an Chomhairle tar éis a bheith bainteach go gníomhach sa soláthar, uasghrádú agus forleathnú d'áiseanna bonneagair ar fud an Chontae. Tá soláthar agus feabhsú an bhonneagair uisce agus fuíolluisce eisintiúil do bhaint amach cuspóirí sóisialta, eacnamaíocha, spásúla agus timpeallachta na Comhairle.

Soláthraíonn na codanna seo a leanas den Phlean creatlach thalamhúsáide chun an clár infheistíochta a threorú agus a bhainistiú i soláthar bonneagair de réir na bpolasaithe, cuspóirí agus tairiscintí leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2006 – 2012.

Tá an cosaint d'uisce, sruthchúrsaí, inbhir locha agus uiscí cósta an chontae criticiúil chun stádas maith timpeallachta a choinneáil, sláinte na bpobal a chosaint agus ceadú d'fhorbairt inbhuanaithe.

Cuspóir Inf 1

An timpeallacht tógtha a fheabhsú agus a chosaint trí an soláthar agus cothabháil de réimse córais uisce, fuíolluisce agus uisce stoirme ardchaighdeán.

6.2.0 Soláthar Uisce

Is contae cósta é Loch Garman atá spleách go mór ar screamhuisce mar fhoinsé soláthair uisce. Mar sin tá an caighdeán is airde de bhonneagar uisce inólta agus séarachais bunúsach i mbaint amach forbairt inbhuanaithe ordaitheach atá comhoiriúnach le straitéis lonnaithe na Comhairle.

Glacfaidh leorgacht na n-acmhainní uisce agus baol féideartha ar chaighdeán agus caomhnú an uisce, ardtosaíocht i mbreathnú tairiscintí forbartha. Tá an Chomhairle Chontae tiomanta go hiomlán do na hacmhainní seo a chosaint agus d'fhorbairt a bhagródh a ionracas a rialú.

I dtacaíocht don straitéis lonnaithe déanfaidh an Chomhairle:

Clár infheistíochta caipitil a fhorfheidhmiú don soláthar de sholáthar uisce faoi réir na straitéise forbartha spásúla iomlán agus cuspóirí críosaithe thalamhúsáide na bpleananna baile agus sráidbhaile. Tá sonraí an chláir leagtha amach thíos:

Straitéis Náisiúnta Spásúil - Loch Garman

An fhorbairt den chuid iartharach d'uiscíoch Fradystown a sholáthar chun táirgeacht shábháilte de 21,000 m³ in aghaidh an lae agus córais cóireála agus dáilte coibhneasacha a chur ar fáil. Soláthar do fheabhsú ar chórais cóireála, dáilte agus stórála uisce eiseadh a fheastalaíonn ar bhaile Loch Garman agus a phurláin.

Ionaid Uirbeacha Móra - Inis Córthaidh - Ros Mhic Thriúin - Guaire

Soláthar don fhorleathnú agus feabhsú de chórais cóireála, dáilte agus stórála uisce eiseadh a fheastalaíonn ar limistéir uirbeacha agus purláin de chuid Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire trí an seachadadh de scéimeanna réigiúnacha soláthar uisce.

Ionaid Shóisialta & Spásúla

Soláthar d'fhorleathnú agus feabhsú de phlandaí cóireála uisce eiseadh i gCill Mocheallóg, i gCréach, i mBaile an Táilliúra agus i gCúil Ghréine.

Soláthar don fheabhsú de chórais dáilte agus stórála i ndeisceart (limistéar RWSS Fardystown) agus in iardheisceart (limistéar Soláthair Rinn Duáin) an chontae.

Polasaí WS.1

Chun an Contae a sholáthar le córas soláthair uisce poiblí dóthanach agus iontaofa ónar féidir freastal ar mhéadú i riachtanais bhaile, tráchtála agus tionscail agus chun caighdeán agus iontaofacht scéimeanna soláthair uisce tuaithe a fheabhsú.

Polasaí WS 0.2

Chun leanúint ar aghaidh ag forfheidhmiú, ag monatóireacht agus ag mínghlánadh na Treoirlínte Cosanta Uiscíoch agus cosc a chur le forbairt a sháródh na treoirlínte seo. Féach Tábla 1 – Criosanna Cosanta Uiscíoch agus Léarscáil Uimh. 4

Polasaí WS 0.3

Chun Polasaí Cosanta Screamhuisce cuimsitheach a ullmhú agus a fhorfheidhmiú leis an bpríomhaidhm de chaighdeán screamhuisce a chaomhnú go hairithe ar mhaithe le haistarraingt

Polasaí WS 0.4

Chun caighdeán an sceitheanna eisiltigh fuíolluisce a fheabhsú chun freastal ar chaighdeán cóireála fuíolluisce iomchuí lena n-áirítear riachtanais na dTreoracha Aontais Eorpaigh.

Polasaí WS .5

Chun foinsí uisce inólta a chosaint trí fhorbairt fhoraoisithe, talmhaíochta, tráchtála, tionscail agus teaghlaigh a rialú laistigh de na limistéir aitheanta um chosaint foinse.

TÁBLA 1

CRIOSANNA COSANTA UISCÍGH	
CRIOS 1 – CRIOS COSANTA FOINSE	
FOROINN 1A	
MÉID STÁDAS COSC	10m ó aistarraingtí screamhuisce poiblí. Seasta. Gníomhaíochtaí uile le haon leibhéal baol truailithe.
FOROINN 1B	
MÉID STÁDAS COSC RIALAIGH	60m ó aistarraingtí screamhuisce poiblí. Athraitheach le coinníollacha geolaíocha. Umair sheipteacha. Poll súite d'aon chineál. Scaipeadh sloda séarachais. Reiligí. Suímh diúscartha dramhaíola. Stóráil ceimicí tionsclaíocha. Stóráil nó diúscairt ceimicí feirme. Séaraigh nó draenacha tí bréana. Úsáid leasuithe. Scaipeadh aoiligh nó sciodair.
FOROINN 1C	
MÉID STÁDAS COSC RIALAIGH	250m ó aistarraingtí screamhuisce poiblí. Seasta. Suímh diúscartha dramhaíola. Stóráil ceimicí tionsclaíocha. Dian saothrú forbairtí talmhaíochta. Tógáil locháin leacht dramhaíola. Tógáil claiseanna súite. Úsáid ceimicí feirme.
FOROINN 1D	
MÉID STÁDAS COSC RIALAIGH	100m ó shruthchúrsaí dromchla agus limistéir i mbaol truailithe screamhuisce. Seasta. Mar atá i bhforoinn 1B Mar atá i bhforoinn 1C
CRIOS 2 – MÓRCHRIOS COSANTA UISCÍOCH	
MÉID RIALAIGH	Limistéar forleata ag uiscíoch mór. Suímh diúscartha dramhaíola. Stóráil ceimicí tionsclaíocha agus feirme. Tógáil locháin leacht dramhaíola.

	Dian saothrú forbairtí talmhaíochta. Tógáil umair sheipteacha; suímh aon acra. Úsáid ceimicí feirme. Suímh 1 acra do shuímh coinbhinsiúnacha amháin.
--	--

6.3 Cóireáil Fuíolluisce

Tá an soláthar de bhonneagar cóireála fuíolluisce eisintiúil d'fhorbairt eacnamaíoch, sóisialta, poiblí agus timpeallachta an Chontae agus d'fhorfheidhmiú na straitéise lonnaíochta. Ina theannta tá feabhsú agus soláthar leantach an bhonneagair seo riachtanach chun freastal ar riachtanais na dTreoracha Eorpacha. Cé go bhfuil go leor dul chun cinn tar éis a bheith déanta ar leibhéal agus caighdeán na cóireála fuíolluisce a fheabhsú, tá clár infheistíochta pleanáilte dírithe riachtanach chun freastal ar easnaimh eiseadh ach freisin chun freastal ar riachtanais mhéadaithe tithíochta, tráchtála agus turasóireachta. Tá an clár leagtha amach sa phlean seo deartha chun seirbhísí ar riachtanais reatha agus todhchaí na mbailte agus sráidbhailte ina mbeidh comhchruinnithe faoi réir na Straitéise Lonnaíochta. Tá éascú an fhorleathnaithe pleanáilte, céimnithe de bhailte agus sráidbhailte atá scaipthe ar fud an Chontae faoi réir an chuspóra straitéisigh d'fhorbairt chothrom cothromasach a bhaint amach. Tá buntáiste breise ag an gcur chuige seo de réamhcheannach na n-éileamh ar infheistíocht míchuí ad hoc agus luach á chinntiú don phobal in úsáid optamach d'infheistíocht caite agus reatha.

Beartaíonn clár infheistíochta seirbhísí uisce na comhairle bonneagar bailithe agus cóireála fuíolluisce a uasghrádú agus a fhorleathnú ar bhonn céimnithe, chun freastal ar na tosaíochtaí aitheanta sa straitéis lonnaíochta agus chun ceadú do riachtanais leantacha eacnamaíocha agus timpeallachta an chontae.

I dteannta a clár infheistíochta féin, breathnóidh an Chomhairle Chontae ar réitigh eile don soláthar de bhonneagar fuíolluisce chun forbairt a sheirbhísí i mbailte agus sráidbhailte atá faoi réir cuspóirí straitéiseacha agus pleananna forbartha baile agus sráidbhaile na Comhairle. D'áireodh sé seo suiteáil plandaí cóireála ag forbróirí agus/nó socruithe comhpháirtíochta poiblí/príobháideacha.

I dtacaíocht dá Straitéis Lonnaíochta, déanfaidh an Chomhairle Chontae:

- Clár infheistíochta caipitil a forfheidhmiú, faoi réir maoiniú infhaighte, don soláthar de chóireáil fuíolluisce faoi réir cliarlathas na riachtanas mar atá aitheanta i straitéis lonnaíochta an phlean, tá sonraí an chláir leagtha amach thíos;

Clár Infheistíochta Caipitil

Príomhlimistéar Fáis	Loch Garman
Fo-Limistéar Fáis	Ros Mhic Thriúin, Inis Córthaidh, Guaire
Limistéir Fáis Straitéiseacha	Bun Clóidí, Fearna, Cluain an Róistigh, Cam Eolaing, Ceann Poill, Baile an Droichid, Droichead Eoin, Calafort Ros Láir, Baile Uí Choileáin
Limistéir Fáis Ceantair	Fiodh Ard, Cúil Ghréine, Cill Mhucraise, Cé na Cille Móire, Teach Munna, Droichead an Chaisleáin, Carraig an Bhanú, Baile na Cúirte
Limistéir Fáis Áitiúla	Ros Láir, Dún Chormaic. Colmán, Dún Canann, Currach Cló, Brí, Áth an Chorráin, Maolán na nGabhar

Polasaí WT I.1

Chun clár infheistíochta caipitil a fhortheidhmiú don soláthar de chóireáil fuíolluisce faoi réir na straitéise forbartha spásúla iomlán mar atá liostaithe i gcuid na straitéise lonnaíochta den phlean seo agus i gcuspóirí criosaithe talamhúsáide na bpleananna baile agus sráidbhaile.

Polasaí WTI.2

Breathnóidh an tÚdarás Pleanála ar chead pleanála a bhronnadh do scéimeanna fuíolluisce príobháideacha áit atá iomchuí. Beidh a leithéid de scéimeanna cuspóir-dheartha, iomchuí i scála, speisialtacht agus inniúlacht do riachtanais na n-úsáideoirí agus beidh siad faoi réir socruithe cothabhála agus nasctha ina gceangal dlí aontaithe leis an gComhairle Chontae.

Polasaí WTI.3

Forbairt bailte agus sráidbhailte a éascú mar atá aitheanta i straitéis lonnaíochta an phlean trí bhonneagar Fuíolluisce a fheabhsú agus a fhorleathnú faoi réir infhaighteacht maoinithe.

Polasaí WTI.4

An seirbhísiú de thalamh forbartha a sholáthar trí an clár Tionscadail Talaimh Seirbhísithe.

Polasaí WTI.5

Comhlíonadh na Treorach Cóireála Fuíolluisce Uirbeach an AE a chinntiú maidir le caighdeáin eisiltigh.

Polasaí WTI.6

Chun caighdeán d'uisce cósta a choinneáil trí an feabhsú leantach de bhonneagar séarachais agus córais cóireála fuíolluisce ag seirbhísiú lonnaíochtaí cósta

Polasaí WTI.7

Chun a chinntiú go bhfreastalaíonn socruithe do chóireáil agus diúscairt eisiltigh ó fhorbairtí nua uile ar na caighdeáin cóireála fuíolluisce is déine.

Polasaí WTI.8

Chun aird a thabhairt ar Phrionsabail Réamh-aireacha agus Íoc Mar a Thruaillítear.

6.3.1 Plandaí Cóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe

Beidh crios maolánach riachtanach timpeall ar chórais cóireála fuíolluisce. Leagann Tábla 2 amach faid íosta molta gur cheart a bheith úsáidte mar threoir. D'fhéadfaí na faid mholta sonraithe mar atá sonraithe i dTábla 2, a laghdú i gcúinsí ina bhfuil an chomhairle sásta, tar éis staidéar eolaíochta sonraithe nach mbeidh tionchar míchuí ag an gcóras cóireála fuíolluisce ar fhorbairt chónaithe reatha nó beartaithe. D'fhéadfadh sé seo a bheith bainteach áit ina bhfuil córais fuíolluisce eiseadh uasghrádaithe nó forleathnaithe.

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an fad íosta a mhéadú más rud é i dtuairim an chomhairle, go bhfuil cúinsí ann gur gá le deighilt níos fearr idir fhorbairt chónaithe agus córais cóireála.

Tomhaistear an fad deighilte ó theorann an tsuímh córais cóireála go líne tógála na forbartha cónaithe. Ba cheart do phlandaí Cóireála Fuíolluisce a bheith suite ionas nach steirilíonn siad (i bhfoirm faid deighilte) tailte nach bhfuil faoi smacht an fhorbróra ach má fhaightear comhaontú dlíthiúil iomlán leis na húinéirí talaimh corraithe.

Fálófar plandaí cóireála fuíolluisce uile go daingean chun rochtain neamhúdairithe a chosc.

TÁBLA 2**Córais Cóireála Fuíolluisce agus Forbairt Chónaithe – Faid Íosta Molta:**

Méid an Chórais p.e.	Líon Garbh na dTithe Seirbhísithe	Fad ó fhorbairt chónaithe reatha agus beartaithe (m)
10 – 40	2 – 10	28
41 – 60	11 – 15	31
61 – 80	16 – 20	34
81 – 100	21 – 25	37
101 – 120	26 – 30	40
121 – 140	31 – 35	43
141 – 160	36 – 40	46
161 – 500	41 – 125	50
500 – 5000	>125	100
>5000	N/B	150

6.3.2 Córais Cóireála Fuíolluisce Tuaithe

I limistéir tuaithe, cóireáiltear agus diúscaítear mórán den fhuíolluisce táirgthe ar an láthair trí mheán córais umair sheipteacha indibhidiúla agus córais cóireála eisilteach dílsithe. Tá sé eisintiúil go bhfuil na córais seo suiteáilte i gceart, le monatóireacht rialta agus coinnithe faoi réir moltaí an déantóra. Ba cheart go mbeadh na córais cóireála deartha agus suiteáilte faoi réir lámhleabhar treorach na GCC maidir le córais cóireála maidir leis an gcóras beartaithe ar leithligh.

Polasaí WTI.9

Suíomh na n-umar seipteacha agus córas cóireála eisiltigh dílsithe a rialú go docht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn ar shaincheist na suiteála, monatóireachta agus cothabhála cirte ar mhaithe le cosaint na timpeallachta agus sláinte phoiblí.

6.4.0 Uisce Dromchla & Draenáil

De bharr a dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha, is féidir leis an timpeallacht tógtha méadú a chruthú i ráta rití an uisce dromchla. Tá formhór na mbailte agus sráidbhailte sa Chontae ábalta déileáil le rith uisce dromchla trí hídiú nádúrtha isteach i sruthchúrsaí, srutháin, díoga srl. in aice láimhe nó trí an suiteáil de chórais shaorga draenála. Cuidíonn an láithreach de thimpeallacht nádúrtha, ag ionchorprú coillearnacha agus bogaigh i gcoinneáil uisce dromchla, uaidh sin ag cabhrú i rialú an tsreafa de shruthanna.

Soláthraíonn áiseanna coinneála uisce dromchla stóráil sealadach d'uisce dromchla atá sa bhreis ar na rataí reatha réamhfhorbartha. Breathnaítear go bhfuil an modh seo faoi réir treoirínte dea-chleachtais agus beidh sé riachtanach chun cuid de thairiscintí forbartha a dhéanamh suas.

Polasaí WTI. 10

Tá an sceitheadh de rith uisce dromchla agus uisce fearthainne isteach i gcórais draenála séaraigh uisce bréan coiscithe go docht.

Polasaí WTI 11

- 1) Soláthrófar stóráil uisce dromchla chun an t-uisce dromchla sa bhreis ar an doirteadh ceadaithe ag teacht ó himeacht báistí tréimhse aischuir bliain amháin i dtríocha.***
- 2) Coinneofar uisce dromchla breise ag teacht ó himeacht báistí de thréimhse aischuir idir bhliain i dtríocha agus bliain i gcaoga laistigh de theorainneacha an tsuímh.***
- 3) Aithneofar go soiléir bealach rití an uisce dromchla breise sa bhreis ar an imeacht báistí de thréimhse aischuir bliain i gcaoga.***

Policy WT1.12

Chun go mbeadh sé riachtanach forbairtí a choinneáil fad iomchuí ó shruthchúrsaí chun iad a chosaint ó thruailliú, ceadaigh do dhraenáil nádúrtha agus éascaigh cothabháil glanadh cainéil.

Policy WTI.13

Chun limistéir bhogaigh agus tuilemhánna a chosaint ó fhorbairt ach amháin áit nach laghdaíonn a leithéid d'fhorbairt an limistéar tuilemhá nó nach dteorannaítear sreabhadh thar thuilemhánna – .m.sh. úsáidí áineasa.

6.4.1 Tuile

Tá imeachtaí tuile sa Chontae ag éirí níos minice. D'fhéadfadh sé seo a bheith de bharr athrú aeráide, níos mó talamh á fhorbairt, limistéir neamh-thréscaoilteacha méadaithe, níos lú limistéir do chaolú de bharr mhíntíriú talaimh agus leibhéil mhéadaithe dianfheirmeoireachta srl. Mar sin tá sé riachtanach a chinntiú go gcoinnítear tuilemhánna eiseadh saor ó fhorbairt. I dtairiscintí d'fhorbairt eastáit tithíochta nó d'fhorbairt thráchtála i limistéar ar leithligh a bhreathnaíonn an Chomhairle chun a bheith tugtha do thuilte, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach d'fhorbróirí Measúnú Tionchair Tuile agus tairiscintí do Chóras Draenála Uirbhig Inbhuanaithe (SUDS) a chur isteach

Polasaí FI 1

Laistigh d'éagsúlacht na sruthchúrsaí a bhreathnaíonn an chomhairle chun a bheith

tugtha do thuilte, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach d'fhorbróirí Measúnú Tionchair Tuile a chur isteach i dtacaíocht dá n-iarraitas pleanála. Ina leithéid

de chásanna ní foláir d'fhorbróir a thaispeáint go n-íoslaghdóidh siad baol tuile, lena n-áirítear caolú in situ.

6.4.2 Bainistíocht Shloda

Imlíníonn Plean Bainistíochta Shloda an Chontae 2001-2020 an straitéis do bhainistíocht shloda neamhghuaisí a ginte laistigh de limistéar feidhmiúcháin Comhairle Chontae Loch Garman. Beartaíonn an Plean an bailiúchán agus dí-uisciú de shloda cathrach agus earnála príobháideacha ag ionaid satailíte aitheanta sa chontae agus an soláthar de chóireáil bhreise chun táirge bith-sholaid Aicme A a tháirgeadh in ionad sloda Moil na Comhairle i Loch Garman nó in ionad cóireála eile laistigh den réigiún. Beidh na bith-sholaid táirge deiridh táirgthe tar éis cóireáil oiriúnach d'úsáid inbhuanaithe i dtalmhaíocht.

I dtacaíocht don Phlean déanfaidh an Chomhairle:

- * Plean Bainistíochta Shloda an Chontae a uasghrádú mar atá riachtanach
- Clár infheistíochta caipitil a fhorfheidhmiú don soláthar de chóireáil sloda agus athúsáid faoi réir Plean Bainistíochta Sloda an Chontae. Tá sonraí an chláir leagtha amach thíos:

Straitéis Náisiúnta Spásúil - Loch Garman

Mol Cóireála Sloda Coibhéis Dhaonra 150,000 a sholáthar don táirge de tháirge bith-sholaid Aicme A ag suíomh WWTP Loch Garman.

Ionaid Uirbeacha Móra - Inis Córthaidh - Ros Mhic Thriúin - Guaire

Soláthar d'ionad shatailíte sloda mar chuid chomhtháite de Phríomhscéimeanna Draenála Inis Córthaidh, Ros Mhic Thriúin agus Guaire a cheadóidh do dhí-uisciú sloda dúchasaigh agus iompórtáilte.

Ionaid Shóisialta & Spásúla

Soláthar d'áiseanna sloda nua i gCuan Ros Láir, i mBaile na Cúirte agus i mBun Clóidí roimh iompar ar aghaidh go satailít an ionaid-moil.

Pleanáil don chóireáil agus / nó iompar ar aghaidh de shloda ginte ag ionaid cóireála uisce cathrach do na bailte/sráidbhailte Baile Muine, Ceann Poill, An Ghráin Seach, Cill Mhucraise/Caisleán Chlainne Mhuiris, Baile Uí Choileáin agus Móin na gCaor.

Pleanáil don chóireáil agus / nó iompar ar aghaidh de shloda ginte ag plandaí cóireála uisce cathrach ag WTP Mayglass, WTP Loch Garman-An Baile Nua, WTP Créach, WTP Cill Mocheallóg, WTP Baile an Táilliúra, WTP Ros Mhic Thriúin agus WTP Guaire.

Polasaí Inf.24

Chun Plean Bainistíochta Sloda Loch Garman a nuashonrú mar atá riachtanach chun freastal ar shaincheistean mar a éiríonn siad agus ag eatraimh nach bhfuil níos faide ná 5 bliana.

6.5.0 Caighdeán Uisce Abhann

Chomharthaigh Treoir Creatlaí Uisce an AE cur chuige nua i leith bainistíocht chaighdeáin uisce bunaithe ar bhainistíocht abhantraí. Measúnaíonn bainistíocht abhantraí caighdeán uisce agus fachtóirí coibhneasacha (lena n-áirítear talamhúsáid) laistigh de na habhantracha agus déantar polasaithe comhtháite agus iomlánaithe bunaithe orthu seo.

Polasaí Inf.25

Forfheidhmeoidh Comhairle Chontae Loch Garman soláthairtí na bPleananna Bainistíochta Abhantraí (Pleananna Bainistíochta Abhantraí an Oirthir & an Oirdheiscirt) chun timpeallacht, sláinte phoiblí agus poitéinsil áineasa na gcoirpíní uisce seo a chosaint.

6.6.0 Caighdeán Aeir

Níl truailliú aeir ag éirí ó dhó breoslaí iontaise ina fhadhb mhór i gContae Loch Garman faoi láthair. Leanfaidh an Chomhairle Chontae ag coinneáil na

staide seo trí sholáthairtí an **Achta um Thruailliú Aeir, 1987**, agus go fadtéarmach trí pholasaithe a thóraitheacht a chosnaíonn caighdeán aeir timpeallaigh lena n-áirítear:

- tacú le hiompar poiblí agus iompar neamh-innealta mar mhodh chun astuithe aeir ginte go háitiúil a laghdú.
- ag cosaint grúpaí crainn suntasacha agus cineálacha eile fásra agus ag spreagadh tírdhreachta agus plandáil crann mar mhodh íonaithe aeir agus an scagadh de pháirteagail chrochta

Polasaí Inf.25

Chun caighdeán aeir thimpeallaigh an Chontae a chosaint, rialóidh an Chomhairle astuithe tionsclaíocha agus eile trí sholáthairtí an Achta um Thruailliú Aeir 1987 a fheidhmiú go docht.

6.7.0 Teileachumarsáidí

Tá forbairt ghasta i dteicneolaíocht theileachumarsáide tar éis a bheith mar chúis d'athruithe móra socheacnamaíocha, ag cruthú tionscail nua agus ag aistriú an chaoi ina fheidhmíonn gnóthaí eiseadh. Tá an cumas ag an teicneolaíocht chun pátrúin traidisiúnta talamhúsáide agus caidrimh uirbeachtuaithe a athrú ag cruthú deiseanna le haghaidh:

- obair baile i limistéir tuaithe
- foghlaim fadsaol
- riachtanas comaitéireachta laghdaithe le laghdú iarmhartach i dturais gluaisteáin

Tá Contae Loch Garman suite go straitéiseach chun leas a bhaint as na buntáistí de theileachumarsáidí feabhsaithe maidir le naisc reatha agus beartaithe na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa agus a chumas leathanbhanda atá ag forbairt. Beidh torthaí móra ag córas teileachumarsáidí nua-aimseartha sa Chontae maidir le hinfheistíocht isteach a tharraingt agus forbairt agus forleathnú turasóireachta a éascú. Spreagfaidh an chomhairle forbairt, úsáid agus rolladh amach na teicneolaíochtaí nua sa tionscal teileachumarsáide.

Polasaí Inf.26

Chun aird a thabhairt ar “Telecommunications Antennae and Support Structures – Guidelines for Planning Authorities” na Roinne Comhshaoil, 1996 nó doiciméid nuashonraithe nuair a fhoilsítear iad, agus iarratas ar chranntarchurtha teileachumarsáide á mheasúnú.

Polasaí Inf.27

***Chun an úsáid de chrainn tarchurtha agus suímh eiseadh a uasmhéadú,
chun teorainn a chur ar thionchar
forbartha ar an tírdhreach, ag tabhairt tosaíocht do chosaint
tírdhreacha leochaileach nó íogair ó thaobh amhairc de agus limistéir de
luach
caomhnaithe nádúir.***

Polasaí Inf.28

***Chun glacadh le toimhde in aghaidh an tógáil d'aintéiní cóngarach do
limistéir chónaithe, scoileanna nó áiseanna pobail, struchtúir de leas
stairiúil nó
ailtireachta agus limistéir agus suímh de thábhacht seandálaíochta.***

6.7.1 Leathanbhanda

Tacaíonn Comhairle Chontae Loch Garman leis an dTionscnamh Leathanbhanda Thoir Theas (Serpant). Is é seo an tionscnamh aonair is mó sa Chlár Náisiúnta Leathanbhanda.

Cosnóidh an tionscnamh thart ar €14m agus áiríonn sé an tógáil de beagnach 100km de chábla snáthoptaice faoi thalamh sa Réigiún Thoir Theas. Feabhsóidh an córas tarraingteacht agus indíoltacht an Réigiúin d'infheistíocht thionsclaíoch, forbairt fhiontair, agus taighde agus forbairt.

Cuspóir Inf 2

***Tacóidh Comhairle Chontae Loch Garman le forleathnú agus tar-
rolladh leanúnach
de sheirbhísí leathanbhanda ar fud Contae Loch Garman agus go
háirithe an soláthar de leathanbhanda do Bhailte Guaire, Ros Mhic
Thriúin agus Inis Córthaidh.***

6.8.0 Fuinneamh

Aithníonn an Chomhairle Chontae an gá chun spleáchas ar úsáid bhreosla iontaise do ghiniúint fuinnimh a laghdú, agus tacaítear le forbairt na n-acmhainní in-athnuaite. Tá an cur chuige seo faoi réir straitéisí fuinnimh Náisiúnta agus Aontais Eorpaigh.

6.8.1 Éifeachtacht Fuinnimh

Aithníonn Comhairle Chontae Loch Garman an gá chun spleáchas ar bhreosla iontaise do ghiniúint fuinnimh a laghdú, agus tá sí tiomanta do thacú le forbairt na n-acmhainní fuinnimh in-athnuaite agus úsáid fuinnimh in-athnuaite i dtionscnaimh tógála nua uile sa Chontae a mhéadú.

Mar sin tá an Chomhairle Chontae ag beartú gur cheart d'fhorbairtí tógála nua uile aimsiú chun feidhmiúchán íseal fuinnimh a bhaint amach .i. laghdú de 40% in úsáid fuinnimh (go faoi bhun 75kWh/m2/in aghaidh na bliana).

Is féidir cur síos ar fheidhmiúchán íseal fuinnimh mar fhoirgnimh le spás agus téamh fuinnimh bliantúil, gan dul thar 60% de chaighdeán reatha, léiríonn sé seo laghdú de 40% in éileamh fuinnimh teirmeach agus astuithe CO₂ coibhneasacha de réir soláthar Doiciméad Treorach Teicniúil L (TGDL) na Rialacháin tógála 2002

Polasaí Inf. 29

Beidh forbairtí tógála cónaitheach riachtanach chun freastal ar na spriocanna feidhmiúcháin fuinnimh ísle. Beidh ráta éifeachtacht fuinnimh íosta de B1. ag feidhmiúchán fuinnimh gach foirgnimh mar atá ríomhtha ag an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER). Ba cheart go n-ionchorpródh teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite ionas gur féidir cabhrú an rátáil B1 riachtanach a bhaint amach.

6.8.2 Straitéis Fuinnimh Gaoithe

Comharthaíonn na treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe (2006) eisithe ag an RCORA go bhfuil sé tábhachtach go n-ionchorpraíonn pleananna forbartha uile ráiteas ar pholasaithe agus chuspóirí an Údaráis Pleanála maidir le forbairt fuinnimh gaoithe lena n-áirítear na hábhair sin a thógfar san áireamh agus iarratais pleanála ar thairiscintí fuinnimh gaoithe sonracha á measúnú.

Aithnítear go bhfuil poitéinseal ag Contae Loch Garman chun fuinneamh a sholáthar ó fhoinsí in-athnuaite. Go háirithe, i gcás limistéir ar nós an oirdheisceart nochta agus limistéir sléibhe san iarthuaisceart, tá meán luais ghaoithe bliantúla breathnaithe chun a bheith oiriúnach do ghiniúint fuinnimh gaoithe tráchtála.

Polasaí Inf.30

Éascóidh Comhairle Chontae Loch Garman fhorbairt de thuirbíní gaoithe baile aonair agus forbairtí feirme gaoithe tráchtála faoi réir Straitéis Fuinnimh Chontae Loch Garman atá mar chuid den phlean seo.

6.8.3 Fuinneamh Gréine

Is é fuinneamh gréine an fhoirm fuinnimh in-athnuaite is inrochtana atá ann. Le blianta beaga anuas aithníodh an ról suntasach gur féidir a bheith ag teicneolaíocht fhuinnimh gréine i soláthar foinse inbhuanaithe teasa agus

leictreachais, mar sin ag laghdú an t-éileamh ar leictreachas agus bhreosla iontaise.

Polasaí Inf. 31

Cuirfidh an Chomhairle úsáid teicneolaíochta gréine chun cinn i dtithe, oifigí, foirgnimh tráchtála nó tionsclaíocha uile nua agus eiseach.

6.8.4 Hidrifhuinneamh

Molfaidh an chomhairle an úsáid d'aibhneacha, inbhir agus an urthrá, áit atá oiriúnach, d'fhorbairt Hidrifhuinnimh. I dtairiscintí uile rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle le Rannóg na bPáirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra de chuid an RCORA agus an Bord Iascaigh Réigiúnach maidir le tionchar a leithéid de thairiscintí ar ghluaiseacht shaoráideach iasc, caighdeán bradán na n-aibhneacha agus tionchar éiceolaíoch a d'aon ainmniú AE nó náisiúnta.

Polasaí Inf.32

Spreagfaidh an Chomhairle forbairt thionscnaimh hidrileictreachais de scála beag áit nach gcuireann siad isteach ar fhiadhúlra uisceach, oidhreacht, cearta slí, rianta rochtana agus maoine tríú pháirtithe.

6.8.5 Bithmhais/ millíní

Polasaí Inf.33

Chun an úsáid de bithmhais agus coirí millíní a spreagadh i bhforbairtí nua uile.

Polasaí Inf.34

Chun an fhorbairt d'áiseanna Bithbhreosla in ionaid iomchuí a éascú faoi réir critéir iomchuí pleanála, fónais, innealtóireachta agus sábháilteachta uile a shásamh.

6.8.6 Díleá anaeróbach

Is é díleá anaeróbach an próiseas de dhianscaoileadh ábhar orgánach ag orgánaigh anaeróbacha i dtimpeallacht ar easpa ocsaigin. Úsáideann díleáiteoirí anaeróbacha an próiseas nádúrtha de dhíleá anaeróbach chun dramhaíl a chóireáil, fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh nó an dá rud. Úsáidtear díleáiteoirí anaeróbacha go coitianta le haghaidh cóireáil séarachais agus le haghaidh déileáil le dramhaíl ainmhithe.

Polasaí Inf.35

Chun an fhorbairt de Dhíleáiteoirí Anaeróbacha a spreagadh faoi réir critéir iomchuí pleanála, fónais, bolaidh, innealtóireachta agus sábháilteachta uile a shásamh.

6.8.7 Geoiteirmeach

Tagraíonn fuinneamh geoiteirmeach d'fhuinneamh teasa stóráilte i dtalamh an domhain.

Polasaí Inf.36

Chun an úsáid de tháirgí fuinnimh geoiteirmeacha a chur chun cinn i bhforbairtí nua.

6.8.8 Líonra Gáis

Aithníonn an Chomhairle Chontae an tábhacht de chónascadh leis an líonra gáis náisiúnta don Chontae i dtéarmaí forbairt eacnamaíoch agus tórófar é mar chuspóir leis an mBord Gáis agus gníomhaireachtaí eile.

Cuspóir Inf.2

Chun dul i gcomhairle leis an mBord Gáis agus gníomhaireachtaí eile maidir leis an bpoitéinseal chun na príomhlonnaíochtaí i gContae Loch Garman a chónascadh leis an Líonra Gáis Náisiúnta.

6.8.9 Línte Tarchuir Leictreachais

Féachfaidh an Chomhairle Chontae i dtreo na línte uile a chur faoi thalamh áit ina:

- dtrasnaítear limistéir ainmnithe mar thírdhreacha leochaileacha nó scéimhiúla
- dtógtar ó luach fónais agus ionracais de bhealaí scéimhiúla
- gcuirtear isteach ar nó a loitear ábhair oidhreachta, struchtúir chosanta, suímh agus limistéir de thábhacht nó poitéinseal seandálaíochta
- gcuirtear isteach ar nó a loitear limistéir agus suímh de luach caomhnaithe nádúir go hairithe Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Limistéir Speisialta Caomhnaithe agus Limistéir Cosanta Speisialta.

6.9.0 Dramhaíl

6.9.1 Bainistíocht Dramhaíola

Tá bonneagar bainistíochta dramhaíola éifeachtach ríthábhachtach ar chúiseanna cosanta timpeallachta agus i dtacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch. Aibhsíonn an Plean Forbartha Náisiúnta mar thosaíocht an gá d'infheistíocht ina leithéid de bhonneagar tugtha an teannas suntasach á chur ar sholáthar eiseadh mar thoradh d'fhás eacnamaíoch gasta.

Tá an easpa de chóras comhtháite bainistíochta dramhaíola ag cur ár dtimpeallacht faoi bhrú agus ag cruthú éiginnteacht agus costais arda le haghaidh na hearnálacha tionsclaíocha, tráchtála agus baile. Acmhainn ábhartha poitéinseal í dramhaíl dheighilte agus bainistithe i gceart gur féidir gníomhaíocht agus fostaíocht eacnamaíoch a ghiniúint. Is féidir leis freisin an timpeallacht a chosaint ón truailliú de bharr dumpáil neamhdhlíthiúl agus loscadh clóis cúil.

Is féidir le saincheist na bainistíochta dramhaíola a bheith sainmhínithe go leathan ag clúdach trí phríomhlimistéar:

- (1) Cosc agus laghdú dramhaíola.
- (2) Athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola.
- (3) Diúscairt dramhaíola.

Polasaí Inf.37

Chun soláthairtí an Comhphean Bainistíochta Dramhaíola don Réigiún Thoir Theas, 2006 a fhorfheidhmiú.

Déanfaidh an Chomhairle íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn agus a spreagadh mar thosaíocht; forfheidhmeofar tionscadail athúsáide agus athchúrsála murar féidir dramhaíl a chosc, murar féidir dramhaíl a athúsáid nó a athchúrsáil diúscrófar í ar bhealach a íoslaghdóidh truailliú na timpeallachta, atá eacnamaíoch agus féideartha go teicniúil agus sa chaoi is go bhfeidhmeofar an Prionsabal Íoc Mar a Thruaillítear.

6.9.2 Cosc agus Laghdú Dramhaíola.

Baintear amach an cosc agus laghdú dramhaíola trí hoideachas agus meabhraíocht timpeallachta, chun daoine a chomhairliú faoi na céimeanna gur féidir a thógáil chun dramhaíl a chosc agus laghdú a bhaint amach trí dheighilt dramhaíola ag an bhfoinse.

Polasaí Inf.38

Chun straitéisí íoslaghdaithe dramhaíola a spreagadh do dhramhaíl baile, tionsclaíoch agus tráchtála trí an soláthar d'áiseanna athchúrsála.

Polasaí inf. 39

Spreagfaidh an chomhairle athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola trí fhorleathnú líonra bainc beir leat do ghloine, cannaí, páipéar s.rl. trí níos mó ionaid conláiste cathartha a oscailt agus trí threoirthionscadal bosca bruscair donn a thabhairt isteach chun dramhaíl orgánach a dheighilt ón mbosca bruscair iarmharach agus dramhaíola le haghaidh múiríníú. Scrúdófar ar an réimse ábhar infhaighte le haghaidh bailiúcháin sa bhailiúchán athchúrsála tirim chun é seo a mhéadú más féidir.

6.9.3 Torann

Polasaí Inf.40

Chun fónais a chosaint agus truailliú torainn a chosc sa Chontae, tabharfaidh an Chomhairle aird ar an Acht GCC, 1992 agus Rialacháin Torainn an GCC, 1994.

6.9.4 Bainistíocht Bhruscair

Tá tionchar diúltach suntasach ag bruscar ar chaighdeán beatha na saoránach, ar an timpeallacht, turasóireacht agus infheistíocht isteach. Tá an chomhairle tiomanta chomh fada agus ata praiticiúil do thimpeallacht saor ó bhruscar a choinneáil.

Polasaí Inf.41

Chun an Plean Bainistíochta Bruscair a fhorfheidhmiú do Chontae Loch Garman

CAIBIDIL 7

7.0 Pobal, Cultúr, & Oideachas

7.1.0 Pobal

- 7.1.1 Rannpháirtíocht Phobail
- 7.1.2 Grúpaí Riachtanas Speisialta
- 7.1.3 Grúpaí Eitneacha
- 7.1.4 Mná, Leanaí & Daoine Óga
- 7.1.5 An Lucht Siúil
- 7.1.6 Ag Freastal ar Dhaoine le Míchumaís
- 7.1.7 Tithíocht Inrochtana
- 7.1.8 Seandaoine
- 7.1.9 Tithe Altranais/Tithe Cúraim Chónaithe

7.2.0 Áiseanna Cúram Leanaí

7.3.0 Cultúr

- 7.3.1 Ealaín Phoiblí
- 7.3.2 Leabharlanna

7.4.0 Oideachas

- 7.4.1 Ról an Údaráis Phleanála
- 7.4.2 Dé-Úsáid Foirgnimh Scoile

7.0 Pobal, Cultúr, & Oideachas

Is iomaí athrú daonra agus imirce isteach atá tarlaithe i Loch Garman le deich mbliana anuas le níos mó ná 27,000 duine breise sa Chontae ná mar a bhí i 1996. Breathnaítear ar beagnach 18,000 díobh seo le bheith mar thoradh ar imirce isteach. Tá tionchar ollmhór ag méaduithe daonra agus imirce isteach ar dhinimic an Chontae. Ní foláir don Chomhairle freagraí iomchuí a chur in áit chun freastal ar réimse leathan riachtanais lena n-áirítear tithíocht, bonneagar, seirbhísí, áiseanna sóisialta agus cultúrtha. Tá tógáil pobail láidre agus cuimsitheacha mar phríomhghné i mbaint amach forbairt inbhuanaithe. Is léir go bhfuil forbairt eacnamaíoch tábhachtach ach le haghaidh forbairt inbhuanaithe, ní foláir do dhaoine rochtain a bheith acu ar sheirbhísí oideachais, sláinte agus cúraim leanaí ard chaighdeán, fónais agus áiseanna áineasa agus fóillíochta, seirbhísí tacaíochta pobail agus timpeallacht tógtha de chaighdeán maith.

Cruthaíonn sé seo deis do bhaill uile na bpobal, óg agus aosta, chun bualadh agus a bheith i gcaidreamh d'fhonn líonraí sóisialta láidre a chruthú agus meon áite agus muintearais a fhorbairt. Toisc insní cónaitheoirí nua le go leor daoine le ceangail acu i mball eile mar aon le maireachtáil nua-aimseartha, le daoine ag obair i limistéar amháin agus ag maireachtáil i limistéar eile, is féidir leis an deis idirghníomhaithe idir chónaitheoirí nua agus baill eiseadh an phobail a bheith annamh. Is féidir le caidrimh shóisialta agus meon pobail níos faide a thógáil le bunú. Chomh maith, beidh níos mó bacainní ag roinnt grúpaí i mbaint amach na deiseanna, seirbhísí agus áiseanna céanna, cibé an trí bhacainní dífhostaíochta, míchumais, aoise, inscne, suímh, bunúis nó teanga. Beidh polasaithe agus gníomhaíochtaí sonracha de dhíth ar na grúpaí seo a chumasóidh iad chun an caighdeán maireachtála céanna a bheith acu leis an gcuid eile den phobal, eisintiúil do phobal inoiriúnaithe cuimsitheach agus cothromasach.

Fanann an tÚdarás Pleanála tiomanta don soláthar d'áiseanna fóna pobail, áineasa agus cultúrtha chun freastal ar riachtanais agus ionchais de dhaonra méadaithe Loch Garman.

Cuspóir C1

Chun an fhorbairt de phobail inbhuanaithe a chur chun cinn, ar bhonn ard-cháilíocht na beatha ina féidir le daoine cónaí, obair agus taitneamh a bhaint as rochtain ar réimse leathan áiseanna pobail, cultúrtha, sláinte agus oideachais oiriúnach d'aoiseanna agus riachtanais uile.

Tacóidh agus éascóidh an Chomhairle an soláthar d'áiseanna nua agus an feabhsú d'áiseanna eiseadh pobail, sláinte agus oideachais. Áit ar féidir, cosnóidh agus feabhsóidh an Chomhairle sócmhainní cultúrtha ar mhaithe le taitneamh poiblí agus don oideachas de chónaitheoirí agus cuairteoirí araon. Comhoibreoidh an Chomhairle le leasanna príobháideacha agus tráchtála, grúpaí pobail agus deonacha agus gníomhaireachtaí stáit i gcinntiú

dáileadh cothromasach d'áiseanna ag suímh áisiúla don áit ina chónaíonn agus oibríonn daoine.

Polasaí C1

Éascóidh an Chomhairle an soláthar d'áiseanna pobail fóna faoi réir straitéis an Bhoird Forbartha Contae mar atá imlínithe sa dhoiciméad “Remodelling the Model County 2002 – 2012” maidir le soláthar cúram leanaí, spraoi, spóirt agus na healaíona.

Polasaí C2

Áit atá áiseanna pobail nua riachtanach mar thoradh ar fhorbairt nua, beifear ag súil go gcuirfidh an forbróir le costas soláthair na háiseanna seo.

Polasaí C3

Aithníonn an Chomhairle an gá chun soláthar áiseanna pobail sa Chontae a choinneáil agus, áit ar féidir, an soláthar seo a fheabhsú. Féachfaidh an Chomhairle i dtreo éascú an fhorbairt iomchuí ag comhlachtaí deonacha.

7.1.0 Pobal

Tá mar riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe go dtabharfaí aird ar fhéiniúlacht chultúrtha agus comhionannas sóisialta. Tá Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta do dhaoine agus pobail áitiúla a dhéanamh páirteach i saincheisteanna uile le héifeacht acu ar a limistéar. Is iomaí eagraíocht deonach agus náisiúnta sa Chontae atá ag obair chun na leibhéil eisiama sóisialta a laghdú trí sholáthar seirbhísí, ag tógáil na hacmhainne de ghrúpaí áitiúla, ag cumhachtú daoine indibhidiúla agus cur chun cinn rannpháirtíochta i ngníomhaíocht pobail.

Cuspóir C2

Chun próiseas ‘Iniúchadh Sóisialta’ a fhorbairt le linn saolré an Phlean, d’fhonn na limistéir ina bhfuil easpa áiseanna sóisialta/pobail a aithint, agus a dhéanamh amach céard atá de dhíth ar phobail áitiúla i gcomhar leis an mBord Forbartha Contae.

7.1.1 Rannpháirtíocht Phobail

Féachann an Chomhairle i dtreo cur chuige comhpháirtíochta a bhunú, idir an Chomhairle, grúpaí pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí ábhartha mar bhonn le pleananna limistéir áitiúil nó pleananna gníomhaíochta a chruthú, a léiríonn riachtanais dháiríre an phobail.

Tá an Chomhairle tiomanta do dhea-chaidreamh oibre a choinneáil le grúpaí agus eagraíochtaí deonacha laistigh den Chontae, agus do thacú le hiarrachtaí na bpobal chun áiseanna agus fónais ina limistéir áitiúla a sholáthar agus a fheabhsú. Tá sé ceaptha chun meabhraíocht phobail a chur chun cinn ar fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Comhairle, chun faisnéis a sholáthar maidir lena polasaithe agus cuspóirí agus chun páirtíocht i gcomhairliú le pobail áitiúla mar is cuí.

Polasaí C4

Éascóidh an Chomhairle an soláthar d'ionad pobail, scoileanna srl. trí íosmhéid de 10% de thailte cónaithe críosaithe uile i bPleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil le bheith críosaithe d'Áiseanna Pobail

Polasaí C5

Spreagfaidh agus cuideoidh an Chomhairle le cumadh, forbairt, treo agus comhordú d'eagraíochtaí pobail, leasanna pobail agus grúpaí féin-chabhracha, le béim ar limistéir de Riachtanas Speisialta laistigh den Chontae.

Cuspóir C3

Chun dul i mbun comhairliú agus meicníochtaí rannpháirtíochta pobail iomchuí in ullmhúchán pleananna limistéir áitiúil comharthaithe sa Phlean Forbartha Contae.

Cuspóir C4

Chun tacú le soláthar áiseanna pobail áit atá riachtanach, agus chun leanúint ag tabhairt urraíocht do thionscnaimh pobail mar is cuí.

7.1.2 Grúpaí Riachtanas Speisialta

Beidh níos mó bacainní ag roinnt grúpaí i mbaint amach na deiseanna seirbhísí agus áiseanna céanna, cibé an trí bhacainní dífhostaíochta, míchumais, aoise, inscne, suímh, bunúis nó teanga. Áiríonn na grúpaí seo leanaí/daoine óga, daoine níos sinne, mná, daoine atá tinn nó iad siúd le míchumais éagsúla, baill de phobal an lucht siúil agus baill de ghrúpaí eitneacha mionlaigh reatha agus nua na hÉireann.

Beidh polasaithe agus gníomhaíochtaí sonracha de dhíth ar na grúpaí seo a chumasóidh iad chun an caighdeán maireachtála céanna a bheith acu leis an gcuid eile den phobal, eisintíúil do phobal inoiriúnaithe cuimsitheach agus cothromasach.

Polasaí C6

Aithneoidh an Chomhairle an gá do dhaoine le riachtanais speisialta chun taitneamh a bhaint as timpeallacht maireachtála fiúntach sa Chontae, agus chun tacú le pobail áitiúla agus comhlachtaí eile bainteach i soláthar áiseanna do dhaoine le riachtanais speisialta.

7.1.3 Grúpaí Eitneacha

Ciallaíonn an daonra mór, óg go príomha de phobail mionlaigh eitneacha go bhfuil rochtain ar áiseanna ar nós siopaí, scoileanna, áiseanna pobail agus cúram leanaí ríthábhachtach. I bpleanáil do riachtanais na bpobal seo, beidh íogaireacht chultúrtha riachtanach.

Polasaí C7

Tabharfaidh an Chomhairle aird ar riachtanais na ngrúpaí eitneacha ina pholasaithe pleanála áitiúla agus pobail.

7.1.4 Mná agus Leanaí

Ciallaíonn ról na mban mar phríomh-chúramóirí sa tsochaí go bhfuil siad freisin níos dóchúla chun bacainní fisiceacha a eispéiriú ar rochtain agus gluaiseacht m.sh. le leanaí óga i mbugaithe. Dá bharr sin, tá rochtain réidh ar

fhoirgnimh, colbhaí íslithe, áiseanna páirceála tuismitheoir agus leanbh agus áiseanna friothála agus beathaithe linbh mar bhreathnaithe tábhachtacha.

Tá rochtain ar sheirbhísí ar nós cúram leanaí, áiseanna pobail agus iompar poiblí eisintiúil freisin. Tá níos lú dóchúlacht ag baint le mná freisin chun timpeallacht a ghnáthú a meastar a bheith contúirteach .i. lánáí neamhshoilsithe nó spásanna oscailte nach bhfuil stiúrtha go neamhfhoirmiúil. Tá dearadh maith riachtanach chun timpeallacht níos rochtana a chruthú atá braite chun tacú sábháilteacht phearsanta nó í a chur chun cinn.

Polasaí C8

Chun a chinntiú go n-éascaíonn forbairtí nua uile sa Chontae rochtain ag ghrúpaí riachtanas speisialta lena n-áirítear mná, leanaí agus daoine óga.

7.1.5 An Lucht Siúil

Aithníonn an Chomhairle Chontae traidisiún fada an lucht siúil laistigh den Chontae agus tugtar aird ar na riachtanais speisialta ag teacht óna gcultúr dúchasach.

Bunaithe ar na sonraí infhaighte faoi láthair, tá thart ar 111 teaghlach de chuid an lucht siúil cláraithe do thithíocht i limistéar riaracháin an Chontae. Ba cheart do **Chlár Cóiríochta Lucht Siúil na Comhairle** déileáil le riachtanais chóiríochta ar leithligh ag baill de phobal Lucht Siúil Contae Loch Garman. Imscrúdóidh an Chomhairle, i gcomhoibriú leis na grúpaí ionadacha áitiúla agus náisiúnta iomchuí, riachtanais ar leithligh de chultúr agus eacnamaíocht an lucht siúil.

Polasaí C9

Cinnteoídh an Chomhairle an forfheidhmiú de Chlár Cóiríochta Lucht Siúil le haghaidh Contae Loch Garman laistigh de shaolré an Phlean.

Polasaí C10

Imscrúdóidh agus éascóidh an Chomhairle riachtanais an lucht siúil, le haird ag cultúr agus eacnamaíocht ar phleanáil agus forbairt inbhuanaithe cheart an limistéir.

7.1.6 Ag Freastal ar Dhaoine le Míchumais

Beidh sé mar riachtanach ag Comhairle Chontae Loch Garman i ndearadh na bhfoirgneamh agus leagan amach na bhforbairtí lena fhéadfadh an pobal a bheith braite chun rochtain minic a bheith acu orthu, go dtabharfar breathnú speisialta do chóiríocht na ndaoine le míchumais, daoine scothaosta agus eile fhéadfadh lagú sealadach a bheith orthu. Ní foláir riachtanais rochtana na ngrúpaí seo a ionchorprú isteach i ndearadh na bhfoirgneamh, spásanna poiblí, carrchlóis, cosáin agus áiseanna agus

seirbhísí ginearálta. Ní foláir d'fhorbróirí aird a bheith acu na critéir leagtha amach iontu seo a leanas in ullmhúchán na dtairiscintí forbartha:

- **Cuid M de Rialacháin Foirgníochta, 2000**
- **Access for the Disabled – Minimum Design Criteria** foilsithe ag an mBord Náisiúnta Athshlánúcháin (nó leasuithe a fhéadfaí a bheith foilsithe ó am go ham)
- **Buildings for Everyone – Access and Use for All the Citizens, An Bord Náisiúnta Athshlánúcháin, 1998**

7.1.7 Tithíocht Inrochtana.

Tá Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta do réimse dearaidh tithe a sholáthar chun freastal ar riachtanais tithíochta na ndaoine le míchumais. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil Cuid M na Rialacháin Foirgníochta tar éis inrochtaineacht cuairteora a fheabhsú, tá riachtanas suntasach chun éagsúlacht de chineálacha tithíochta a chinntiú d'fhonn cóiríocht a sholáthar do dhaoine le míchumais.

Chun an soláthar de rogha tithíochta oiriúnach a fheabhsú don todhchaí, ba cheart do gach eastát tithíochta nua le 10 dteach nó níos mó a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% de na tithe oiriúnach do chóiríocht nó inoiriúnaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine le míchumais.

Polasaí C11

Féachfaidh an Chomhairle i dtreo a chinntiú go bhfuil 20% de gach forbairt chónaitheach nua le 10 n-aonad cónaithe nó níos mó inoiriúnaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine le míchumais.

7.1.8 Seandaoine

An céatadán den daonra d'aois 65 nó os cionn mar a taifeadadh i nDaonáireamh 2002 ná 13,600 duine de 11.66% de dhaonra an Chontae. Tá Comhairle Chontae Loch Garman aireach dá freagrachtaí i leith daonra na seandaoine agus cuirfear na polasaithe seo a leanas i bhfeidhm

Polasaí C12

Freastalóidh an Chomhairle ar dhaoine níos sinne trí na meicníochtaí a sholáthar chun leanúint le tithíocht iomchuí a sholáthar, lena n-áirítear sciath-thithíocht faoi réir Straitéis Tithíochta na Comhairle.

Polasaí C13

Cinnteoídh an Chomhairle timpeallacht atá tógtha agus deartha i bhfoirm oiriúnach agus atá saor ó bhacainní, atá idirbheartaithe go héasca le haghaidh daoine níos sine.

7.1.9 Tithe Altranais/Tithe Cúraim Chónaithe

Tá méadú leanúnach ar an riachtanas do thithe altranais agus tithe cúraim chónaithe sa Chontae. Áit ar féidir, ba cheart a leithéid d'áiseanna a chomhtháthú i limistéir cónaithe bunaithe na mbailte, áit ar féidir le cónaitheoirí leas a bhaint as rochtain réasúnach ar sheirbhísí áitiúla.

Polasaí C14

Chun cúram altranais agus cónaitheach a spreagadh i lonnaitheachtaí agus suímh tuaithe oiriúnacha.

7.2.0 Áiseanna Cúram Leanaí

Tá athruithe i struchtúr an daonra aitheanta sa Chaibidil dar teideal 'Próifíl Chontae' de chuid an Phlean seo, tá an méadú suntasach i rannpháirtíocht baineann sa fórsa oibre agus athrú sóisialta leanúnach tar éis a bheith mar chúis i dtréimhse ghairid ama ar mhéadú suntasach san éileamh ar áiseanna cúram leanaí.

Aithnítear an soláthar d'áiseanna cúram leanaí mar a bheith tábhachtach le haghaidh leas eacnamaíoch agus sóisialta. Aithníonn an **Straitéis Náisiúnta Frith-bhochtaineachta** soláthar cúram leanaí mar mhodh chun bochtaineacht agus eisiámh sóisialta a mhaolú. Dá réir sin, is é an polasaí náisiúnta maidir le cúram leanaí ná chun líon na n-áiteanna infhaighte a mhéadú agus chun caighdeán seirbhísí cúram leanaí a fheabhsú don phobal. Ba cheart go dtabharfar dearadh d'áiseanna cúraim leanaí aird ar **We Like This Place, Guidelines for Best Practice in Design of Childcare Facilities**, Cumann Náisiúnta na Náiolann, 2002

Cuirfidh an Chomhairle Chontae áiseanna dé-úsáid chun cinn, ionas gur féidir áiseanna cúram leanaí a oiriúnú nó a úsáid mar chineál eile d'áis phobail más éiríonn an riachtanas sin.

Glactar le 'Cúram Leanaí' mar chúram lae iomlán, áiseanna agus seirbhísí seisiúnacha le haghaidh réamhscoile agus tar éis scoile.

Polasaí C15

Beidh áiseanna cúraim leanaí riachtanach i bhforbairtí tithíochta nua uile ag rata d'áis cúram leanaí ag soláthar do íosmhéid 20 leanbh le haghaidh gach 75 aonad cónaitheach agus faoi réir Treoirlínte Pleanála um Áiseanna Cúram Leanaí 2001 na RCORA, Rialacháin Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscolaíochta) 2006 agus Treoirlínte Dea-Chleachtais i nDearadh Áiseanna Cúram Leanaí. I gcásanna iomchuí tacóidh an Chomhairle le soláthar na spásanna seo go seachtrach ar choinníoll go bhfreastalaíonn siad ar áitritheoirí na forbartha.

Cuspóir C5

Go mbainfear amach measúnú um Riachtanas Chúram Leanaí ar fud an chontae i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha cúram sláinte agus

deonacha ionas gur féidir monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar sholáthar cúram leanaí laistigh den Chontae.

Bheifear i bhfabhar iarratais ar crèche agus naíonraí laistigh d'áit oibre nua nó eiseadh nó cóngarach dó, ar nós eastát tionsclaíoch.

Polasaí C16

Éascóidh an Chomhairle an fhorbairt d'áiseanna cáilíochta um chúram leanaí i limistéir uirbeacha agus tuaithe faoi réir critéar coibhneasacha pleanála agus innealtóireachta a shásamh.

7.3.0 Cultúr

Tá féiniúlacht shaibhir agus éagsúil cultúrtha ag Contae Loch Garman, mar aon le bonn ceardaíochta láidir liteartha, ceolmhar agus sainmhínithe go soiléir, atá tar éis páirt intreach i d'fhéiniúlacht an Chontae a chumadh.

Táthar tar éis tábhacht de bhonneagar cultúrtha an Chontae a fheiceáil i bhforbairtí déanaí sna hEalaíona, le hinfheistíocht shuntasach i leabharlanna, músaem agus amharclanna. Aithnítear an tábhacht de chultúr ina ghnéithe uile i dtacú le riachtanas áitiúil agus i gcuidiú le Forbairt Eacnamaíoch, agus tacóidh agus spreagfaidh an Chomhairle leis seo chomh fada agus is féidir. Feictear gach gné de chultúr mar phríomh-acmhainn don Chontae agus a dhaoine.

Polasaí C17

Cuirfidh an Chomhairle barrtheabhas agus nuálaíocht ealaíonta chun cinn, tacófar le saothar ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíne agus ealaíona traidisiúnta Loch Garman.

Polasaí C18

Leanfaidh an Chomhairle ag cur Féile Ceoldráma Loch Garman chun cinn agus Ealaíona Idirnáisiúnta a mhealladh chuig an gContae. Chomh maith leis sin, cuirfidh an Chomhairle lucht féachana idirnáisiúnta chun cinn d'ealaíontóirí agus tionscnaimh ealaíne bunaithe i Loch Garman, agus tacófar le tionscadail ilchultúrtha.

7.3.1 Ealaíona Phoiblí

Is féidir le hEalaín Phoiblí cuidiú i bhforbairt meon áite agus soláthraítear féiniúlacht agus carachtar do phobal atá sainiúil agus uathúil. Is iomaí buntáiste atá ag Ealaín Phoiblí lena n-áirítear caighdeán na timpeallachta a

mhéadú, an timpeallacht tógtha a fheabhsú, mórtas cathartha a chothú agus meon áite a chur chun cinn.

Polasaí C19

Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle forbairt, cruthú agus taispeáint saothar ealaíne in áiteanna poiblí.

Polasaí C20

Spreagfaidh an Chomhairle mór-fhorbairtí cónaitheacha príobháideach agus tráchtála sa Chontae chun saothair ealaíne poiblí a ionchorprú isteach sa scéim foriomlán ar mhaithe le conláistí na timpeallachta áitiúil a fheabhsú.

7.3.2 Leabharlanna

Tá ról tábhachtach ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Loch Garman mar áis thábhachtach pobail, faisnéise agus for-rochtana sa Chontae. Le blianta fada tá an leabharlann poiblí tar éis modh rochtana a sholáthar ar áiseanna léitheoireachta faisnéise/fóillíochta agus tá sí tar éis ról mór a bheith aici i gcur chun cinn in oideachas agus litearthacht in ár sochaí. Le blianta beaga anuas tá an soláthar de rochtain idirlín saor in aisce sna leabharlanna tar éis cuir go mór le háiseanna bailithe faisnéise agus rochtain níos fearr a cheadú ar fhaisnéis agus acmhainní.

Polasaí LB1

Tacóidh an Chomhairle le forbairt agus forleathnú Seirbhísí Leabharlainne. Bainfear a leithéid d'fhorbairt agus forleathnú amach de réir na caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta is airde.

Cuspóir C6

Chun obair i dtreo forbairt chomhtháite ina n-áirítear an eacnamaíocht, timpeallacht, saol cultúrtha s.r.l. le chéile, agus áit ina glactar le gníomhaíocht ealaíonta agus cultúrtha mar chuid ríthábhachtach den saol laethúil.

Cuspóir C7


Chun oidhreacht chultúrtha an Chontae a chosaint.

Cuspóir C6

Tacú le soláthar an bhonneagair, fisiceach agus daonna, atá riachtanach do leabharlanna, músaeim, carlanna agus gach foirm d'ealaíona comhaimseartha agus traidisiúnta.

7.4.0 Oideachas

Is féidir le háiseanna oideachais fóna eiseadh a bheith mar chúis de tharraingteacht mhéadaithe de limistéar le haghaidh suíomh de ghnóthaí agus teaghlaigh agus forbairt agus rathúnas méadaithe. Tá oideachas tar éis a bheith luaite le fada mar cheann de phríomhfhachtóirí forbartha agus glactar leis anois go bhfuil laghdú i bhfachtóirí ag druidim i dtreo eisiámh sóisialta mar thoradh ar dhaonra níos oilte. Féachfaidh an Chomhairle i dtreo timpeallacht a chruthú inar féidir le gach saoránach a phoitéinseal iomlán a fhorbairt d'fhonn iad a chumasú chun rannpháirtíocht i ngnéithe uile an tsaoil.



Dá bharr sin, tá sé tábhachtach go bhfreastalaítear ar áiseanna oideachais laistigh de limistéar forbartha.

7.4.1 Ról an Údaráis Pleanála

Níl aon fhreagracht dhíreach ag an Údarás Pleanála do sholáthar oideachais. Is leis na húdaráis oideachais den chuid is mó a bhaineann cinntí maidir le riachtanais todhchaí na n-áiseanna oideachais. Is í príomhaidhm an Údaráis Pleanála ná chun dóthain tailte a fhorchoimeád chun freastal ar éilimh dóchúla an todhchaí d'áiseanna pobail lena n-áirítear oideachas.

I go leor limistéir uirbeacha agus tuaithe ar fud an chontae, tá méaduithe suntasacha tar éis a bheith i bhforbairt chónaitheach gan na háiseanna oideachais coimhdeacha. Tá sé seo tar éis brú suntasach a chur ar áiseanna eiseadh sna limistéir seo. Ba cheart do sholáthar na todhchaí a bheith pleanáilte agus forfheidhmithe ar aon dul le forbairt chónaitheach, go háirithe nuair a déantar amhail i gcomhthéacs Pleananna Baile agus Limistéir Áitiúla. Áit ina bhfuil a leithéid de sholáthar á phleanáil, ba cheart d'áiseanna nua a bheith suite, áit ar féidir, cóngarach do nó laistigh de phríomhlimistéir cónaitheacha d'fhonn áis a bhaint as úsáid siúl, rothaíocht agus iompar poiblí agus chun an meon pobail a threisiú.

Polasaí ED 1

Éascóidh an Chomhairle foráil na scoileanna trí thailte oiriúnacha a chríosú

i bPleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil.

Polasaí ED 2

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Roinn Oideachais maidir le suíomh agus soláthar áiseanna oideachais fóna.

Polasaí ED 3

Cuirfidh an Chomhairle srianadh ar fhorbairtí nua le hais scoileanna eiseach

san áit ina d'fhéadfadh a leithéid d'fhorbairt an poitéinseal a bheith aici chun

leathnú na scoile sin a shrianadh.

Polasaí ED 4

Cuirfidh an Chomhairle teorainn le forbairtí nua i limistéir uirbeacha áit nach bhfuil an bonneagar sóisialta riachtanach lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta go scoileanna, áiseanna pobail srl. ar fáil.

Polasaí ED 5

Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle an fhorbairt agus forleathnú de champas Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge & Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.

Polasaí ED 6

Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht don bhfeachtas le haghaidh uasghrádú

Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go stádas Ollscoile.

7.4.1 Dé-Úsáid Foirgnimh Scoile

Is acmhainn luachmhar iad scoileanna agus áitribh oideachais eile i dtéarmaí talaimh agus foirgnimh, nach n-úsáidtear go ginearálta ach ar bhonn páirteach. Is féidir le dé-úsáid áiseanna oideachais, áit nach gcuireann sé isteach ar sheachadadh na seirbhíse oideachais (.i. lasmuigh d'uaireanta scoile agus i rith saoire scoile) cur le freastal ar riachtanais níos leithne an phobail, trí cabhrú chun an t-éileamh ar éagsúlacht úsáidí a shásamh. Molann Treoirínte ar Áiseanna Cúraim Leanáí RO 2001 an úsáid d'áitreabh scoile chun freastal ar chúram tar éis scoile.

Áit inar féidir leis an bpobal tailte agus foirgnimh a úsáid go tairbheach, cuirfidh an Chomhairle a leithéid d'úsáidí chun cinn. Áit atá scoileanna nua nó áiseanna poiblí eile beartaithe, féachfaidh an Chomhairle i dtreo a chinntiú go bhfuil siad deartha ina leithéid de bhealach chun dé-úsáid a éascú ón tús.

CAIBIDIL 8

Turasóireacht, Áineas & Fóillíocht

8.0 Comhthéacs

8.1 Turasóireacht

- 8.1.0 Turasóireacht Tuaithe
- 8.1.1 Fógraí agus Tarraingtí Turasóireachta
- 8.1.2 Tithe Saoire
- 8.1.3 Páirceanna Carbhán
- 8.1.4 Turasóireacht Ceann Scríbe

8.2 Áineas agus Fóillíocht

- 8.2.1 Bealaí Siúil
- 8.2.2 Cosáin Cósta
- 8.2.3 Tránna

8 Turasóireacht, Áineas agus Fóillíocht

8.0 Comhthéacs

Go Náisiúnta tá méadú ginearálta tar éis teacht ar am fóillíochta agus caiteachas i ngníomhaíochtaí fóillíochta, áineasa agus turasóireacht coibhneasach. Tá sé seo tar éis teacht in éineacht le rannpháirtíocht méadaithe i réimse níos leithne de ghníomhachtaí spóirt agus fóillíochta. Is í aidhm na Comhairle ná an soláthar d'áiseanna turasóireachta, fóillíochta, spóirt agus áineasa a fhorleathnú laistigh den Chontae. Comhoibreoidh an Chomhairle le leasanna príobháideacha agus trádála, grúpaí pobail agus deonacha agus gníomhaireachtaí stáit i gcinntiú dáileadh cothromasach na n-áiseanna ar fud an chontae.

8.1.0 Turasóireacht

Tá earnáil na dturasóirí tábhachtach do Chontae Loch Garman agus tá sí tar éis teacht amach mar cheann de na hearnálacha príomhúla laistigh den eacnamaíocht. Lena chósta gan mórán mhilleadh, dúiche, timpeallacht nádúrtha agus tógtha agus a cháil mar chroílár an Oirdheiscirt Grianmhar go traidisiúnta tá Loch Garman tar éis ard líon turasóirí a tharraingt.

Déanann Loch Garman ranníocaíocht thábhachtach d'eacnamaíocht Chontae Loch Garman le ioncam téarnaithe ó gníomhaíocht turasóireachta á dháileadh thar réimse leathan earnálacha eacnamaíochta. Is féidir le turasóireacht a bheith mar éifeacht ar leithligh in éagsúlú na heacnamaíochta tuaithe agus in athghiniúint bailte agus sráidbhailte áirithe.

Mar sin féin ó 2001, tá líon na gcuartheoirí go Loch Garman tar éis laghdú ó 284,000 go 217,000 i 2005. Tá % sciar margaidh an chuairteora tar éis laghdú freisin ó 26% de thurasóirí thar lear uile chuig an Réigiún Thoir theas i 2001 go 20.1% i 2005.

Tá an sciar ioncaim sa Chontae tar éis laghdú freisin ó 25.2% den ioncam réigiúnach go 25.1% i 2005. Mar sin féin tá na céatadáin de chaiteachas ioncaim Thoir Theas na dturasóirí i Loch Garman méadaithe le 2.1% nó €2 milliún.

Tábla 8.1 Líon na gCuartheoirí go Loch Garman

	2001	2003	2005
Cuartheoirí Thar Lear go Loch Garman	284,000	203,000	217,000
% de Chuairteoirí Thoir Theas	26%	20%	20.1%
Ioncam na Turasóireachta Thar Lear	€71 milliún	€61 milliún	€63 milliún
Meán Caiteachas in aghaidh an Turasóra	250	300	290

% d'Ioncam Thoir Theas	25.2%	23%	25.1%
------------------------	-------	-----	-------

Foinse: Bord Fáilte

Tacóidh an Chomhairle an fhorbairt de thurasóireacht inbhuanaithe mar eilimint eisintiúil i Loch Garman. Bainfear é seo amach trí chomhoibriú idir Fáilte Ireland Bord Turasóireachta an Chontae agus na Páirtithe lea éagsúla. Is féidir le turasóireacht agus agrathurasóiread ról tábhachtach a bheith acu maidir ag éagsúlú eacnamaíochtaí tuaithe agus ag cothú a bpobail. Spreagfaidh an Comhairle an cruthú d'fhostaíocht ardchaighdeán i dturasóireacht, i dtionscail tacaíochta coibhneasacha agus deiseanna páirtaimseartha iomchuí freisin. Bun chuspóirí eile agus an dúshlán don todhchaí ná chun líon níos mó a mhealladh chuig an gcontae, áiseanna agus tarraingtí níos fearr agus chun fanacht níos faide a uchtú agus táirge saoire forleata réigiúnach agus séasúrach níos fearr.

Turasóireacht Inbhuanaithe

Ní féidir Straitéisí le haghaidh turasóireacht a fhorbairt go leithlis ó chreatlach foriomlán do bhainistiú na timpeallachta. Tá poitéinseal ag turasóireacht neamh-bhainistithe chun a bheith mar an baol is mó do charachtar na tírdhreacha agus na timpeallachta áitiúil. Braitheann turasóireacht inbhuanaithe ar na nithe seo a leanas:

- seasmhacht eacnamaíochta na bpobal ósta a chinntiú
- turasóireacht a chosc ó fhoirmeacha eile d'fhorbairt eacnamaíoch a eisiáimh, agus atá sainmhínithe mar:
- tuisceanach ar bhonn sóisialta agus timpeallachta
- ag tarraingt ar charachtar agus áilleacht nádúrtha an limistéir
- ar scála beag agus ag forbairt go mall
- ag tacú leis an eacnamaíoch áitiúil agus daoine áitiúla a fhostú
- ag tabhairt aire do cháilíocht
- ag tabhairt tairbhí caomhnaithe agus áineasa

Cuspóir TRL1

Chun na tréithe nádúrtha, tógtha agus cultúrtha sin a chruthaíonn na h-acmhainní ar a bhfuil tionscail turasóireachta an Chontae bunaithe a chosaint agus a chaomhnú.

Fostaíonn an tionscail turasóireachta féin na h-acmhainní seo trí áiseanna a sholáthar le haghaidh taitneamh agus léirtheiscint na gcuairteoirí. Tá sé tábhachtach dá bharr sin cuspóirí a chur chun cinn a chaomhnóidh na gnéithe seo ní hamháin ó chúngú ag foirmeacha eile forbartha ach freisin ó aon éifeachtaí neamhfhabhracha den tionscail turasóireachta féin. Dá bharr sin ní foláir an caidreamh idir thurasóireacht agus an timpeallacht a bhainistiú i mbealach ina leanann turasóireacht ag tacú le pobail áitiúla agus a fhanann inmharthana go fadtéarmach.

Polasaí TR1

Spreagfaidh agus cuideoidh an Chomhairle sa soláthar de bhonneagar fóna áineasa agus turasóireachta agus chun áiseanna ar mhaithe le turasóireacht sa Chontae a fhorbairt tuilleadh.

Tá sé eisintiúil go bhfuil creatlach na bpolasaithe agus cuspóirí an phlean seo dírithe i dtreo an caomhnú d'oidhreacht nádúrtha agus tógtha an Chontae araon, ní hamháin ar maithe leo féin ach don thábhachtach de chur chun cinn na hearnála turasóireachta d'eacnamaíocht an Chontae.

Polasaí TR2

Cuideoidh an Chomhairle le chomhlachtaí forbartha agus turasóireachta san fhorbairt d'áiseanna turasóireachta sa Chontae.

Polasaí TR3

Éascóidh an Chomhairle forbairt turasóireachta i mbailte agus sráidbhailte a thairbhíonn forbairt tuaithe freisin trí chruthú fiontair bhreisluacha agus fostaíocht inbhuanaithe a tharraingíonn agus a dhíríonn turasóirí go dtí na limistéir tuaithe timpeallacha.

8.1.1 Fógraí agus Tarraingtí Turasóireachta

Ceadófar comharthaí atá deartha mar threoir ar shuímh d'áiseanna agus tarraingtí turasóireachta faoi cheadúnas lasmuigh de limistéir comhthógtha faoi réir:-

- Comhlíonadh le Lámhleabhar Comharthaí Tráchta táirgthe ag an Roinn Comhshaoil, i 1996;
- A bheith teoranta in uimhir don íosmhéid riachtanach don chuspóir sin.

8.1.2 Turasóireacht Tuaithe

Le linn a bheith ag iarraidh a chinntiú go lonnóinn formhór forbairt turasóireachta i nó in aice le bailte agus sráidbhailte, aithníonn an Chomhairle trí a nádúr, go bhféadfadh suímh eile a bheith riachtanach do roinnt forbairtí turasóireachta. D'fhéadfadh a leithéid d'fhorbairt a bheith inghlactha má oireann do Pholasaithe Cosanta um Thírdhreach agus Forbairt Chósta agus soláthraítear réimse áiseanna a chuirfí ar fáil don phobal áitiúil freisin.

Tá raon eiseadh de tharraingtí spéise speisialta agus eile gur féidir tuilleadh forbairt a dhéanamh orthu do thurasóirí ag caomhnú carachtar tuaithe agus áis an dúiche oscailte freisin, áiríonn siad seo lóistín turasóireachta ar fheirm, iascaireacht, tóireacha eachraigh agus gníomhaíochtaí tánaisteacha eile ar

nós spánna sláinte, scoileanna cócaireachta, ionaid eachtraíochta srl. spreagann na nithe uile seo daoine chun fanacht sa Chontae níos faide.

Polasaí TR4

Cuirfidh an Chomhairle turasóireacht tuaithe chun cinn i mbealach comhshaoil inmharthana chun tairbhe a thabhairt d'fhostaíocht agus timpeallacht na limistéar tuaithe.

Polasaí TR5

Spreagfaidh an Chomhairle athúsáid agus athchóiriú d'fhoirgnimh talmhaíochta le haghaidh áiseanna agus lóistín turasóireachta. Chun an fhorbairt d'agrathurasóireacht a éascú, breathnófar ar aonaid lóistín saoire ar ghabháltais talmhaíochta a fhanfaidh mar pháirt chomhtháite den ghabháltas talaimh. Beidh na haonaid seo lonnaithe laistigh nó in aice le coimpléasc eiseadh na feirme.

Polasaí TR6

Spreagfaidh an Chomhairle an fhorbairt de thurasóireacht glas bunaithe ar úsáid íogair na n-acmhainní áit ar féidir le gníomhaíochtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla.

8.1.3 Tithe Saoire

Tá brú gan fasach eispéirithe ag Contae Loch Garman maidir le forbairt tithe saoire le blianta beaga anuas. Tá an Chomhairle aireach ar na buntáistí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a éiríonn ó fhorbairtí dá leithéid, ach freisin ar a dtionchair dhiúltacha, ní hamháin i dtéarmaí brú ar bhonneagar neamhleor, an tionchar ar mhargaí tithíochta áitiúla agus an saincheist iarmhartha d'infhaighteacht agus inacmhainneacht na tithíochta do dhaoine áitiúla. I gcló le Treoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe d'Údaráis Pleanála, beidh toimhde i gcoinne forbairt athbhaile/ tithíochta saoire indibhidiúil i limistéir lasmuigh de lonnaíochtaí. Dá bharr sin féachfaidh an Chomhairle i dtreo a chinntiú go bhfuil forbairt tithe saoire suite i lonnaíochtaí bunaithe mar atá liostaithe i dTábla 2.1 (Cuid an Pholasaí Lonnaíochta) agus go dtráchtann forbairtí dá leithéid go tuisceanach le scála agus leibhéal na forbartha agus áiseanna sa limistéar:

Polasaí TR7

Ba cheart go mbeadh aonaid indibhidiúla deartha agus suite d'fhonn nach mbeidh drochthionchar acu ar charachtar nó suíomh na lonnaíochtaí nó fónas na gcónaitheoirí eiseadh. Ní glactar le leagan amach eastát tithíochta na stíle fo-uirbeach

Polasaí TR8

Tabharfar breathnú fabhrach do thairiscintí chun foirgnimh eiseadh, folmha, tréigthe nó as úsáid a athneartú, caomhnú agus/nó athchóiriú le h-aghaidh cóiríocht saoire faoi réir ghnáth chritéir pleanála timpeallachta agus innealtóireachta.

8.1.4 Páirceanna Carbhán

Go traidisiúnta tá Contae Loch Garman tar éis a bheith mar shuíomh do pháirceanna carbhán agus tithe soghluaiste. Coinnítear mórán de na páirceanna seo ar chaighdeán an-ard. Mar sin féin ag braith ar shuíomh, is féidir lena leithéid d'fhorbairtí a bheith an-ionsáite go háirithe nuair atá siad comhchruinnithe i limistéar amháin. Dá réir sin, diúltófar an fhorbairt d'áiseanna nua, go háirithe i gcois líne an chósta oscailte agus neamhfhorbartha, i limistéir tírdhreach íogair agus leochaileach agus laistigh de shuímh na bhfoirgnimh de thábhacht stairiúil. Leagfar béim in ionad ar fheabhsú an inghlacthacht amhairc agus timpeallachta de shuímh eiseadh agus ar uasghrádú a mbonneagar agus a n-áiseanna. Tabharfar breathnú fabhrach don fhorbairt de thithe saoire, forbairt ar shuímh páirceanna carbhán eiseadh i gcomhar le nó ionadú de charbháin eiseadh. Breathnófar ar bhreiseanna geanúla nó inlínadh ar pháirceanna nó shuímh eiseadh i gcomhar lena leithéid d'áis, feabhsuithe timpeallachta agus bonneagair.

Polasaí TR9

Éascóidh agus cuirfidh an Chomhairle an fhorbairt de thithe saoire ar pháirceanna carbhán eiseadh chun cinn.

Cé nach mbíonn suímh carbhán turasóireachta chomh ionsáite le suímh statach, measúnófar an soláthar d'áiseanna i gcoinne dian-chritéir pleanála, dearaidh agus timpeallachta. diúltófar forbairt i limistéir atá soláthartha go maith cheana féin agus i limistéir de shoghontacht agus íogaireacht tírdhreacha. Ba cheart tagairt a dhéanamh do '**Guidelines for Development of Caravan and Camping Sites**' (1982) de chuid Bord Fáilte

Polasaí TR 10

Éascóidh an Chomhairle an fhorbairt d'áiseanna stad 'Veain Champálaí' ag lonnaíochtaí iomchuí faoi réir pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.

8.1.5 Turasóireacht Ceann Scríbe

Aithníonn an Chomhairle Chontae an t-éileamh fásamhar ar agus tarraingt de thurasóireacht bunaithe ar fhorbairtí ceann scríbe saoire. Tá riachtanas le haghaidh solúbthacht ina leithéid d'fhorbairt a chur i gcóir, a fhéadfadh cur le caighdeán foriomlán an táirge turasóireachta agus an phobail níos leithne a thairbhiú.

Óstlanna, Spánna Sláinte, Machairí Gailf agus áiseanna turasóireachta eile dá leithéid le poitéinseal acu tionscail turasóireachta Chontae Loch Garman a fhothacú agus a fhorleathnú. Spreagfaidh an Chomhairle an fhorbairt d'áiseanna dá leithéid, ar choinníoll go bhfuil úsáid na n-áiseanna seo infhaighte don phobal agus, go háirithe, an pobal áitiúil.

I bhforbairtí dá leithéid seo breathnóidh an Chomhairle ar an soláthar de thithíocht i suímh iomchuí faoi réir ghnáth chritéir pleanála. Ina leithéid de chásanna ní féidir coinníollacha i leith sealbhaithe agus cónaitheacht buan a chur i bhfeidhm.

Go ginearálta bheifear ag súil de go mbeadh na h-áiseanna seo lonnaithe ar iar-thailte diméin, sean tithe eastáit nó limistéir le crainn crua-adhmaid fásta agus cóngarach do phríomh-bhealaí iompair.

Polasaí TR1

Spreagfaidh an Chomhairle an fhorbairt d'Áiseanna Turasóireacht Ceann Scríbe agus forbairt chónaithe coibhneasach iomchuí i suímh oiriúnacha faoi réir chritéir pleanála infheidhmithe timpeallachta agus innealtóireachta a shásamh.

8.2.0 Áineas & Fóillíocht

Tá ról ríthábhachtach ag áineas agus spóirt i bhforbairt agus neartú meon an phobail agus caighdeán beatha an duine a fheabhsú. Tá éileamh ann ar áiseanna spóirt agus áineasa ardchaighdeáin mar thoradh ar an méadú drámata i leibhéil daonra agus fás suntasach in éileamh agus soláthar tithíochta. Tá se beartaithe ag an gComhairle go mbeidh suímh forchoimeáda le haghaidh áiseanna dá leithéid i limistéir fáis daonra agus socrófar easnaimh i limistéir eiseadh de réir mar a éiríonn deiseanna.

Polasaí RL1

Forfheidhmeoidh an Chomhairle an Straitéis Forbartha Áineasa, Spóirt agus Fóntais don Chontae i rith saol an phlean forbartha.

Polasaí RL2

Cuirfidh an Chomhairle an fhorbairt d'áiseanna spóirt tiomnaithe chun cinn ar fud an Chontae trí bhonneagar agus tacaíocht oiriúnach a sholáthar.

Polasaí RL3

Cinntoidh an Chomhairle go hionchorpraítear áiseanna imeartha agus áineasa ardchaighdeán, lena náirítear foirgnimh pobail más gá, leo, isteach i bhforbairt tithíochta nua. D'fhéadfadh áiseanna imeartha cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige agus ballaí iománaíochta, srl. a áireamh freisin.

Polasaí RL 4

Chun grúpaí spóirt agus pobail áitiúla a thacú i fhorbairt d'áiseanna trí an áirithint de thalamh oiriúnach agus an soláthar de mhaoiniú nuair ata infhaighte agus oiriúnach

Tá an caomhnú agus cothabháil d'áiseanna eiseadh chomh tábhachtach le áiseanna nua a sholáthar. Sa chaoi seo beidh se mar chuspóir ag an gComhairle chun:

Cuspóirí RL1

- ***Áiseanna spóirt agus fónais luachmhara don phobal a chosaint;***
- ***Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus forleathnú áiseanna eiseadh lena n-áirítear an fhorbairt d'fhóillíocht mhara, linnte snámha, bealaí siúil, srl.;***
- ***Rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh san earnáil spóirt chun sochaí níos sláintiúla a chuir chun cinn agus rannpháirtíocht na haois ghrúpaí uile a spreagadh san earnáil spóirt.***

8.2.1 Bealaí Siúil

Tá bealaí siúil laistigh den Chontae soláthartha den chuid is mó ag Foraoisí Coillte, Bealach Cósta Chontae Loch Garman agus cois bóithre poiblí. Tá go leor deiseanna ann chun saothrú a dhéanamh ar phoitéinseal áineasa agus turasóireachta na mbealaí siúil cois cósta, aibhneacha, foraoisí agus sléibhte laistigh den chontae.

Polasaí WR1

Bunóidh an Chomhairle Clár de bhealaí siúil uile laistigh den Chontae agus bealaí siúil breise a chaomhnú, a chosaint agus a chur isteach laistigh de shaolré an phlean.

Polasaí WR2

Bainfidh an Chomhairle amach gréasán de bhealaí siúil marcáilte agus coinnithe go maith i limistéir sléibhtiúla, ísealchríocha agus cósta chun a cheadú do shiúlóidí lúbach gearra agus chun talamh oscailte a shroicheadh.

Cuspóir WR3

Chun páirtíocht agus comhoibriú le comhlachtaí ionadaíochta, grúpaí áitiúil agus úinéirí talaimh chun tacú i slí inbhuanaithe le forbairt na mbealaí siúil mar acmhainn eacnamaíoch bunaithe ar thurasóireacht.

Cuspóir WR4

Féachfaidh an Chomhairle, i comhpháirtíocht le húinéirí talaimh ábhartha, i dtreo bealaí siúil nua a thorbairt cois Abhann na Sláine idir Loch Garman agus Inis Córthaidh agus Inis Córthaidh agus Bun Clóidí.

8.2.2 Cosán Cósta

Tá an Cosán Cósta mar cosán siúil foirmiúil a ritheann taobh le chodanna de chósta an Chontae. Tairgeann an cosán cósta poitéinseal mar bhealach siúil ócáideach agus freisin mar nasc idir limistéir cósta.

Polasaí CP1

Cuirfidh an Chomhairle an forbairt agus úsáid den chosán cósta chun cinn mar áis thurasóirí agus áineasa.

Cuspóir CP2

An soláthar agus cothabháil de phointí rochtana cósta nua/feabhsaithe agus an feabhsú agus uasghrádú den Chosán Cósta.

8.2.3 Tránna

Tá réimse 200km de chósta ag tránna Chontae Loch Garman. Éagsúlaíonn cineálacha, faid agus riachtanais rochtana ar thránna. Bronnadh 4 bhratach ghorm ar Chontae Loch Garman maidir lena thránna i 2006. Bronnadh bratach ghorm freisin ar an muiríne i gCé na Cille Móire. Bronnadh dámhachtain cósta glas ar cheithre chinn de thránna an Chontae i 2006.

Polasaí B1

Coinneoidh agus feabhsóidh an Chomhairle na tránna laistigh den Chontae chun

stádas Bratach Ghorm agus Cósta Glas a bhaint amach do thránna gan

na dámhachtain seo agus streachlófar chun Stádas Bratach Ghorm agus Cósta Glas a choinneáil

ar thránna ina bhfuil siad á bhronnadh faoi láthair.

Polasaí B2

I dteannta tránna le 'Bratach Ghorm', aithneoidh an Chomhairle tránna laistigh den Chontae gur féidir an seirbhís is fearr a thabhairt i dtaobh riachtanais ag baill an phobail le míchumas agus chun na tránna seo a fhorbairt i gcomhar le grúpaí ionadaíochta míchumais.

Polasaí B3

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar páirceála oiriúnaí ag Tránna an Chontae faoi réir chritéir timpeallachta an limistéir. San áit is cuí d'fhéadfadh an comhairle páirceáil bhreie a mhaoiniú trí tháillí réasúnacha.

CAIBIDIL 9

9.0 Oidhreacht, Caomhnú & Tírdhreach

- 9.1 Comhthéacs
- 9.2 Oidhreacht Ailtireachta
 - 9.2.1
 - 9.2.2 Athrú úsáide Struchtúir Chosanta
 - 9.2.3 Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta
- 9.3 Oidhreacht Seandálaíochta
 - 9.3.1 Seandálaíocht Faoi Uisce
- 9.4 Oidhreacht Nádúrtha
 - 9.4.1 Láithreacha Deartha
 - 9.4.2 Láithreacha Ramsar
 - 9.4.3 Tearmainn Dúlra
 - 9.4.4 Tírdhreacha
 - 9.4.5 Coillearnacha, crainn agus Fáil Sceach
- 9.5 An Crios Cósta
 - 9.5.1 Cosaint Cósta
 - 9.5.2 Polasaí Forbartha Cósta

9.0 Oidhreacht, Caomhnú & Tírdhreach

9.1 Comhthéacs

Áiríonn oidhreacht mórán gnéithe den timpeallacht. Mar shampla, is cuid den oidhreacht nádúrtha iad an tírdhreach, na fáil sceach agus córais na bpáirceanna, aibhneacha, plandaí agus ainmhithe. Tá suímh seandálaíochta agus na foirgnimh agus struchtúir eile ar nós tithe, siopaí, bainc, séipéil, droichid agus toibreacha beannaithe ar fad mar ghnéithe den oidhreacht tógtha.

Tá an timpeallacht nádúrtha agus tógtha mar chuid d'oidhreacht sainiúil Chontae Loch Garman. Agus iad ag cur le caighdeán maireachtála an phobail agus forbairt eacnamaíoch, tá luach intreach ag an tírdhreach tuaithe agus cósta, na limistéir de luach caomhnaithe dúlra agus na láithreacha, séadchomharthaí agus struchtúir de leas stairiúil agus ailtireachta. Tá acmhainní oidhreachta faoi réir níos mó brú forbartha agus athrú. Is príomhthosaíochtaí iad bainistiú an athrú seo agus an caomhnú de charachtar sainiúil an Chontae. Tá an Chomhairle Chontae tiomanta d'fhorbairt a cheadaíonn do chaomhnú agus úsáid saoihiúil na sócmhainní agus acmhainní rithábhachtacha.

9.2 Oidhreacht Ailtireachta

Tá oidhreacht ailtireachta sainiúil agus luachmhar ag Contae Loch Garman. Is siombail iad na foirgnimh agus struchtúir stairiúla d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha Chontae Loch Garman. Cuireann siad le saintréith na lonnaíochtaí agus leis an tírdhreach tuaithe. Tá Loch Garman ar cheann de bheagán contaetha in Éirinn le stoc suntasach de thithe ceann tuí fágtha ann. Tá an Chomhairle Chontae tiomanta do chosaint, léirthuisceant agus athúsáid iomchuí na hoidhreachta tíre seo agus í ag iarraidh na riachtanais caomhnaithe, athghiniúna agus feabhsúcháin a thabhairt chun réitigh le forbairt eacnamaíoch

9.2.1

Is struchtúr cosanta é struchtúr a bhreathnaíonn an Chomhairle Chontae chun a bheith de leas speisialta ó thaobh ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil. Iontrálann an Chomhairle Chontae sonraí de struchtúir chosanta ina Taifead de Struchtúir Chosanta atá mar chuid de Phlean Forbartha Contae. Tá dualgas dlíthiúil ar gach úinéir agus áititheoir de struchtúr cosanta chun a chinntiú go gcaomhnaítear an struchtúr agus nach bhfuil an struchtúr cosanta nó aon eilimint dó i mbaol trí dhíobháil, meath nó damáiste, cibé an gearrtéarmach nó fadtéarmach atá i gceist, trí fhaillí nó trí mhodhanna díreacha nó indíreacha.

Polasaí PS1

Cosnóidh an Chomhairle Struchtúir Chosanta an Chontae trí chaomhnú agus cothabháil cheart a chinntiú.

Polasaí PS 2

Coiscfidh an Chomhairle scartáil ar aon Struchtúr Cosanta, ach amháin má léirítear go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist. I gcásanna ina bhfuil scartáil nó scartáil i bpáirt dá leithéid de struchtúr ceadaithe, nó ina tugtar ceadúnas don bhaint de thréith(e), beidh taifeadadh ceart an fhoirgnimh riachtanach sula ndéantar aon athruithe. Ina leithéid uile de chásanna, cuardófar tuairim an RCORA agus comhlachtaí ábhartha eile nuair is féidir.

9.2.2 Athrú úsáide Struchtúir Chosanta

Polasaí CPS1

Spreagfaidh an Chomhairle an athúsáid de Struchtúir Chosanta atá folamh faoi láthair

Polasaí CPS2

Beidh cur faoi bhráid dóthain eolais cáilíochtúil de dhíth ar an gComhairle d'fhonn breathnú iomlán a éascú ar tionchair phoitéinsiúla d'aon athrú úsáide beartaithe ar Struchtúr Cosanta roimh aon athrú úsáide dá leithéid a cheadú.

Polasaí CPS 3

Ní bhreathnóidh an Chomhairle ach ar athrú úsáide Struchtúir Chosanta, más féidir leis a bheith taispeánta nach gcuirfidh an t-athrú úsáide beartaithe isteach go mór ar struchtúr, carachtar, dealramh nó suíomh.

Cuspóir RPS4

Srian áit atá iomchuí an suiteáil de mhiasa satailíte teilifís nó aeróga eile, comharthaí nó ceangail eile, doirse agus fuinneoga UPVC nó alúmanaim ar struchtúr cosanta ina mbeadh tionchar diúltach acu ar a leas ailtireachta nó stairiúil nó a charachtar, cinntigh go bhfuil beartaithe chun struchtúr cosanta a fhorleathnú, athrú nó athchóiriú tuisceanach do charachtar an fhoirgnimh.

Cuspóir RPS5

Úsáid na dTreoirínte Caomhnaithe foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a spreagadh agus a chur chun cinn, agus an maoiniú infhaighte faoi Scéim na nDeontas Caomhnaithe a spreagadh agus a chur chun cinn.

Cuspóir RPS6

Spreag an coinneáil agus forbairt de bhonn scileanna traidisiúnta an Chontae, lena n-áirítear modhanna tógála agus tuódóireacht agus úsáid na n-ábhar tógála traidisiúnta do Chontae Loch Garman agus tiomsaigh liosta de cheardaithe le scileanna tógála traidisiúnta, agus, soláthar litríocht chaomhnaithe, comhairle agus treoir don phobal, forbróirí ionchasacha, comhlachtaí deonacha agus grúpaí pobail.

9.2.3 Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta (ACA)

Is í cuspóir ACA ná chun carachtar na n-áiteanna, limistéar, struchtúr nó grúpa struchtúir de leas ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, cultúrtha, sóisialta, teicniúil nó eolaíochta agus iad grúpáilte le chéile, nó a chuireann le léirthiscint na Struchtúr Cosanta.

Polasaí ACA1

Ainmneoidh an Chomhairle áit atá iomchuí limistéir, trí Phleananna Forbartha Baile agus Pleananna Limistéir Áitiúil mar Limistéir Caomhnaithe Ailtireachta mar a meastar chun a bheith riachtanach.

9.3 Oidhreacht Seandálaíochta

Is acmhainn speisialta agus uathúil í oidhreacht seandálaíochta. Tá séadchomharthaí luachmhara ó stair na hÉireann tar éis maireachtáil ar an tírdhreach taobh le taobh le forbairt nua-aimseartha. Áiríonn oidhreacht seandálaíochta Chontae Loch Garman struchtúir, foirgníocht, grúpaí foirgneamh, láithreacha forbartha, séadchomharthaí taifeadta uile chomh maith lena gcomhthéacsanna, agus nithe soghluaiste, lonnaithe ar thalamh agus faoi uisce araon.

Is cuid ríthábhachtach iad iarsmaí seandálaíochta d'oidhreacht Chontae Loch Garman agus tá tábhacht ollmhór cultúrtha agus eolaíochta leo. Is fianaise iad d'fhorbairt chaite agus d'idirghníomhaíocht dhaonna leis an tírdhreach, ag cabhrú linn tírdhreach an lae inniu a thuiscint. Caithfear na hacmhainní neamh-inathnuaithe finideacha seo a chosaint agus a chothabháil agus is meicníocht eisintiúil é an próiseas pleanála chun an chosaint seo a chinntiú. Feidhmeoidh an Chomhairle a ról in iarracht a

dhéanamh chun iarsmaí seandálaíochta in situ a chosaint cibé áit atá amhail indéanta. Aithnítear tábhacht agus luach na tírdhreacha stairiúla go forleathan agus an timpeallacht, ina chuimsítear láithreacha chatha. Féachfaidh an Chomhairle i dtreo na láithreacha seo a chosaint agus a chothabháil cibé áit is féidir.

Cuimsíonn Oidhreacht Seandálaíochta;

- Láithreacha taifeadta agus tréithe de thábhacht stairiúil agus seandálaíochta áirithe i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna mar a bunaíodh faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994;
- Mór-láithreacha de thábhacht seandálaíochta i gCaomhnóireacht nó Úinéireacht Stáit;
- Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi réir orduithe caomhnaithe i gContae Loch Garman;
- Seandálaíocht anaithnid roimhe seo a éiríonn aitheanta (m.sh. trí shuaitheadh talaimh, saothar allamuigh, nó an fhionnachtain de láithreacha faoi uisce).

Polasaí AH1

Cosnóidh agus feabhsóidh an Chomhairle séadchomharthaí seandálaíochta agus a socruithe lena n-áirítear ballaí baile, díoga agus claífoirt baile, geataí baile, urdhúnta nó daingnithe coimhdeacha. Éascóidh an Chomhairle freisin treoir iomchuí maidir le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta sa limistéar clúdaithe sa Phlean

Polasaí AH2

Cosnóidh an Chomhairle tréithe speisialta an tírdhreacha stairiúil lena n-áirítear láthair chatha, agus éascófar rochtain phoiblí na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcúram Stáit agus úinéireacht Údaráis Áitiúil sa Chontae

Cuspóir AH1

Chun caomhnú a chinntiú (.i.: caomhnú in-situ nó, ar a laghad, caomhnú trí thaifead) de shéadchomharthaí seandálaíochta uile áirithe i dTaifead na Séadchomharthaí bunaithe faoi Alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994, agus de láithreacha, tréithe agus nithe de leas seandálaíochta go ginearálta.

Cuspóir AH2

Nach mbeidh aon fhorbairt taobh thuas nó taobh thíos den talamh, laistigh de chóngarachta an láthair sheandálaíochta, díobhálach do charachtar an láthair sheandálaíochta nó a suíomh, agus beidh siad suite agus dheartha le cúram do charachtar na láithreacha nó an tsuímh

Cuspóir AH3

Laistigh de shaolré an Phlean seo, chun féachaint i dtreo tírdhreacha seandálaíochta a ainmniú i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar chuid de luacháil leanúnach tírdhreacha an Chontae. Beidh éagsúlacht sa Phlean Contae le bheith formheasta ag an Údarás Pleanála de dhíth ar an ainmniú de thírdhreacha seandálaíochta/stairiúla.

Cuspóir AH4

Chun leagan amach na sráide, línte stairiúla na bhfoirgneamh agus leithid traidisiúnta na bplásán eiseadh a choinneáil áit a thagann siad ó bhunúis meánaoisigh nó níos luaithe.

Cuspóir AH5

- Chun coinníollacha pleanála a feidhmiú i gcúinsí iomchuí leo seo de dhíth:***
- ***feitheoireacht seandálaíochta proifisiúnta ar thochaltáin***
 - ***maoiniú ón iarratasóir de mheasúnú, monatóireacht, tástáil nó tochtaltán seandálaíochta suímh agus géilleadh tuairisce uaidh sin***
 - ***caomhnú na hiarsmaí seandálaíochta uile nó cuid díobh ar an láthair***

Cuspóir AH6

Chun féachaint i dtreo 'tírdhreacha seandálaíochta' a áireamh mar chuid de Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha leanúnach an Chontae.

9.3.1 Seandálaíocht Faoi Uisce

Faoi Achtanna Náisiúnta na Séadchomharthaí 1930-1994, tá longbháití uile os cionn céad bliain d'aois, nithe, tréithe agus struchtúir seandálaíochta faoi uisce cosanta. Tá cainníochtú na hacmhainne seandálaíochta faoi uisce ag réamhchéim le Liosta Náisiúnta na Longbháití á thiomsú faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Léiríonn an fhoinsé seo limistéir d'ard-phoitéinseal seandálaíochta laistigh de thimpeallacht mhara. Ní áiríonn Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna Láithreacha seandálaíochta uile. Mar thoradh tá an poitéinseal ann d'fhorbairt chun tionchar diúltach a bheith aici ar ár n-acmhainn chultúrtha faoi uisce.

Polasaí UA1

Agus iarratas pleanála á mheasúnú, tabharfar breathnú d'aon fhorbairt agus/nó tionchair thógála ar thimpeallachtaí aibhneach, lochach, idirthaoideach agus fothaoidmhear de thoradh na tógála sin, i gcomhairle leis na comhlachtaí ábhartha.

Cuspóir UA2

Áireofar torthaí Liosta Náisiúnta na Longbháití laistigh den Phlean Forbartha ar chomhlíonadh agus uchtú an tAire Comhshaoil.

Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi réir Orduithe Caomhnaithe				
Líon na O.C.	Séadchomhartha	Baile Fearainn	Léarscáil S.O.	Dáta Éifeachtaigh an Ordaithe
192	Banú Créfort	Ramstown	50	18/07/52
7/56	Dronlíneach	Courtbally-Éamainn	16	22/02/56
3/58	Tulach	Lofthushall	49:16	15/10/58
2/74	Móta Seanaros	Páirc an Tobair	30:14	11/10/74
1/79	Lios	Muchrath	48:9	11/01/79

Tabhair faoi deara: Liosta de shéadchomharthaí in úinéireacht/i gcaomhnú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil bainistithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí ón 12^ú Bealtaine 2006.

Mór Láithreacha de Thábhacht Seandálaíochta i gCaomhnóireacht nó Úinéireacht Stáit			
Séadchomhartha	Baile Fearainn	Uimhir an tSéadchomhartha	Stádas
Caisleán	Baile Hac	516.01	Úinéireacht
Caisleán (talamh timpeallach)	Baile Hac	516.02	Caomhnóireacht†
Móta	Baile an Mhóta	375	Úinéireacht
Caisleán Fhearna	Oileán Chiarraí	521	Caomhnóireacht†
Caisleán	An Chúlchoill	644	Caomhnóireacht†
Mainistir (Cistéirseach	Dún Bróithe	192	Caomhnóireacht†
Dún	Dún Canann		Caomhnóireacht†

Muileann Gaoithe Theach Cuimsin	Fence	457	Caomhnóireach †
Mainistir (Agaistíneach), Séipéal	Fearna Uachtarach	133	Úinéireacht
Séipéal Naomh Muire	Ros Mhic Thríúin	443	Caomhnóireach †
Caisleán	Ráth Mhic Shíthigh	434	Caomhnóireach †
Caisleán	Rathumney	229	Úinéireacht
Caisleán	An Slaod	429	Caomhnóireach †
Muileann Gaoithe ar Chnoc Fíodh na gCaor	Teampall na Sionna	392	Caomhnóireach †
Mainistir (Cistéirseach	Tinteirn	506	Úinéireacht
Droichead Meánaoiseach & Fothraigh Sean Séipéil	Tinteirn	614	Úinéireacht
Séipéal Naomh Selsker	Baile Loch Garman	445	Caomhnóireach †

Láithreacha Stairiúla	Páirceanna & Gairdíní
Caisleán Fhearna	Tearmann Éan Fiáin Loch Garman
Mainistir Thinteirn	Crannlann John F. Kennedy
Caisleán Bhaile Hac	

9.4 Oidhreacht Náádúrtha

Is í oidhreacht náisiúnta, a tagraítear di go minic mar bhitheagsúlacht, an éagsúlacht saoil, a bunús fisiceach nó geolaíochta, agus na tírdhreacha a mhúnláíonn ár dtimpeallacht. Áiríonn bhitheagsúlacht gach rud ó chrainn go fiaíll, ó mhamaigh go héin, ó chósta go ceantar tuaithe. Cruthaíonn bhitheagsúlacht buntáistí nádúrtha ar nós ithreacha torthúla, bia agus uisce glan. Tá oidhreacht saibhir de ghnáthóga le luach caomhnaithe dúlra ag Contae Loch Garman ag cuimsiú réimse leathan plandaí agus ainmhithe. Tá an bhitheagsúlacht seo i mbaol ag brú forbartha, gníomhaíocht dhaonna agus idirghabháil. Tá sé riachtanach le haghaidh cur chuige inbhuanaithe go mbeadh stoc na ngnáthóg agus speiceas fiadhúlra cosanta chun leasa glúine an lae inniu agus na todhchaí. Tá na gnáthóga uathúla agus níos tábhachtaí faoi réir ainmniú náisiúnta agus Aontais Eorpaigh mar Limistéir Oidhreachta Náádúrtha molta (NHA), Limistéir Speisialta Caomhnaithe iarrthóra (c.SAC) agus Limistéir Cosanta Speisialta (SPA). Chomh maith lena

bhithéagsúlacht saibhir, tá roinnt láithreacha de leas geolaíochta agus geomoirfeolaíochta i gContae Loch Garman nach foláir a chosaint.

Aithníonn an Chomhairle nach bhfuil limistéir de luach caomhnaithe nádúir srianta go láithreacha ainmnithe agus an riachtanas chun cosaint in aghaidh tionchar carnach na forbartha ar an líonra níos leithne na gcóras nádúrtha a dhéanann suas an timpeallacht.

Polasaí NH1

Tacóidh an Chomhairle le caomhnú ar líonmhaireacht agus éagsúlacht na ngnáthóg atá sainiúil do Chontae Loch Garman agus a bpobail spleácha plandaí agus ainmhithe agus déantar éascú agus comhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta, grúpaí pobail agus áitiúla ina gcosaint.

Cuspóirí NH1

Forbairt a chosc a dhéanfadh damáiste nó a bheadh mar bhagairt ar ionracas na láithreacha de thábhacht idirnáisiúnta nó náisiúnta, ainmnithe dá dtábhacht ghnáthóige/fhiadhúlra nó geolaíochta/geomoirfeolaíochta lena n-áirítear na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Limistéir Speisialta Caomhnaithe iarrthóra, Limistéir Cosanta Speisialta agus Tearmainn Dúlra Reachtúla.

Cuspóir NH2

Chun daoine aonair, eagraíochtaí timpeallachta agus grúpaí pobail a spreagadh agus cuidiú leo i gcaomhnú an nádúr.

9.4.1 Láithreacha Ainmnithe

Tá réimse de láithreacha difriúla tar éis a bheith (nó beidh) ainmnithe faoi reachtaíocht náisiúnta agus AE agus faoi Choinbhinsiún Ramsar ar bhogaigh. Tá Limistéir Speisialta Caomhnaithe agus Limistéir Cosanta Speisialta tar éis a bheith ainmnithe agus á ainmniú chun speicis agus gnáthóga de thábhacht Eorpach a chaomhnú ag teacht le Treoirínte Gnáthóga agus Éin an AE. Faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, tá Limistéir Oidhreachta Nádúrtha á ainmniú chun speicis agus gnáthóga de thábhacht náisiúnta agus láithreacha de leas geolaíoch a chaomhnú. Ina theannta sin, Tearmainn Dúlra Reachtúla agus Tearmainn d'Fhána agus Flóra, bunaithe faoi Achtanna

um Fhiadhúlra 1976 agus 2000 is ea láithreacha ina bhfuil caomhnú nádúir mar phríomhchuspóir agus le tosaíocht ar ghníomhaíocht eile uile.

Limistéir Speisialta Caomhnaithe iarrthóra (cSAC)			
Code	Limistéar		Limistéar
000695	Baile Hac	000764	Rinn Duáin
000696	Rapach Bhaile Thaidhg	000770	Na Staighrí Dubha
000697	Bá Bhanú	000781	Gleann Abhann na Sláine
000700	Poldair & Dumhcha Rinn Chathóir	001741	Méilte Chill Mhucraise - Tinnaberna
000704	Loch Tochair	001742	Méilte Chill Phádraig
000707	Oileáin Sailte	002161	Long Bank
000708	Cnoic na Scríne	002162	Abhainn na Bearú & Abhainn na Feoire
000709	Loch Theach Cuimsin	002269	Cam tSóir
000710	Tearmann Dúlra Rinn Rámhann		

pNHA atá mar cSAC freisin	
Code	Limistéar
000696	Rapacha Bhaile Thaidhg
000697	Bá Bhanú
000700	Poldair & Dumhcha Rinn Chathóir
000704	Loch Tochair
000707	Oileáin Sailte
000708	Cnoic na Scríne
000709	Loch Theach Cuimsin
000710	Tearmann Dúlra Rinn Rámhann
000764	Rinn Duáin
000770	Na Staighrí Dubha
000781	Gleann Abhann na Sláine
001741	Méilte Chill Mhucraise - Tinnaberna
001742	Méilte Chill Phádraig
002162	Abhainn na Bearú agus Abhainn na Feoire

Limistéir Cosanta Speisialta (SPA)	
Code	Limistéar
004002	Oileáin Sailte
004009	Loch Tochair
004010	Inish & Sgarbheen
004019	Rinn Rámhann
004020	Rapach Bhaile Thaidhg
004033	Bá Bhanú
004092	Loch Theach Cuimsin
004118	Oileáin na gCaorach
004001	Tearmann Dúlra Loch Garman
004076	Calafort Loch Garman

Limistéir Beartaithe (pNHA)	Oidhreacht	Nádúrtha
Code	Limistéar	
000698	Inbhear Abhann na Bearú	
000699	Moing Bhuaile	
000702	Séipéil Lios Cinn Féir, An Chloch	
000703	Oileáin na gCaorach	
000706	Bruach Abhann Mountgarrett	
000711	Mainistir Thinteirn	
000712	Slabaí agus Cuan Loch Garman	
000741	Claiseanna Ghainimh Bhaile Choinigéir	
000742	Baile Choinigéir Uachtarach	
000744	Riasc Bhaile Uí Cheallaigh	
000745	Trá Bhaile Muine	
000746	Coill Bhaile na mBearnáí	
000747	Moing agus Loch Bhaile an Róigh	
000750	Cairéil Slinne Bhun Clóidí	
000754	Coill Carrhill	
000755	Cluthair Shionnaigh Cluain Aodha	
000757	Dumhcha agus Gleann Bhaile na Cúirte	
000761	Sliabh Fothart	
000765	Foraois Killoughrim	
000774	Coill Thailte na Darach	
000782	Rapach Naomh Helen	
000812	Gleann Abhann Pollmounty	
001733	Coillte Ardamine	
001736	Dumhcha Rinn Chathóir Thuaidh	
001737	Dumhcha Dhomhnach Mór	
001738	Dumhcha Dhún Canann	
001834	Riasc Abhann Kilgorman	
001930	Riasc Bhaile Thaidhg	

9.4.2 Láithreacha Ramsar

Láthair Ramsar Uimh. 291 : Tearmann Éan Fiáin Loch Garman - Ainmnithe ar an 15^ú Samhain 1984. Tá achar iomlán de 194 ha ag Tearmann Éan Fiáin Loch Garman. Tá an ainmniú seo a leanas ag an láthair freisin; Limistéar Cosanta Speisialta Treoir AE; & Tearmann Dúlra.

Láthair Ramsar Uimh. 840 : Bá Bhanú. -

Ainmnithe ar an 11^ú Samhain 1996. Tá an láthair le hachar de 958Ha, comharthaithe mar Limistéar Cosanta Speisialta Treoir AE freisin.

Láthair Ramsar Uimh. 333 : Rinn Rámhann – Ainmnithe ar an 31^ú Iúil 1986. Tá achar iomlán de 589 ha ag an láthair agus na ainmniú seo a leanas aige freisin; Limistéar Cosanta Speisialta Treoir AE; Tearmann Dúlra.

9.4.3 Tearmainn Dúlra

Rapach Bhaile Thaidhg: (227 ha.) is ea scoilt fhada scaineagáin 9 km ag rith siar ó thuaidh ó shráidbhaile cósta Cé na Cille Móire i ndeisceart Cho. Loch Garman agus an urthrá a théann leis. Áiríonn an flóra de Rapach Bhaile Thaidhg roinnt plandaí tearca ar nós *Asparagus officinalis* agus tá sí an-saibhir i bplandaí duimhche agus iad siúd a rathaíonn i ngnáthóga cósta. Bunaíodh í ar 28 Samhain, 1987 agus tá sí faoi úinéireacht Stáit.

Rinn Rámhann: ag cuimsiú 589 ha., lonnaithe 8 km soir ó thuaidh ó bhaile Loch Garman, tá grinneall farraige, urthrá agus éiceachóras duimhche mór, dea-fhorbartha. Tacaíonn an limistéar réimse iomlán d'ainmhithe dhuimhche, go leor díobh atá de leas ar leithligh agus flora saibhir lena n-áirítear roinnt tearc speicis. Tá sí ar cheann de na córais duimhche is fearr forbartha ar chósta an oirthir. Tá sí tábhachtach freisin mar limistéar fáirthe do ghéanna agus lapairí, bunaíodh í seo ar 31 Iúil, 1983 agus tá sí faoi úinéireacht Stáit.

Tearmann Éan Fiáin Loch Garman: 194 ha. lonnaithe ar na slabaí ó thuaidh ó Chalafort Loch Garman. Tá sé faoi chomhúinéireacht ag Seirbhís na bPáirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra agus Cairde Éanlaith Éireann agus cruthaíonn sé talamh geimhrithe de thábhacht idirnáisiúnta do roinnt speicis d'éan fiáin imirceacha lena n-áirítear Gé Bhánéadanach na Graonlainne ach go háirithe. Forleathnaíodh an tearmann seo le 84 ha. i 1989 go 194 ha. Agus bunaithe ar 3 Meitheamh, 1981.

9.4.4 Tírdhreach

Tagann na gnéithe uile d'oidhreacht nádúrtha, tógtha agus cultúrtha le chéile sna tírdhreacha eispéirithe i gContae Loch Garman. Tugann tírdhreacha meon áite. D'fhéadfadh aitheantas le tírdhreacha ar leithligh cur le meon leasa. I gContae Loch Garman, is ábhar bróid, inspioráide agus leasa iad líne an chósta agus ceantar tuaithe do mhórán áitritheoirí agus cuairteoirí araon. Tá tírdhreacha de shíor ag athrú. D'fhéadfadh athrú a bheith tiomáinte ag fórsaí nádúrtha (m.sh. aeráid), ach go príomha tá sé mar thoradh ar ghníomhaíochtaí daoine agus gníomhaireachtaí difriúla. An dúshlán roimh an Chomhairle ná chun na tírdhreacha a bhainistiú ionas go bhfuil athrú dearfach ina éifeachtaí, ionas go mbeidh na tírdhreacha luachmhara cosanta agus go bhfeabhsaítear iad siúd atá tar éis a bheith díghrádaithe. Tá Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa sínithe agus daingnithe ag Éire a chuimsíonn gealltanas maidir le polasaithe a thabhairt isteach chun

cosaint agus bainistiú tírdhreacha a chur i gcrích. Cuimsíonn Measúnú Carachtair Tírdhreacha páirt den phlean seo.

Polasaí L1

I measúnú forbairtí tabharfaidh an Chomhairle aird ar an dtreoir cuimsithe sa Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha.

Ba cheart d'fhorbairtí beartaithe an treoir cuimsithe sa Mheasúnú Carachtair Tírdhreacha a mheabhrú agus iarracht a dhéanamh ar an iarmhairt amhairc a íoslaghdú, go háirithe i limistéir comharthaithe mar

Tírdhreacha Íogair agus Leochaileach.

9.4.5 Coillearnacha, Crainn & Fáil Sceach

Is acmhainn mhór-thábhachtach timpeallachta, eacnamaíoch agus tírdhreacha iad crainn agus tá coinníollacha na hÉireann oiriúnaithe ach go háirithe d'fhás gasta na gcrann. Tá tábhacht ar leithligh le fáil sceach d'éagsúlacht bhitheolaíochta faoin tuath, go háirithe iad siúd le héagsúlacht plandaí agus speiceas crainn. De ghnáth is iad na fáil sceach is saibhre i speiceas na cinn is sine, agus tá fóir na mbailte fearainn agus fáil sceach cois bóthair tábhachtach ar an gcúis seo ach go háirithe. Is gnáthóga tábhachtacha iontu féin iad fáil sceach speicis-shaibhre, agus feidhmíonn siad freisin mar dhorchlaí fiadhúlra do mhórán speicis, ag ceadú scaipeadh agus gluaiseacht idir ghnáthóga eile. Níl fáil sceach tábhachtach do bhithéagsúlacht amháin, ach freisin tá luach feirmeoireachta, tírdhreacha, seandálaíochta agus cultúrtha acu.

Polasaí NH 1

Spreagfaidh an Chomhairle caomhnú agus cothabháil na dtréithe atá tábhachtach do thírdhreacha áitiúla lena n-áirítear crainn, fáila sceach, ballaí cloiche, coillearnacha, locháin, srutháin agus bogaigh.

Polasaí NH 2

Cosnóidh an Chomhairle crainn agus coillearnacha d'fhóntas agus luach caomhnaithe dúlra ar leithligh agus déanfar Orduithe Caomhnaithe Crann áit atá iomchuí.

Polasaí NH 3

Spreagfaidh an Chomhairle bainistíocht choillearnaí agus rannpháirtíocht na ngrúpaí pobail agus eile i scéimeanna phlandála crann agus fál sceach.

Polasaí NH 6

Seachnóidh an Chomhairle tairiscintí forbartha a chúiseodh caillteanas crainn atá luachmhar do charachtar na tírdhreacha, lonnaíocht nó a timpeallacht.

9.5 An Crios Cósta

Tá luach fóntais speisialta agus nádúrtha intreach ag an gcrios cósta. Cuimsíonn sé sraith comhtháite de ghnáthóga sobhrise mórán díobh de thábhacht idirnáisiúnta agus náisiúnta cosanta ag ainmniú caomhnaithe. Tá líne an chósta mar fhócas d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus áineasa a mhéadú. Go háirithe is suíomh cáiliúil é d'fhorbairt chónaitheach.

Aithníonn an Chomhairle gur sócmhainn ríthábhachtach é crios an chósta le hacmhainn teoranta chun forbairt a ionsú. De bharr a charachtar uathúil tá aire agus bainistíocht speisialta riachtanach chun a úsáid inbhuanaithe fadtéarmach a chinntiú. Uaidh seo tá gá le béim ar scála agus ráta forbartha gur féidir a sheasamh gan damáiste a dhéanamh nó baint ó cháilíochtaí agus tarraingtí bunúsacha an chósta.

Polasaí CZ1

Cosnóidh agus coinneoidh an Chomhairle na limistéir chósta neamhfhorbartha agus limistéir atá leochaileach agus íogair d'fhorbairt mhíchuí ó fhorbairt tithíochta, áineasa agus turasóireachta dian, neamhrialta, nach gá.

Polasaí CZ3

Glacfaidh an Chomhairle oibreacha cosanta cósta atá íogair ó thaobh timpeallachta agus cinnteofar nach gcuirfidh forbairt nua le fadhbanna cosanta cósta eiseadh nó críochnú le patrúin athraithe creimthe, sil-leagain nó tuile áit eile le hais an chósta chun díobháil gnáthóga nó tréithe tábhachtacha an chósta.

Cuspóir CZ4

Cosc a chur ar aon tógáil nó forbairt nua lena n-áirítear carbháin agus áitribh shealadaigh laistigh de 100m ó línte bhoga an chladaigh.

Cuspóir CZ5

Cinntigh nach gceadaítear aon struchtúir nua ináitrithe faoi bhun 3 mhéadar (O.D. Malin) ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí, cosaint mhaoine agus fónas cónaitheach.

Cuspóir CZ 1

Cosc a chur le baint gairbhéal, gaineamh agus ábhar na trá.

Cuspóir CZ 2

Srian a chur ar mhíntíriú na mbogach agus na dtailte riascach, a dhéanfadh damáiste do ghnáthóga an chósta.

Cuspóir CZ 1

Cosain radhairc fharraige ó bhóithre cósta agus srian a chur ar thaobh farraige na mbóithre áit a bheadh sé díobhálach d'fhóntais.

Cuspóir CZ 4

Áiseanna feabhsaithe a sholáthar lena n-áirítear áiseanna faisnéise agus léirmhíniúcháin

9.5.1 Cosaint Cósta

Tá codanna áirithe de líne an chósta 94km Chontae Loch Garman buailte go dona ag creimeadh, méadar amháin in aghaidh na bliana á chailliúint acu. Tá imní mhéadaithe go luathóidh an próiseas seo de bharr leibhéil éiritheach na farraige agus minicíocht agus déine stoirme méadaithe cúisithe ag téamh domhanda. Cruthaíonn creimeadh cósta bagairt mhór do bhonneagar poiblí, maoin phríobháideach, fónais turasóireachta agus áineasa, láithreacha agus limistéir de luach caomhnaithe/dúlra agus talamh talmhaíochta.

Tá sí mar chuspóir ag an bPlean Forbartha Náisiúnta déileáil le fadhbanna chreimthe cósta éigeandála, ar bhonn tosaíochta. Molann an Plean straitéis náisiúnta cosanta cósta ag tabhairt aird ar an riachtanas chun glacadh le cur chuige neamhdhíobhálach don timpeallacht i dtreo an cosaint riachtanach a sholáthar agus an riachtanas chun luach an airgid a chinntiú sna hoibreacha a tugtar fúthu.

Polasaí CP1

Comhoibreoidh an Chomhairle le Roinn na Mara agus Acmhainní Náidúrtha i nglacadh oibreacha cosanta cósta sna láithreacha seo a

leanas ina bhfuil an riachtanas is mó faoi réir infhaighteacht mhaoinithe riachtanach.

9.5.2 Polasaí Forbartha Cósta

Cuimsíonn na limistéir seo meascán ard d'fhachtóirí íogair timpeallachta. Tá siad tréithrithe ag fíor bheagán dian-fhorbairt eiseadh. Beidh toimhde i gcoinne dian-fhorbairt sa todhchaí laistigh de na limistéir seo toisc tionchair thimpeallachta diúltacha poitéinsiúla mar thoradh ar fhorbairt beartaithe nó a forbairt thánaisteach agus/nó forbairt choimhdeach, lena n-áirítear bóithre agus bonneagar seirbhísí nó talamhúsáidí tacaíochta. Leanfadh talamhúsáid príomha na limistéar seo a bheith talmhaíochta. Áiríonn dian-fhorbairt an tionchar carnach d'fhorbairtí beaga agus/nó aon uaire a dhíríonn laistigh d'aon pháirt den limistéar.

Polasaí CDP1

Freastalóidh an Chomhairle ar riachtanais tithíochta neasteaghlaigh an úinéara talaimh le fíor-riachtanas tithíochta i limistéar an chósta de dhíth orthu.

Polasaí CDP2

Díreoidh an Chomhairle forbairt tithíochta ginte go huirbeach isteach i lonnaíochtaí in aice láimhe.

CAIBIDIL 10

10.0 Caighdeáin Forbartha

- 10.01 Rochtain do Dhaoine le Míchumais agus don Lucht Maolghluaiste**
10.02 Caomhnú ailtireachta- struchtúir chosanta

10.03 Seandálaíocht

10.04 Dearadh Uirbeach

10.05 Forbairtí Cónaithe

- 10.05.1 Dlús Cónaithe
- 10.05.2 Leagan Amach
- 10.05.3 Dearadh
- 10.05.4 Inrochtaineacht – Tithíocht do Mhíchumais Uile
- 10.05.5 Limistéir Phoiblí Spáis Oscailte
- 10.05.6 Limistéir Phríobháideacha Spáis Oscailte
- 10.05.7 Tírdhreachú
- 10.05.8 Ainmniú d'Fhorbairtí
- 10.05.9 Cothabháil agus Bainistíocht
- 10.05.10 Tithíocht Líontach Uirbeach
- 10.05.11 Síntí Tí
- 10.05.12 Forbairt Talaimh Cúil
- 10.05.13 Árasáin
- 10.05.14 Láithreacha Tréigthe
- 10.05.15 Úsáid Urláir Uachtaracha chun Cónaithe
- 10.05.16 Stóráil bruscair
- 10.05.17 Tithe Cúraim Cónaithe

10.06 Inbhuanaitheacht Tógála

- 10.06.1 Straitéis
- 10.06.2 Spriocanna
- 10.06.3 Tithíocht
- 10.06.4 Neamhchónaitheach
- 10.06.5 Clár Roghanna

10.07 Treoirínte Forbartha Cónaithe Tuaithe

- 10.07.1 Cód Dearaidh Tithíochta Tuaithe
- 10.07.2 Treoirínte Dearaidh & Láithreánaithe do Thithíocht Tuaithe

10.08 Forbairt Tráchtála

- 10.08.1 Tionscal, Trádstóráil agus Páirceanna Gnó
- 10.08.2 Forbairt Oifige
- 10.08.3 Gníomhaíocht Eacnamaíoch Bunaithe sa Bhaile
- 10.08.4 Forbairt Mhiondíola
- 10.08.5 Dearadh Aghaidh Siopa
- 10.08.6 Beir leat um bhia te
- 10.08.7 Stáisiúin peitril

10.08.8 Tithe Tábhairne / Clubanna Oíche / Ionaid
Siamsaíochta

10.9.0 Pobal

- 10.09.1 Scoileanna
- 10.09.2 Áiseanna Cúram Leanaí

10.10.0 Turasóireacht

- 10.10.1 Tarraingtí Turasóireachta
- 10.10.2 Páirceanna Carbhán
- 10.10.3 Tithe Saoire

10.11.0 Iompar

- 10.11.1 Bóithre Náisiúnta
- 10.11.2 Bóithre Réigiúnacha
- 10.11.3 Amharclínte
- 10.11.4 Leagan Amach, Dearadh & Riachtanais Páirceála Carr
- 10.11.5 Tábla 4 Caighdeáin Páirceála Carr
- 10.11.6 Áiseanna Rothaíochta

10.12.0 10.12.0 Fógraíocht

- 10.12.1 Comharthaíocht Ghinearálta
- 10.12.2 Fógraíocht Tuaithe

10.13.0 Teileachumarsáidí

10.14.0 Tionscal Eastóscach

10.15.0 10.15.0 Bunaíochtaí Seveso

- 10.15.1 Forbairtí Seveso – Bunaíochtaí Nua

10.16.0 10.16.0 Ranníocaíochtaí

- 10.16.1 Bannaí

10.0 Caighdeáin Forbartha

Tá sé de dhualgas an Chomhairle a chinntiú go bhfuil na ceadanna pleanála a bhronntar faoi na hAchtanna Pleanála comhsheasmhach leis na bpolasaithe agus cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae, agus leis an bpleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe den limistéar.

Beidh éileamh ar fhorbairt nua na caighdeáin atá leagtha amach san alt seo a bhaint amach Tá na caighdeáin ceaptha chun comhartha a thabhairt de na critéir a thógfaidh an Comhairle in áireamh nuair a déantar iarratais ar fhorbairtí nua a mheas. Tá na caighdeáin agus treoirlínte seo moltach don straitéis fhorbartha foriomlán agus na cuspóirí indibhidiúla agus polasaithe den phlean forbartha.

Ní cumasáitear forbairt i dtaobh tráchtáil i bhronnadh cead pleanála. Tá riachtanais eile dleathach agus gnásúil le chuir san áireamh. Caithefear breathnú ar riachtanais dlíthiúla agus gnásúla eile. Sa chomhthéacs seo, tá aird tarraingthe go háirithe ar an ngá chun géilleadh le soláthairtí reachtúla ábhartha ar nós iad siúd atá sna Rialacháin Foirgníochta, Achtanna um Shláinte Phoiblí, Rialacháin Dóiteáin, srl. agus reachtaíocht a dhéileálann leis an timpeallacht, le caomhnú, oidhreacht agus saincheisteanna bainteacha eile.

10.01 Rochtain do Dhaoine le Míchumais agus don Lucht Maolghluaiste

Beidh rochtain do dhaoine le míchumais agus díobh siúd atá maolghluaiste sna forbairtí nua go léir, ionchorpraithe isteach i ndearadh an fhoirgnimh mar chuid dílis den thairiscint. Ba cheart go mbeadh cuais páirceála suite chomh gair agus is féidir le doras an áitribh agus a bheith infheicthe, dea-comhartha agus marcáilte leis an tsiombail idirnáisiúnta ábhartha. Cuirfidh an Chomhairle caighdeáin bhreise chun cinn i ngach forbairt nó déanfar athbhreithniú ar na caighdeáin eiseacha d'fhonn a chinntiú go gcuirfear rochtain ar fáil do chách.

10.02 Caomhnú Ailtireachta- Struchtúir Chosanta

Ní chuireann an úsáid oiriúnach nó an fhorbairt as áireamh an chuimsithe de struchtúr i gCuntas na Struchtúir Chaomhnaithe. Ní féidir aon oibreacha a chuirfí le charachtar an struchtúir, nó aon chuid de, a chuireann lena spéis oidhreachta ailtireachta speisialta a bheith déanta do Struchtúr Caomhnaithe gan cead pleanála, áfach.

Sa bhreis leis an taobh amuigh de fhoirgneamh, tá an taobh istigh de struchtúr caomhnaithe i dteannta le haon struchtúir laistigh dá chúirtealáiste caomhnaithe chomh maith.

Beidh gach iarratas pleanála a bhaineann le Struchtúr Caomhnaithe ag iarraidh;

- eolas cáilíochtúil a bheith curtha isteach chun éascaíocht a dhéanamh ar bhreathnú iomlán de na tionchair poitéinsiúla d'aon athrú úsáide a moltar do Struchtúr Caomhnaithe roimh cead a thabhairt d'aon athrú úsáide.
- Breathnóidh an Chomhairle ar athrú úsáide de struchtúr caomhnaithe amháin,

más féidir a léiriú nach mbeidh aon tionchar neamhfhabhrach don struchtúr, charachtar, chruth, agus suíomh trí an athrú úsáide a mholadh.

- iarrfar ar chuntais cearta den fhoirgneamh a thabhairt sula ndéantar aon athruithe i gcásanna uile mar seo, beidh tuairimí an RCORA agus chomhlachtaí ábhartha eile riachtanach.

10.03 Seandálaíocht

Ba cheart earraí le luach seandálaíochta atá críochna, neamh-inathraithe a bheith caomhnaithe agus coimeáda agus is meicníocht bunúsach í an próiseas pleanála maidir le cinntiú an caomhnú seo. Feidhmeoidh an Chomhairle a ról in iarracht a dhéanamh chun iarsmaí seandálaíochta in situ a chosaint cibé áit atá amhail indéanta. Aithnítear tábhacht agus luach na tírdhreacha stairiúla go forleathan agus an timpeallacht, ina chuimsítear láithreacha chatha.

- Iarrfaidh an Chomhairle ar an forbróir tuarascáil a chur isteach atá ullmhaithe ag seandálaí atá cáilithe go hoiriúnach maidir leis na himpleachtaí seandálaíochta d'fhorbairt mholta lena n-áirítear oibreacha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na hiarsmaí seandálaíochta.
- Chun coinníollacha pleanála a feidhmiú i gcúinsí iomchuí leo seo de dhíth:
 - feitheoireacht seandálaíochta proifisiúnta ar thochaltáin
 - maoiniú ón iarratasóir de mheasúnú, monatóireacht, tástáil nó tochtán seandálaíochta suímh agus géilleadh tuairisce uaidh sin
 - caomhnú na hiarsmaí seandálaíochta uile nó cuid díobh ar an láthair

10.04 Dearadh Uirbeach

Is é an polasaí atá ag Comhairle Chontae Loch Garman ná an bhunaíocht agus an chothabháil de phobail cónaithe a spreagadh atá ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe. Tá dearadh maith uirbeach riachtanach má tá pobail le bheith bainte amach in áiteanna ina dteastaíonn daoine cónaí agus obair ann. Is féidir é seo a baint amach trí spásanna, sráideanna, dlús agus scála ar féidir leo mórtas ceantair a chruthú le chéile gur féidir le muintir Loch Garman bheith bainteach le agus bheith bródúil as.

Áiríonn na bun prionsabail de dhearadh maith;

Carachtar

Áit lena n-ionannas féin, tagraíonn carachtar de limistéar lena leagan amach eiseadh, foirm, cion agus creatlach.

Imfhálú,	Áit ina bhfuil spásanna poiblí agus príobháideacha sainmhínithe go soiléir.
Inléiteacht	Áit le híomhá soiléir agus atá éasca le tuiscint.
Tréscaoilteacht	Áit a bhfuil éasca chun dul ann agus gabhail trí,
Caighdeán de Spásanna Poiblí	Áit le spásanna allamuigh atá tarraingteacha agus rathúla. Ní mór do chóireáil na dromchla, tírdhreachú agus troscán sráide a bheith mar chuid lárnach den dearadh foriomlán.
Éagsúlacht,	Áit le héagsúlacht agus rogha, ina bhfuil meascán d'fhorbairtí comhoiriúnacha ann,
Solúbthacht	Áit ar féidir freagairt le coinníollacha athraitheacha, teicneolaíocha agus eacnamaíocha.

Iarrfaidh an Chomhairle cinntiú go h-ionchorpraítear na prionsabail de dhearadh uirbeach i bhforbairt na tithíochta nua agus go mbeadh forbairtí an todhchaí dea-comhtháite le fhoirm agus creatlach an bhaile nó sráidbhaile eiseadh. Beidh sé de dhíth ar fhorbairt tithíochta nua na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- Ba cheart don scála agus leagan amach a bheith oiriúnach do mhéid agus fhoirm an bhaile agus sráidbhaile.
- Ba cheart go mbeadh sé de dhearadh, atá comhbhách le charachtar an limistéir agus a sheachnaíonn na tionchair neamhfhabhracha de rófhorbairt.
- Ba cheart go mbainfí amach dlús atá comhoiriúnach leis an timpeallacht máguaird agus na treoirlínte de chuid an Údaráis Phleanála.
- Ní bheidh tionchar neamhfhabhrach ar chonláiste na sealúchais chomharsanachta nó a phurláin.
- Ní bheidh tionchar neamhfhabhrach ar limistéir nó fhoirgnimh le spéis stairiúla agus ailtireachta, nó ar shuímh de chaomhnú an dúlra nó de thábhacht seandálaíochta.
- Soláthrófar coinníollacha tarraingteacha le haghaidh siúl agus rothaíocht le naisc do limistéir cónaithe teorantacha, lárionaid bailte nó sráidbhailte, áiseanna agus limistéir spáis oscailte.
- Soláthróidh sé nuair is féidir do limistéir spáis oscailte feidhmiúla fóna atá nasctha le limistéir spáis oscailte teorantacha.
- Ní chruthófar guais tráchta.

Chun cabhrú le forbairt chónaithe ar ardchaighdeán a bhaint amach déanfaidh an Chomhairle:

- Treoirínte Dearaidh do Limistéir Chónaitheacha a ullmhú ag mionsaothrú agus ag soláthar béime níos cáilíochtúla do na Caighdeáin Forbartha Eastáit Chónaithe
- Ráitis Dearaidh Suímh Chónaithe a ullmhú, i gcomhairle le dearthóirí agus forbróirí do shuímh ar leith ag leagan amach na príomh tuisctíní, prionsabail dearaidh agus cuspóirí caighdeánacha ar chóir forbairt molta a phlé
 - aitheantas de limistéir ar chóir fanacht neamhfhorbartha;
 - cosaint a thabhairt ar mhór thuairimí agus ionchais;
 - pointí rochtana agus nascadh le limistéir eile;
 - sonraí de dhlús, línte agus ardáin foirgnimh, ábhair agus dathanna;
 - comhairle a thabhairt ar conas deiseanna a uasmhéadú a chuireadh i láthair ag gnéithe tírdhreacha, grúpaí crainn, fála seach, srutháin agus topagrafach.

D'fhéadfadh an Chomhairle iarraidh ar fhorbróirí ionchasacha d'fhorbairtí eastáit tithíochta (go háirithe i roinnt limistéir lonnaithe níos lú) chun tuarascáil a chur isteach a sholáthraíonn measúnú den tionchar dóchúl dá bhforbairt maidir le (i measc tionchair eile):

- An riachtanas d'áiseanna pobail / sláintiúla
- Inrochtaineacht le háiseanna agus seirbhísí pobail,
- Áiseanna iompair poiblí agus seirbhísí,
- Naíolann Lae/ áiseanna do chúram leanaí
- Áiseanna oideachasúla agus forála, agus
- Áiseanna fóillíochta agus spóirt agus soláthar.

Samhlaítear go gcabhróidh an beart seo i sleabhach na limistéir sin laistigh de na lonnaithe a bhfuil gá le hidirghabháil agus réiteach uathu, agus cabhrú freisin le caolúchán iomarcach de struchtúr eiseadh an phobail/sráidbhaile a chosaint.

Tá na caighdeáin d'fhorbairt íosta le haghaidh forbairt cónaitheach nua leagtha síos ag Comhairle Chontae Loch Garman thíos, chun treoir a thabhairt don phobal i gcoitinne agus forbróirí araon.

10.05.0 Forbairt Cónaithe

Fabhrófar eastáit chónaithe nó forbairtí iolracha laistigh de na lonnaithe eiseadh. Leagtar amach anseo a leanas cé nach bhfuil siad uileghabhálach, na riachtanas ginearálta atá ag an gComhairle maidir leis

na forbairtí seo. Ba cheart do na heastáit chónaithe a bheith cruthaithe i dtaobh coincheap comhaontaithe agus a bheith bainteach leis an mbaile/sráidbhaile eiseadh ina bhfuil siad suite.

10.05.1 Dlús Cónaithe

Ní moltar dian-ghreamú do chaighdeán dlús íosta agus uasta. Ba cheart aird a thabhairt do **“Residential Density – Guidelines for Planning Authorities”, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Meán Fómhair 1999**. Ba cheart an bhéim a bheith ar an soláthar de thimpeallachtaí tithíochta cáiliúcháta atá bunaithe ar chur chuige nuálaíochta agus dearaidh le moltaí atá oiriúnach do gach suímh agus láithreán. Is í an aidhm ná an úsáid is fearr de thalamh agus bhonneagar a bhaint amach, róthorbairt agus an phlucadh de bhailte agus sráidbhailte a sheachaint agus spásanna uirbeacha glas agus an caighdeán maireachtála a chosaint.

Cé go mbeidh an bhéim ag druidim i dtaobh dlús níos airde oiriúnacha agus réasúnta, aithníonn an Chomhairle Chontae an gá le haghaidh dlús níos ísle i roinnt limistéir. Tá costais tailte níos airde ag mímhisiú tithíochta íseal dlús ar ardchaighdeán i limistéir uirbeacha de dheasca ar fhás leanúnach do thithíocht dá leithéid i limistéir tuaithe.

Agus foráil á dhéanamh le haghaidh réimse dlús cónaithe, atá i gcomhréir leis an ngá chun timpeallachtaí cónaithe ar ardchaighdeán a chinntiú, beidh ar an gComhairle Chontae:

- Aird a bheith aici i dtaobh **“Residential Density – Guidelines for Planning Authorities”, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Meán Fómhair, 1999**,
- Forbairt de dhlús níos airde a chur chun cinn i lárionad an bhaile agus ar feadh bealaí radúla suntasacha.
- Cur chuige solúbtha a huchtú maidir le dlús cónaitheach agus na sonraíochtaí teann de chaighdeán dlús íosta agus uasta a sheachaint. Díreoidh an cur chuige seo ar chaighdeán agus nuálaíocht chun timpeallachtaí maireachtála tarraingteacha a bhaint amach.
- An riachtanas le haghaidh dlús níos ísle i limistéir oiriúnacha a aithint

In aimsiú an bhfuil an dlús de thairiscint forbartha oiriúnach, beidh aird faoi leith ag an gComhairle don chonláiste de na limistéir máguaird. Coimeádann an Chomhairle an ceart chomh maith chun na himeachtaí ó na caighdeáin seo a cheadú ag braith ar chúinsí speisialta a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm.

10.05.2 Leagan Amach

Spreagfar nuálaíocht i dtaobh an leagain amach d'eastáit chónaithe; is é an fachtóir sáraitheach a bheidh ann agus iarratais phleanála á chinntiú ná an caighdeán foriomlán de na heastáit i dtéarmaí chonláiste cónaitheacha agus inbhuanaitheacht na timpeallachta. I measúnú na bhforbairtí tithíochta nua beidh ar an gComhairle breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Ba cheart go ndéanfaidh gach eastáit tithíochta a ndícheall chun a bheith urraithe ag dearadh.
- Ba cheart go mbeadh na bóithre rochtana do na heastáit deartha chun naisc a sholáthar leis na forbairtí eiseadh agus leis na forbairtí molta teorantacha leis an láithreáin
- Ba cheart na sráideanna cónaithe a bheith deartha i dtaobh laghdú luasanna tráchta go 30 ciliméadar in aghaidh na huaire chun timpeallacht shábháilte a sholáthar do na leanaí le haghaidh súgradh
- Breathnaítear ar bhearta um mhoilliú tráchta chun cabhrú le luas feithicleach a laghdú go dtí 30 ciliméadar in aghaidh na huaire.
- Forchoimeádas nádúrtha a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh aghaidh á thabhairt ag na sealúchais ar an sráid agus déileáil le suímh chúinne – ní cheart d'aon gairdín chúl a bheith aghaidh le bóithre nó spás oscailte.
- Ba cheart spás oscailte a bheith suite ag pointí inrochtana laistigh den fhorbairt.
- Ní foláir do leagain amach nua rochtain soiléir agus sábháilte a sholáthar do gach chuid den fhorbairt, lena n-áirítear spás oscailte, d'fhonn rochtain a chinntiú do chách.
- Ba cheart go mbeadh an tírdhreachú deartha chun éascaíocht na cothabhála don todhchaí a sholáthar agus gan aon fhadhbanna slándála a chruthú sa todhchaí.
- Ní foláir do pháirceáil carr a sholáthar laistigh de chúirtealáiste na dtithe atá molta de ghnáth. Nuair nach féidir é seo a sholáthar is féidir cúirteanna do pháirceáil cúl nó páirceáil ar shráid a sholáthar más féidir é seo a fheiceáil ón dteach. Ní ceadófar mór-chúirteanna páirceála.
- Ní ceadófar eastáit le geataí, ach breathnóidh an Chomhairle ar rochtain teoranta le haghaidh cúirteanna páirceála príobháideacha nó limistéir seirbhíse.

10.05.3 Dearadh

- Ba cheart do dhearadh na dtithe in eastáit cónaithe a bheith bainteach le nádúr, scála agus foirm na creatlaí tógtha eiseadh laistigh de na lonnaitheachtaí. Ní foláir d'aon mholtaí i dtaobh forbartha nua-aimseartha de a bheith in oiriúint le tithe eiseadh

agus na timpeallachta tógtha máguaird. Spreagfar éagsúlacht de chineálacha tithe, méideanna agus dearadh.

- Ba cheart iarratais imlíneacha d'eastáit chónaithe ina mbeidh gach suímh forbartha go neamhspleách a bheith ag gabháil le mionteagaisc dearaidh don fhorbairt foriomlán. Ní foláir do gach teach ina dhiaidh sin atá curtha isteach le haghaidh fhormheasa aird a bheith aige don mhionteagaisc dearaidh.

10.05.4 Inrochtaineacht – Tithíocht do Chách

Tá an tÚdarás Pleanála tiomanta do réimse dearaidh tithe a sholáthair chun freastal ar na riachtanais den ghá tithíochta do dhaoine a bhfuil faoi mhíchumas. Cé go n-aithníonn an tÚdarás gur thug Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta inrochtaineacht feabhsaithe do chuairteoirí, tá riachtanas suntasach ann le haghaidh éagsúlacht de chineálacha tithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil faoi mhíchumas.

D'fhoill an soláthar de rogha tithíochta oiriúnach a fheabhsú don todhchaí, beidh gach eastáit tithíochta nua le 10 teach nó níos mó ag cinntiú go mbeidh ar a laghad 20% de na tithe atá molta solúbtha chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine le míchumas.

Aithníonn an tÚdarás Pleanála chomh maith nach gcónaíonn daoine le míchumais ina n-aonair i gcónaí agus beidh gá le héagsúlacht de chineálacha cóiríochta tríd. Soláthróidh an soláthar de "thithe fadsaoil" rogha feabhsaithe do chónaitheoirí uile leanúint ar aghaidh le bheith ina chónaí sa phobail ar feadh a shaoil.

Ba cheart tithe a bheith deartha chun go soláthraítear:-

- Ba cheart go n-aithnítear suíomh sábháilte, oiriúnach laistigh de gach teach le haghaidh páirceáil agus luchtúcháin do chathaoir rothaí cumhachta nó scútar.
- Ní foláir don dearadh de gach áitreabh nua atá níos airde ná urlár amháin a bheith ag ionchorprú an soláthar de hardaitheoir staighre don todhchaí, agus chomh maith leis sin, spás aitheanta oiriúnach de íosmhéid de 1400mm x 1100mm don insealbhú d'ardaitheoir tí (trí an ardaitheoir urláir) sa todhchaí ón talamh go dtí an chéad urlár Ní foláir don soláthar atá molta na gnáth riachtanais go léir de na Rialacháin Foirgníochta a shásamh.
- Ba cheart ar a laghad seomra codlata rochtana amháin a sholáthar i ngach teach le tomhas íosta de 4000mm x 4000mm
- Áit a ionchorpraíonn forbairt áitribh ina bhfuil trí sheomra codlata nó níos mó ann, ní foláir do roinnt díobh seo dara sheomra a bheith acu de tomhais íosta de 3000mm x 3000mm.
- Nuair is féidir, ba cheart áiseanna le seomra folctha a sholáthar, le tomhais íosta de 2000mm x 2000mm, lena n-áirítear leithreas, báisín níoicháin láimhe agus cithfholcadán.
- Nuair nach bhfuil ach seomra folctha amháin soláthartha ba cheart go mbeadh tomhais íosta de 2700mm x 2500mm aige chun ligean don soláthar de leithreas, báisín níoicháin láimhe, folcadán agus cithfholcadán.
- Ní foláir do na ballaí i seomraí folctha, cithfholcadán agus leithris a bheith déanta d'fhoill oiriúnuithe ar nós ráillí grabáil a ghlacadh.

- Ba cheart go mbeach spás ciorclaíochta d'íosmhéid 1800mm x 1800mm ar fáil i gcistineacha tar éis trealmhú.
- Ba cheart go mbeadh oscailt íosta soiléir de 800mm ar na doirse inmheánacha. Ní foláir don oscailt soiléir éifeachtach a bheith glan ó sprochaille. Is féidir doirse dúbailte a chur isteach, má roghnaítear iad.
- Ní foláir do leaca na fuinneoige a bheith níos mó ná 900mm os cionn leibhéal an urláir. Ní foláir d'aon ghloiniú atá níos lú ná 900mm os cionn leibhéal an urláir a bheith mar ghloine sábháilteachta.
- Ba cheart an leithead de staighrí inmheánacha bheith ar íosmhéid de 900mm.
- Ná bain úsáid as éadain céime oscailte nó cuasáin oscailte faoi staighrí.
- Ní cheart do chéim dul thar an cheann thíos.
- Ba cheart go mbeadh ráille láimhe leanúnach ar an dá thaobh den staighre agus ar léibhinn cheann staighre.
- Ní foláir breathnú a dhéanamh ar úsáid aisréadóirí cónaithe.

10.05.5 Limistéir Phoiblí Spáis Oscailte

- Ní foláir limistéir spáis oscailte feidhmeacha a sholáthar ag ráta de 10% den achar láithreáin iomlán nó 1 heicteár amháin in aghaidh an 150 tithe, cibé is mó.
- Éagsúláítear an figiúr thuas de réir caighdeáin an spáis oscailte agus an dlús den fhorbairt foriomlán. Is féidir glacadh le ranníocaíochtaí airgeadais nuair is féidir a taispeáint go bhfuil a dhóthain conláiste soláthartha don eastáit trí chonláiste/pháirc eiseadh atá sa chomharsanacht.
- Ba cheart grádú a dhéanamh ar spás oscailte ó mhór-limistéir de spásanna oscailte go mion-limistéir súgradh agus spásanna oscailte teagmhasach ar fud an eastáit.
- Ba cheart tírdhrechtú crua a sholáthar nuair is cuí, chun mianlínthe a chóiriú trí spásanna oscailte agus freisin chun an úsáid de spás oscailte a éascú le linn na bliana go léir.
- Ba cheart limistéir spáis oscailte poiblí a sholáthar leis an méid optamach d'fhorchoimeádas ó áitreabh laistigh den eastáit.
- Ba cheart go coinnítear i limistéir spáis oscailte nuair is féidir, gnéithe eiseadh den suíomh lena n-áirítear crainn fásta. Áit a choinnítear gné mar seo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir lena chosaint le linn na hoibre tógála.
- Beidh gach limistéir spáis oscailte inrochtana go héasca do dhaoine le míchumais. Ba cheart an úsáid de chéimeanna a sheachaint, agus ní mór do throscán sráide, dhromchlú cosáin agus limistéir súgradh do leanaí a bheith inrochtana go héasca chomh maith.
- Soláthrófar limistéir súgradh ar an spás oscailte d'fhorbairtí cónaithe nua.

10.05.6 Limistéir Phríobháideacha Spáis Oscailte

- Ba cheart go soláthrófaí méid oiriúnach de spás oscailte príobháideach inúsáidte laistigh den chúirtealáiste de gach teach. Beidh sé seo déanta suas d'achar íosta de 60 – 75 m² ag braith ar an gcineál tí.
- Beidh béim curtha ar an gcaighdeán den spás oscailte ar chóir a bheith saor ó fhéachaint síos agus le méideanna oiriúnacha de sholas lae ann.
- Éagsúlaítear comhréireacha den spás oscailte seo cé go mbreathnófar go ginearálta ar an bhfad de 22m idir na fuinneoga malartacha den chéad urlár.
- Ba cheart do na teorainneacha de ghairdíní cúl a bheith á sholáthar le balla atá 1.4 méadar ar airde. Áit ina mbíonn gairdíní cúl ag cúlú ar limistéir phoiblí, gan bóthar poiblí san áireamh, ní foláir don airde seo a bheith méadaithe go dtí 1.8 méadar.
- Breathnófar ar díolúine do na riachtanais seo áit ina mbíonn áitribh deartha go háirithe do dhaoine le míchumas.

10.05.7 Tírdhreachtú

- Ní foláir do phlean tírdhreachtaíthe sonraithe a ullmhú mar chuid lárnach den fhorbairt foriomlán den eastáit agus curtha isteach mar chuid den iarratas pleanála don fhorbairt.
- Breathnófar go cúramach i dtaobh na plandála i limistéir comhchoiteanna. Ba cheart breathnú a thabhairt do ráta fáis an speicis agus freisin ar leibhéal na cothabhála a beidh ag teastáil le haghaidh an tírdhreachtaíthe.
- Beidh an forbróir freagrach i dtaobh leagan amach agus plandáil de gach limistéir atá tírdhreachtaíthe.

10.05.8 10.05.8 Ainmniú d'Fhorbairtí

Léireoidh na hainmneacha d'fhorbairtí cónaithe, tráchtála agus pobail, lena n-áirítear bóithre logainmneacha áitiúla, go háirithe bailte fearainn nó ainmneacha áitiúla a léiríonn an tírdhreach, a ghnéithe, cultúir nó stair den limistéir ina bhfuil an fhorbairt suite, breathnófar chomh maith ar ainmneacha de dhaoine stairiúla atá bainteach leis an limistéir. Spreagfar an úsáid d'ainmneacha Gaeilge. Tabharfaidh an forbróir/ t-iarratasóir míniú i dtaobh an bhunús/na hinspioráide don ainm leis an moladh géilliúlachta. Ceadóidh an

túdarás Pleanála an t-ainm atá roghnaithe roimh lainseáil d'aon feachtas fógraíochta d'fhorbairt. Ullmhóidh an Chomhairle treoir ar ainmniú na bhforbairtí chun cabhair a thabhairt d'fhorbróirí.

10.05.9 Cothabháil agus Bainistíocht

Soláthraíonn, Alt 34(4) (i) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2004, don chuimsiú de choinníollacha atá ceangailte le cead pleanála maidir le cothabháil agus bainistíocht d'fhorbairt atá molta. Áiríonn sé seo an bunú de chomhlacht bainistíochta nó an ceapachán de dhuine a dhéanfaidh bainistíocht (lena n-áirítear bainistiú dramhaíola) nó cothabháil dá leithéid. Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Chontae Loch Garman go mbeidh comhlachtaí bainistíochta riachtanach amháin do na chineál forbairtí seo a leanas

- Bloic Árasáin nó aonaid il-lonnaitheachta.
- forbairtí tithe saoire.
- má tá seirbhís speisialta nó áis a sholáthar d'úsáid na cónaitheoirí amháin mar shampla linn snámha.

10.05.10 Tithíocht Líontach Uirbeach

Spreagfar tithíocht chomhtháite líontach agus dea-dearatha maidir lena ról san athbheochan sóisialta agus timpeallachta de bhailte agus shráidbhailte. Beidh deiseanna d'inlúnadh ar fáil chomh maith ar imeall na lonnóichtaí agus i limistéir talamh cúil áit ina bhfuil mion fhorbairt neamh-chomhordaithe tar éis tarlú go dtí seo. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh sé indéanta caighdeán phleanála gnách a bhogadh, m.sh. páirceáil gluaisteáin, agus ranníocaíochtaí pleanála a laghdú i dtreo is go spreagfar forbairt mar seo ina bhfuil tairbhe soiléir pleanála ann don phobail. Breathnófar ar gach cás agus ar a thuillteanas.

Spreagfaidh agus éascóidh an Chomhairle forbairt tithíochta líontach lena n-áirítear an athfhorbairt de shuímh atá folamh, tréigthe agus as úsáid. Iarrfar ar iarratasóirí agus forbróirí aird a bheith acu do na treoirlínte seo a leanas agus moltaí forbartha á ullmhú acu.

- Ní foláir don dearadh a bheith tuisceanach le carachtar eiseadh den limistéir i dtéarmaí dlús agus mionphointí ar nós cineálacha fuinneoga, ardáin, ábhair, críocha, línte tógála agus crochadh díonta.
- Ní foláir don fhorbairt ionchorprú a dhéanamh maidir le eilimint inghlactha de spás oscailte príobháideach d'úsáid chonláiste, nuair nach féidir é seo a dhéanamh, iarrtar ar an bhforbróir ranníocaíocht

a thabhairt do chostas de sholáthar spás oscailte nua nó an feabhsúcháin de spás oscailte eiseadh san comharsanacht.

- Ba cheart a dhóthain spáis a sholáthar do chóiríocht boscaí bruscar, breosla agus stóráil tí eile.

10.05.11 Síntí Tí

Féachann an Chomhairle go dearfach ar shíntí tí cónaithe eiseadh chun freastal ar riachtanais chlainne mar fhoirm fhorbartha inghlactha. Ní foláir do mholtaí forbartha aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- Ba cheart do mhéid an tsínigh a bheith deartha go hoiriúnach, le haird ar mhéid an tí eiseadh agus na tithe sa chomharsanacht.
- Ní foláir don dearadh agus don úsáid a bheith in oiriúint don teach eiseadh agus an carachtar ailtireachta ginearálta den limistéir.
- Ní cheart go mbeadh aon tionchar neamhfhabhrach ag an bhforbairt ar na háiseanna de shealúchais teorantacha.
- Ní foláir dian-breathnú a dhéanamh faoi chlúdach an tsuimh chun cailliúint do-ghlactha de spás oscailte príobháideach nó cúngú ar bonneagar cóireála fuíolluisce a sheachaint.
- Ní cheart d'aon chailliúint páirceála as sráide a bheith ann i limistéir uirbeach de bharr na forbartha.
- Breathnóidh an Chomhairle ar a gcuid buanna, na díolúintí don pholasáí thuas i gcás na hoiriúnuithe atá riachtanach chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine le míchumas.
-

Ag déileáil le haonaid aonaracha chun cóiríocht coimhdeacha a sholáthar do dhaoine muinteartha (árasán breise) beidh aird ag an gComhairle do na nithe seo a leanas.

- Ba cheart rochtain feithicleacha chuig an árasán a roinnt.
- Faid scartha riachtanacha ó chórais cóireála fuíolluisce.
- Ba cheart limistéir gairdín a roinnt.
- Ní cheart don aonad a bheith déanta suas le níos mó ná seomra suí/cistin/seomra bia, leithreas, seomra folctha agus gan níos mó ná dhá seomraí codlata a bheith ann.
- Beidh an t-aonad riochtaithe chun an úsáid suáilce den phríomh teach a theorannú.

10.05.12 Forbairt Talaimh Cúil

Forbairt de thailte cúil, lena n-áirítear an tógáil de thithe breise i ngairdíní cúil ab fhéidir d'fhorbairt neamhfhoirsteanach agus forbairt mí-ordúil teacht as agus gur féidir éifeacht dhiúlach a bheith ar an bhfóntas cónaithe de mhaoine teorantachta. An toradh ab fhéidir teacht as seo ná an ró-ualú de bonneagar agus i ndeiseanna caillte le haghaidh athnuachan comhtháite.

Breathnófar ar fhorbairt talaimh cúil má:-

- Aon chailliúint príobháideacht do thithe teorantacha.
- Ní chuirfeadh na socruithe rochtana go mór le méadú thorann agus le díshocraíocht do thithe eiseadh.
- Tá páirceáil as sráide fóna ann.
- Tá soláthar oiriúnach de spás fhóntas príobháideach.
- Tá an scála agus dearadh den theach comhoiriúnach le charachtar na bhfoirgneamh sa limistéar máguaird.
- Níl aon saincheisteanna maidir le caitheamh scálaí.
- Coimeádtar crainn nó gnéithe nádúrtha eiseadh.

Má bhfuil plásóg talún mhór ann, atá lonnaithe i suíomh talaimh cúil, mar cheist maidir le moladh forbartha, beidh leagan amach táscadh den rúin fhorbartha foriomlán don thalaimh riachtanach.

10.05.13 10.05.13 Árasáin

Tá ról ag forbairtí árasáin maidir le freastal ar riachtanais chóiríochta an aosa óig, na rannóga soghluaiste den phobail, teaghlaigh bheaga agus mar chóiríocht do thurasóirí.

Tá árasáin tábhachtach chomh maith i bhforbairtí le húsáid measctha ag soláthar slándála nuair a shuítear iad os cionn siopaí agus áiseanna phobail agus ról luachmhar a bheith acu i gcruithú sráid-dreacha nua i limistéir uirbeach.

Breathnóidh an Chomhairle ar fhorbairtí mar seo go háirithe i mbailte agus i lárionaid sráidbhailte níos mó chomh fada is a táid comhoiriúnach leis an limistéir máguaird, ní thabharfaí ardú le tionchair diúltacha ar áiseanna le sealúchais teorantacha nó ar limistéir nó struchtúir le spéis stairiúil nó

ailtireachta agus gur féidir áiseanna páirceála gluaisteáin oiriúnach a sholáthar.

Cinntoidh an Chomhairle go mbeidh an caighdeán cóiríochta oiriúnach agus ní ceadófar forbairtí árasáin ina bhfuil an achair urláir inmheánach níos lú na 75 m c.

Ní cheadófar go ginearálta leis an foroinnt de thithe cónaithe eiseadh isteach in árasáin / seomraí cónaithe laistigh d'eastáit cónaithe atá deartha agus forbartha le haghaidh sealbhaíocht teaghlach aonarach.

10.05.14 Láithreacha Tréigthe

Leanfaidh an Chomhairle le gníomh oiriúnach a thógáil faoi réir na soláthairtí den **Acht um Shuíomh Tréigthe** 1990 chun dísciú de dhearóiliú a chinntiú nuair a tharlaíonn sé.

10.05.15 10.05.15 Úsáid Urláir Uachtaracha chun Cónaithe

Soláthraíonn na hurláir uachtaracha d'áitribh nár úsáideadh acmhainn cóiríochta luachmhar i mbailte agus sráidbhailte. Chuirfeadh a úsáid maidir le cuspóirí maireachtála leis an athbheochan de limistéir uirbeacha. Spreagfaidh agus chuirfidh an Chomhairle Chontae chun cinn an úsáid de spás urláir uachtaraigh i mbailte agus sráidbhailte do chuspóirí cónaitheacha.

10.05.16 Stóráil bruscair

I moltaí forbartha eastáit agus árasáin uile, déanfar foráil do limistéir le pointí bailiúcháin, stórála bruscair atá daingean agus dea-fairthe. Beidh gá le spás íosta atá dóthanach le haghaidh dhá araid rothaí i ngach aonad cónaithe. Ní foláir do bhóithre agus rochtain do na limistéir seo a bheith oiriúnach le haghaidh freastal éasca agus coraíocht ag feithiclí éigeandála. Ba cheart soláthar a dhéanamh chomh maith le haghaidh áis le haghaidh 'Banc Buidéal' Ní foláir moltaí do fhorbairtí tithíochta atá sraithe spás stóráil le haghaidh boscaí bruscair a sholáthar muna bhfuil rochtan seachtrach do gairdíní cúil molta.

10.05.17 Tithe Cúraim Cónaithe

Aithníonn an Chomhairle an riachtanas atá ann i leith réimse cóiríochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil cúram faoi mhaoirseacht de dhíth orthu. Beidh aird ag an gComhairle ar seo a leanas nuair a breathnaítear ar iarratais d'ionaid chúraim;-

- Na háiseanna eiseadh sóisialta agus éileamh laistigh den limistéir. I suímh ina bhfuil grúpáil de ghrúpa úsáideoirí áirithe ní foláir d'iarraitais measúnú den tionchar ar sheirbhísí áitiúla a chuimsiú.
- An tionchar ar an gcarachtar fisiceach den limistéir mar shampla leibhéil páirceála gluaisteáin, spás conláiste príobháideach.
- An tionchar ar thorann agus díshocraíocht ó thrácht breise.
- An caighdeán de chóiríocht agus áiseanna a thairgtear. I fhorbairtí móra nó forbairtí nach bhfuil suite in aice le áiseanna áitiúil beidh an soláthar de seomraí paidreacha / séipéil, siopaí srl. riachtanach.

10.06 Inbhuanaitheacht Tógála

10.06.1 Straitéis

Tá Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta i dtaobh spreagadh tuilleadh forbartha inbhuanaithe trí fhuinneamh agus éifeachtacht úsáide deiridh fhuinnimh, agus an úsáid de fhuinnimh in-athnuaite, i ngach tionscadail tógála nua.

Déanfar é seo a bhaint amach trí:

- Bainistíocht timpeallachta freagrach i bhfoirgníocht a spreagadh;
- Cur chuige inbhuanaithe a chur chun cinn maidir le forbairtí tithíochta trí phleanáil spásúil, leagan amach, dearadh agus mion shonraíocht,
- Ard caighdeán d'éifeachtacht fuinnimh i ngach forbairt tithíochta laistigh dá théarmaí a chinntiú, agus ag spreagadh d'fhorbróirí, úinéirí, agus tionóntaí chun an comhlíonadh timpeallachta den stoc tógála a fheabhsú, lena n-áirítear an t-imscaradh d'fhuinnimh in-athnuaite.
- Do thithíocht, a uchtaíonn an caighdeán de chomhlíonadh timpeallachta an SEI "House of Tomorrow" go háirithe chun a bheith feidhmeach maidir leis an gnás, ag léiriú an feabhsú de 40% atá bainteach le ghnáis réimeacha de réir mar atá léirithe ag na Rialacháin Foirgníochta Cuid L.
- Do gach foirgnimh eile, a fheidhmíonn go háirithe feabhsú insamhlaithe de 40% atá bainteach le gnáis réimeach mar atá léirithe ag na Rialacháin Foirgníochta Páirt L;
- Ag réamhghabháil an fhorfheidhmithe feidhmitheach den Treoir AE um Fheidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh (TFFF) trí an rátáil fuinnimh

agus an lipéadú d'fheidhmíocht fuinnimh tógála a spreagadh, chun go dtugtar aitheantas infheicthe d'fheabhsuithe dá leithéid.

Is é an cur chuige faoi leith atá molta d'fhorbróirí ná sprioc a cheapadh, le clár de dhearadh agus roghanna teicneolaíochta ag dul leis. Áiríonn sé seo teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, mar slí chun solúbthacht a ofráil i dtreo an sprioc seo a bhaint amach i slí féideartha atá is mó teicniúil agus eacnamaíoch ar bhonn cáis le chás. Mar an chéad céim i dtreo inbhuanaitheacht timpeallachta níos fearr a bhaint amach, tá se á mholadh ag Comhairle Chontae Loch Garman Sprioc Astuithe CO₂ (CET) atá bunaithe ar fheidhmíocht a thabhairt isteach le haghaidh foirgnimh nua atá á thógáil laistigh den Chontae.

10.06.2 Spriocanna

Léireoidh gach foirgnimh nua feabhsú faoi leith i dtaobh fuinnimh agus feidhmíocht comhcheangailte timpeallachta atá bainteach le cleachtadh réimeach reatha. Maidir le réamhriachtanas i dtaobh formheas pleanála a fháil (**deimhniú BER de rátáil íosta B1**) le bheith curtha faoi bhráid i dteannta an iarratais pleanála) nó mar chód toilteanach, táthar tar éis glacadh leis na coinníollacha seo a leanas:

10.06.3 Tithíocht

Lorgóidh an Chomhairle laghdú de 40% ar a laghad d'astuithe CO₂ laistigh d'fhorbairtí tithíochta, i gcoibhneasta le bonnlíne de chleachtadh réimeach dearadh agus rialaitheach. Tá an chéad bonnlíne de chomparáid seo le bheith léirithe ag forálacha na Cáipéise L um Threoir Teicniúil (TGDL) de na Rialacháin Foirgníochta, 2002 ag úsáid coire téamh olabhreoslaithe gnásúil le éifeachtacht glactha séasúrach de 7.5%. Táthar in ainm agus teacht ar an ríomh ag úsáid an Gnáthamh Mheasúnaithe Fuinnimh Áitribh (DEAP) i dTGDL. Is éard atá i gceist le DEAP ná an gnáthamh le haghaidh measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúchán fuinnimh na bhfoirgneamh nua agus ceadófar táirgeadh na dteastas um Rátáil Fuinnimh Tógála (BER). **Beidh Teastas BER de B1 ar a laghad riachtanach.**

Agus an sprioc feidhmíochta CO₂ á chomhlíonadh, áireoidh an fhorbairt:

- Laghdú comhchoiteann meánach de 40% ar a laghad i tomhaltas fuinnimh le haghaidh théamh spás agus uisce, atá bainteach leis an bhonnlíne de chleachtadh eiseadh dearadh agus rialaitheach agus ag úsáid an modheolaíochta atá imlínithe thuas; agus

- Ba cheart ionchorprú a dhéanamh ar ranníocaíocht de 30% trí chórais soláthar fuinnimh in-athnuaite chun freastal ar riachtanais comhchoiteann i dtaobh riachtanais téimh spás agus uisce laistigh den fhorbairt tithíochta.

Molann Comhairle Chontae Loch Garman gur cheart forbairtí nua tithíochta laghdú de 40% a bhaint amach in astuithe CO₂ a bhaineann le spás, uisce, téamh (i. faoi bhun 14.2 kg/m²/bliain), ní foláir an laghdú fuinnimh a chur san áireamh don chuspóir sin (i. faoi bhun 75kWh/m²/bliain) agus ranníocaíocht de 30% ar a laghad ag córais fhuinnimh in-athnuaite chun freastal ar riachtanais comhchoiteann spás agus téamh uisce laistigh den fhorbairt.

10.06.4 Neamhchónaitheach

Lorgóidh an Chomhairle laghdú comhchoiteann de 40% ar a laghad in astuithe CO₂ ag díorthú ó úsáid fuinnimh iomlán (téamh spás, téamh uisce, soilsiú , eile) ag teacht ó na seirbhísí laistigh den fhorbairt, atá bainteach leis an mbonnlíne de chleachtas dearaidh agus rialaitheach eiseadh. Beidh an bonnlíne tosaigh seo de chomparáid léirithe ag an soláthar de TGD_L do na Rialacháin Tógála 2006. In éagmais de mhodheolaíocht oifigiúil náisiúnta i dtaobh aimsiú an feidhmiúcháin fuinneamh de fhoirgnimh neamh-theaghlach, beidh an ríomhaireacht seo déanta ag úsáid modh atá géilliúil leis an dréacht Caighdeán Eorpach prEN 13790.

Agus an sprioc feidhmíochta CO₂ á chomhlíonadh, áireoidh an fhorbairt:

- Laghdú comhchoiteann meánach de 40% ar a laghad i dtomhaltas fuinnimh do na sheirbhísí uile, atá bainteach leis an mbonnlíne de chleachtas dearaidh agus rialaitheach eiseadh agus úsáid na modheolaíochta atá imlínte thuas; agus
- Ranníocaíocht de 30% ag na córais sholáthar fuinnimh in-athnuaite chun freastal ar riachtanais comhchoiteanna fuinnimh laistigh den fhorbairt.

D'fhoill na rudaí atá thuasluaite a léiriú, ag úsáid an mhodheolaíochta maidir le Rátáil Fuinnimh Teasa, tá an bonnlíne feidhmíochta fuinnimh de thithíocht nua go tipiciúil mar 125kWh/m²/bliain do théamh spás agus uisce nuair a thógfar iad do riachtanais íosta de na Rialacháin Tógála 2002 agus ag úsáid coire le héifeachtacht séasúrach de 75%. Is ionann é seo agus feidhmiúchán CO₂ de 23.7 kg/m²/bliain ag úsáid córais teasa atá ola adhainte.

10.06.5 Clár Roghanna

Ag tóraíocht na spriocanna seo, áireoidh clár láidir de dhearadh uachtarach agus roghanna mion shonraíochta na nithe seo a leanas:

- Leagan amach suímh agus bearta bith-clíomacha/ dearaidh ghréine fulangacha atá bainteach.
- Leibhéil feabhsaithe d'insliú i mballaí, díonta, urláir, gloiniú agus doirse;
- Cailliúintí neamhrialaithe d'aer insíothlaithe laghdaithe;
- Úsáid de chórais aerála atá sláintiúil agus ceansaithe;
- Córais athghabhála teasa;
- Solas an lae a úsáid.
- Bearta caomhnaithe uisce;
- Ábhair tógála atá níos inbhuanaithe;
- Éifeachtacht d'fhearas giniúna teasa atá feabhsaithe m.sh coire comhdhlúthaithe;
- Cumraíocht de chóras téimh éirimiúil agus rialaitheoirí feidhmithe am / teocht / crios;
- Soláthar éifeachtacht d'uisce te tí;
- Lascadh breosla go dtí breosla atá íseal nó nialasach in éalú CO₂;
- Córais soilsithe atá éifeachtach ó thaobh fuinneamh de;
- Ionchorprú de chórais fuinnimh in-athnuaite, m.sh gréine gníomhach, pumpaí teasa, bithmhais;
- Soláthar de chórais oiriúnach maidir le grúpa nó téamh dúiche de.

I gcás foirgnimh neamh-theaghlaigh, áiríonn na roghanna breise:

- Córais agus rialaitheoirí téimh, aerála agus aeroiriúnú;
- Úsáid de fhuinnimh leictreach lena n-áirítear cumhacht gluaiste;
- Córais agus rialaitheoirí soilsiú éifeachtacha;
- Córais tógála bainistíochta fuinnimh;
- Rialaitheoirí sealbhaíochta;
- Córais Monatóireachta agus Spriocaimsithe
- Cumhacht agus Teas Comhcheangailte (CHP).

Breathnaítear ar bhearta eile gur féidir chuir leis an éifeachtacht fuinnimh agus spriocanna fuinnimh in-athnuaite. Cumasaíonn agus iarrann an cur chuige roghchláir seo forbróirí chun téarnaithe a uchtú atá freagrach le cúinsí agus srianta an tsuímh agus an chliaint. Táirgtear chomh maith an solúbthacht chun measctha de roghanna difriúla a thaiscéal agus a fhostú ar bhonn cás le chás, chun uasmhéadú a dhéanamh ar fhéidearthacht teicniúil agus eacnamaíoch (SEI Aibreán 2006)

10.07.0 10.07 Treoirínte Forbartha Cónaithe Tuaithe

Tá sé mar chuspóir ag na treoirínte seo cabhrú leo siúd atá ag pleanáil teach tuaithe a thógáil i gContae Loch Garman, ag cur béim ar an riachtanas d'fhorbairt fogair i limistéir tuaithe, i láithreánú agus dearadh tithíocht aonuaire.

10.07.1 Cód Dearaidh Tithíochta Tuaithe

Roghnú Suímh Ba cheart do shuíomh a bheith cumasach i bhfreastal do:

- Teach áitribh i dtreo is go dtéann sé isteach sa tírdhreach, i dtreo is nach bhfuil sé taispeántach ó amhairc agus nach mbaineann sé ó na radhairc scéimhiúla.
- Córais cóireála fuíolluisce laistigh de theorainn an tsuímh gan a bheith ina bhaol truaillithe d'uisce talún nó aon chúrsa uisce.
- Bealach isteach sábháilte chuig an suíomh.

Staidéar Suímh- Ba cheart anailís/staidéar suímh a ullmhú roimh obair a dhéanamh ar dhearadh an tigh agus an phlean maidir le leagan amach an suíomh. Is é cuspóir an staidéir seo ná:

- Taifeadadh agus breathnú a dhéanamh ar eolas faoin suíomh agus a thimpeallacht.
- Fadhbanna agus deiseanna dearaidh atá léirithe ag an suíomh a aithint.
- Tionchar a chur ar dhearadh an tí a chosnóidh carachtar an tírdhreacha.

Ní foláir don staidéar suímh léaráidí a chur san áireamh a thaispeánann:

San suíomh:

- Na leibhéil láithreacha
- Crainn agus fála seach;
- Foirgnimh Eiseadh;
- Pointí rochtana eiseadh;
- Draenáil agus seirbhísí;
- Claíocha, teorainneacha agus éasúintí;
- Aon ghnéithe nó saintréithe iomráiteacha den suíomh;
- Aon ghnéithe stairiúla agus seandálaíochta;

- Cúrsaí uisce.

Ar an limistéar máguaird:

- Suíomh agus úsáid na bhfoirgneamh timpeallacha;
- An difríocht sna leibhéil idir an suíomh agus sealúchais máguaird agus leibhéil an bhóthair poiblí;
- Cineál na dtithe/ na bhfoirgneamh sa limistéar máguaird;
- Gnéithe cois bhóthair ar nós cuailí agus cosáin;

Ba cheart don dearadh agus leagan amach den teach a thaispeáint conas a bhaineann sé leis an staidéar agus a fheabhsaíonn sé an carachtar tuaithe eiseadh.

10.07.2 10.07.2 Treoirínte Dearaidh & Láithreánaithe do Thithíocht Tuaithe

Teastaíonn on gComhairle ró-shaintreorach i dtéarmaí dearadh a sheachaint, ag comhchruinniú in áit ar shaincheisteanna leathan de scála, dlús, airde, comhdhlúthú, tírdhreach, rochtain agus éadanas bóthair agus an coibhneas radharcach ar dhócha bheith bunaithe le maoine eile san comharsanacht. Is é an rún ná a chinntiú go bhfuil an fhorbairt meabhrach agus go bhfuil meas aige dá chomhthéacs agus cheantair máguaird. Spreagfaidh an Chomhairle idir éagsúlacht agus dearadh tithíochta ar ardchaighdeán. Tabharfar breathnú do dhearadh traidisiúnta & comhshaolach, tithe aon urlár, dormánach agus dhá urlár, le gach iarratais bunaithe ar a thuillteanas i dtaobh dearadh agus an t-íomchuíbheas den teach leis an suíomh i gceist.

- Ní foláir foirm aon urláir a úsáid i limistéir ina bhfuil an fhoirm leitheadach nó ar suímh atá níos droimnoichte agus ardaithe.
- Úsáid ábhair tógála seachtracha atá flúirseach sa limistéar chun a chinntiú go chumascann an fhorbairt leis an tírdhreach, lena n-áirítear ábhair díontóireachta dorcha. Tabharfar breathnú d'áitribh adhmaid i suímh atá oiriúnach agus dea-fairthe.
- Go ginearálta, ba cheart don tigh bheith suite ar ais ó theorainn tosaigh an gclaí le 9m ar bóithre Contae agus 15m ar a lán bóithre réigiúnach. Nuair a cheadófar forbairtí thar Bóithre Réigiúnacha Grád 1 agus Bealaí Náisiúnta, sonrófar líne tógála atá oiriúnach don shuíomh indibhidiúil i ngach cás, cé nach mbeidh sé de gnáth níos lú ná 23m.
- Beidh **amhairclínte** sa dá treo ar feadh bealaí isteach ar an mbóthar poiblí ag teastáil, le haird cuí acu maidir le sábháilteacht tráchta agus na soláthairtí de chuid 10.19.3 den phlean seo. Breathnófar ar riachtanais amhairclínte chomh maith i gcomhthéacs chaighdeán agus tábhacht i dtaobh bóthar poiblí, toirteanna tráchta agus luachanna luas.

- Baileofar uisce dromchla ó d'híonta, bealaí iontrála agus limistéir páirceála, agus a dhiúscairt laistigh den suíomh chuig poill maothaithe/draenacha/sruthchúrsaí uisce in aice láimhe. Go háirithe, ní thabharfar cead do rith uisce sní amach ar an mbóthar poiblí nó tithe in aice láimhe. Beidh draein cuislithe ar thaobh an bhóthair, atá ar a laghad 300mm i méid riachtanach le haghaidh fad an bhealaigh iontrála agus an limistéar páirceála ar thaobh an bhóthair.
- Ní foláir fálta sceach, céanna cloiche, ballaí cloiche agus ábhair eile atá traidisiúnta i limistéir tuaithe a choimeád. Nuair a bhíonn sé riachtanach agus inghlactha fálta sceach a bhaint chun amhairclínite oiriúnacha a sholáthar, ní foláir den theorainn nua bheith ina claífort / balla déanta de chré/fód/cloiche plandáilte le crainn dúchasach agus speiceas fálta sceach.
- Tabharfaidh an Comhairle breathnú go dtarlaíonn forbairt líneach nuair a eiseann 5 nó níos mó tithe ar aon taobh ar bith de 250 méadair d'éadanas bóthair atá tugtha. In a leithéid seo d'fhorbairtí a mheasúnú beidh aird ag an gComhairle orthu seo a leanas:
Cineál an limistéir tuaithe agus cúinsí an iarratasóra;
An leibhéal inar bhreathnófaí ar an mholadh mar líontach;
An leibhéal ina déanfar forbairt líneach a síneadh
- Beidh ar tithe tuaithe de ghnáth córais chóireála fuíolluisce agus diúscairthe a chur isteach. Chun a bheith inghlactha, ní foláir cloí leis na riachtanais seo a leanas: Ní foláir do choinníollacha talún a bheith oiriúnach d'insealbhú an chórais agus do síothlú fo-ithir, Cur isteach de Thuarascáil sainiúil ar Mheasúnú Oiriúnacht an tSuímh i nGéilliúlacht le "**Córais Cóireála do Thithe Aonarach**" (**Lámhleabhar Cóireála Fuíolluisce**) **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2000**; (agus cáipéisí leanúnacha)
- Beidh sé de dhíth ar an iarratasóir teacht isteach i gcomhaontú cothabhála umair mhúnlaigh maidir leis an seirbhís bhliantúil agus cothabháil den chóras. Tabharfar fógra don Chomhairle Chontae i dtaobh an duine nó daoine a beidh freagrach as an obair seo.
- Más ní go moltar an sceitheadh d'eisiltigh ó chórais diúscairthe fuíolluisce d'uisce dromchla, beidh an t-eolas faoin sruth agus cumas an shrutháin nó na habhann riachtanach. Beidh ceadúnas sceitheadh riachtanach do na sceitheanna uile d'uisce dromchla a eisítear neamhspleách ó chead planála.
- Beidh íosmhéid láithreáin i bhfeidhm le haghaidh na méideanna tithe seo a leanas

Achar Urláir an Tí	Méid an tSuímh Acraí/Heicteáir
< 200 m.c.	0.5 - 0.2
200 – 300 m.c.	7.5 - 0.3
> 300 m.c.	1.0 - 0.4

Breathnófar ar eisceachtaí d'iaratasóirí ar mian leo tithe a fhorbairt taobh le baill teaghlaigh faoi réir na gnáth critéir a bhaineann le sláinte phoiblí agus sábháilteacht tráchtá.

I ngach forbairt nua ina mbíonn na háiléir tí réidh agus in-athraithe agus/nó úsáidte d'aon ghníomh lena n-áirítear stóráil, beidh na caighdeáin thuas i bhfeidhm.

10.08.0 Forbairt Tráchtála

10.08.1 Tionscal, Trádstóráil agus Páirceanna Gnó

Beidh toimhde ann i bhfabhar na forbartha tionsclaíoch agus tráchtála suite i nó taobh le lonnaíochtaí ina bhfuil bonneagar á sholáthar agus i líne leis an bprionsabal d'fhorbairt inbhuanaithe.

Beidh forbairtí tionsclaíocha agus tráchtála riachtanach ar láithreáin glaise úmha chun na riachtanais íosta do dhearadh maidir le suíomh, leagan amach, críocha, rochtain, plandáil crann agus tírdhreach, cóireáil teorainn, soláthar uisce, draenáil agus diúscairt eisiltigh a shásamh. Ina theannta sin, forchoimeádfar spás dóthanach laistigh de chúirtealáiste an tsuímh i gcóir páirceáil gluaisteáin na fostaithe agus cuairteoirí agus le haghaidh an luchtú agus díluchtú d'fheithiclí. Tá sé mar rún go bhfágfaí trian den láithreán saor ó fhoirgnimh i bhforbairtí dá leithéid agus go ndéanfar rochtain cúil oiriúnach ar áitreabh gnó. Soláthrófar stóráil ar an láthair atá fairthe go hoiriúnach do bhunábhar, táirgí fuíoll agus earraí déanta.

Ní foláir d'fhorbairtí uile a bheith deartha chun rochtain a sholáthar do chách agus áireofar limistéir pháirceála do dhaoine le míchumas ag an bpríomh bhealach isteach, leithris comhrochtana agus rochtain d'urláir os cionn leibhéil na talún.

Ní cheart moltaí d'fhorbairtí a ghinfeadh mórchuid de thrácht FET, a bheith suite in áit a spreagfaí gluaiseacht de thrácht mar seo trí limistéir chónaithe.

Áirítear spásanna do pháirceáil ghluasteáin i limistéir idir an fhoirgnimh agus teorainn an bhóthair, chomh fada agus a ionchorpraítear scéim inghlactha tírdhreachaithe.

Ní foláir d'fhorbairtí tionsclaíocha/ollstórála/lárionaid ghnó dreach aoibhiúil a chur i láthar atá cabhraithe ag plandáil crann, an dearadh cúramach de

chomharthaíocht, scagadh de spás stóráil agus spás neamhfheiceálach le haghaidh luchtú agus páirceáil. Soláthrófar éagsúlacht de mhéid na n-aonad chun freastal ar na riachtanais difriúla de na sealbhóirí poitéinsiúla.

10.08.2 Forbairt Oifige

Dearfar forbairtí oifige nua chun rochtain do chách a chinntiú le háiseanna leithris comhrochtana don fhoireann. Spreagfaidh an Chomhairle Chontae forbairt oifige thar chuntar le bheith suite i lárionaid bunaithe. Spreagfaidh an tÚdarás Pleanála an úsáid de na hurláir uachtaracha atá folamh nó tearcúsáidte le haghaidh na forbartha oifige. Breathnófar ar lárionaid lasmuigh de bhailte agus sráidbhailte, le haghaidh forbairt oifige laistigh de lárionad tionsclaíoch agus gnó, ar tailte atá criosaithe le haghaidh tionscail nó áit ina bhfuil bonneagar soláthartha atá i líne leis an bprionsabal d'fhorbairt inbhuanaithe.

Beidh sé riachtanach do na forbairtí oifige uile 10% ar a laghad de spás oscailte a sholáthar.

10.08.3 Gníomhaíocht Eacnamaíoch Bunaithe sa Bhaile

Tá gníomhaíocht eacnamaíoch atá bunaithe sa bhaile sainmhínithe mar gníomhaíocht tráchtála mionscála atá déanta ag cónaitheoirí de theach atá íochtaránach nó coimhdeach d'úsáid an áitribh mar áit chónaithe. I measúnú iarratais ar fhorbairtí dá leithéid seo, beidh meas ag an Údarás Pleanála ar na rudaí seo a leanas:

- Nádúr agus méid na hoibre.
- Na tionchair ar chonláiste de shealúchais teorantacha;
- Leibhéal na tráchta a ghintear ag an bhforbairt molta;
- An ghiniúint, stóráil agus an bailiúchán de fhuíoll.

Teorannófar cead le haghaidh athrú páirteach mar seo go úsáid ag an iarratasóir amháin. Ní thabharfar cead de gnáth d'athruithe úsáidí mar seo in árasáin.

10.08.4 Forbairt Mhiondíola

Is iad seo a leanas na critéir atá le bheith socraithe sa mheasúnú d'iarratais phleanála suntasacha le haghaidh forbairt mhiondíola:

- Ag tástáil an moladh i gcoinne an 'Cur Chuige Seicheamhach' agus gur bhreathnaíodh ar láthair malartacha.
- An tionchar ar lárionad an bhaile, lena n-áirítear an tionchar carnach;

- An t-eolas bonnlíne agus an measúnú i dtaobh acmhainn/cumais de a bheith cruinn agus tréscailteach;
- Tá riachtanas soiléirithe ann d'fhorbairt;
- A ranníocaíocht le feabhsú ar lárionad an bhaile;
- A ranníocaíocht le feabhsú an tsuímh / limistéir;
- Caighdeán na rochtana ag na modhanna iompair uile;
- A ról i bhfeabhsú iomaíochta an Chontae;
- A ról i gcoinneáil pobail tuaithe;
- Aon tuiscintí eile i dtaobh an Phlean Forbartha.

Agus forbairtí miondíola á bhreathnú iarrfaidh an Chomhairle:

- Soláthróidh siopaí le achar urláir os cionn 1000 m.c. leithris poiblí comhrochtana.
- An soláthar oiriúnach de pháirceáil do dhaoine le míchumas sa bhreis ar pháirceáil do thuismitheoirí le leanaí óga
- An soláthar d'ionaid athchúrsála beir leat a bheith suite i suímh inrochtana
- An soláthar de pháirceáil chlúdaithe do rothair
- Soláthróidh siopaí de níos mó ná 3000 m.c. do stadanna tacsaithe agus stadanna bus/lea-taoibh.

10.08.5 Dearadh Aghaidh Siopa

Tá sé de chumas ag dearadh aghaidh siopa ranníocaíocht suntasach a dhéanamh do chaighdeán na timpeallachta d'fhorbairt mhiondíola i limistéir uirbeacha agus tuaithe. Go ginearálta, ní foláir do dhearadh aghaidheanna siopa a bheith bainteach le carachtar ailtireachta an limistéir nó an foirgneamh ina bhfuil sé páirteach. Comhairlítear do fhorbróirí agus dearthóirí dul i gcomhairle leis an treoir dearaidh 'Shopfronts and Streetscapes in County Wexford'. Cinnteoidh na haghaidheanna siopa nua an soláthar de rochtain atá ardaithe nó leibhéal chun rochtain a éascú do chách.

Ní cheadófar comhláir rothlacha sheachtrach ar aghaidheanna siopa sna príomh limistéir mhiondíola i mbailte agus sráidbhailte.

10.08.6 Beir leat um bhia te

Beidh moltaí le haghaidh forbairt na háiseanna seo go ginearálta inghlactha amháin i limistéir de ghníomhaíocht úsáid measctha mar lárionaid bailte agus sráidbhailte. **Ní cheadófar siopaí mearbhia go ginearálta laistigh de gha de**

200m de bhunáíochtaí oideachais agus breathnófar ar fhorbairt dá leithéid i gcúinsí eisceachtúla amháin i limistéir cónaithe, le haird do na tionchair diúltacha lena n-áirítear torann, bruscair, uaireanta oscailte agus díshocráíocht ginearálta, ar féidir éirí as. Feidhmeofar rialaitheoirí géar maidir le bailiúcháin bruscair agus dearadh aghaidh an tsiopa. B'fhéidir go mbeidh gá ag an déanach a íomhá chorpáraídeach a athrú i dtreo is go gcomhshamhláítear le carachtar an limistéir. B'fhéidir go ngearrfaidh an tÚdarás Pleanála srianta ar uaireanta oscailte mar coinníoll den chead pleanála.

10.08.7 Stáisiún Líontach Peitril

Go ginearálta ní foláir do stáisiún líontach peitril, áit ina bhfuil riachtanas bunaithe, a bheith suite laistigh de luasteorainn 50 ciliméadar in aghaidh na huairé nó 60 ciliméadar in aghaidh na huairé agus/nó laistigh den limistéar teorainneacha forbartha de bhailte agus sráidbhailte ar thailte atá criosaithe le haghaidh leathnú lárionad bailte agus sráidbhailte agus úsáidí ginearálta tráchtála agus tionsclaíoch. Ba cheart limistéir cónaithe a sheachaint. Beidh forbairtí ar ghréasáin bóithre náisiúnta rialaithe go dian. Ní bheidh iomadú nó ró-comhchruinniú de stáisiúin líontach peitril thar bóthar áirithe nó laistigh de bhaile nó sráidbhaile inghlactha toisc an tionchar carnach timpeallachta ar chonláiste radharcach nó cónaithe agus an cruthú de ghuais tráchta.

Tábla 10.1 Caighdeáin Dearaidh Stáisiúin Peitreal.

Stáisiún Peitril - Caighdeáin Dearaidh agus Treoirínte		
Dearadh Foriomlán	Ard caighdeáin de dhearadh agus tírdhreachtú cuimsitheach, ag soláthar do choincheap forbartha de shuíomh comhtháite ag clúdach foirgnimh, struchtúir, ceannbhrait, fógraíocht, soilsiú, ag tógáil in áireamh chomh maith an dearadh agus carachtar na timpeallachta tógtha sa chomharsanacht.	
Rochtain	Ní foláir do leithead na rochtana a bheith níos lú ná 6m agus gan a bheith níos mó ná 9m. Ní cheart do ghathanna na gcolbhaí ag bealaí isteach agus bealaí amach a bheith níos lú ná 10m. Beidh an fad is lú ón bealach isteach (bealach rochtana) go dtí an acomhal bóthair is giorra mar seo a leanas: Bóithre Móra: 50m Mion Bóithre: 25m	
Éadanas	Bailte agus Sráidbhailte: Íosluch 31m, Tuaithe: 45m Beidh an suíomh línithe go soiléir ón bhóthar poiblí le balla íseal nach mbeidh os cionn 0.5m in airde tógtha ar feadh an líne teorainneacha tosaigh. Soláthrófar cosán lasmuigh den balla teorann.	
Suíomh na Struchtúir	Ní bheidh an t-oileán lárnach ina bhfuil na pumpaí ann in aon chás a bheith níos giorra ná 7m le himeall cúirtealáiste an bhóthair. Ní bheidh aon bacadh seachas an oileán pumpa suite laistigh de 15m de theorainn an bhóthair. Ní chuirfidh aon struchtúir idir buana agus sealadacha isteach ar amhairclínte tiománaithe nó bac a chur ar choisithe.	
Infheictheacht	<u>Luas Luach de Bhóthair</u>	<u>Faid Infheictheachta íosta Riachtanacha – Carrbhealach</u>

	40 kph. 60 kph. 80 kph. 100 kph.	<u>Aonair</u> 170 m. 170 m. 230 m. 280 m.
Páirceáil	Ní foláir de chuais páirceála/pasáistí a bheith lonnaithe i dtreo is go laghdaítear coinbhleacht do choisithe/ feithicleach. Páirceáil oiriúnach, faoi fhothain ó amhairc ginearálta, chun freastal ar fheithiclí atá ag fáil seirbhíse. Soláthrófar páirceáil oiriúnach do dhaoine le míchumas.	
Soilsiú	Ní bheidh soilse, comharthaíocht agus comhghabhálas suite in áit ina ndéantar guais dallrú nó dallamullóg d'úsáideoirí bhóthair poiblí. Ní foláir do gach soilsiú ar limistéir allamuigh a bheith cosanta i dtreo is nach ndéantar soilsiú ar aon sealúchas a úsáidtear ar mhaithe cónaitheoirí.	
Fógraíocht/Ceannbhraí	Fógraíocht íosta agus riachtanach amháin. Ní bheidh an phríomh comhartha / lógó os cionn 4.5m in airde. Ní chuirfidh fógraíocht isteach ar línte infheictheachta. Ní úsáidfeadh réamhchúirt agus cosáin le haghaidh suíomh na fógraíochta. Ní cheadófar fógraíocht atá sáiteach go feiceálach nó a chuireann isteach ar leanúnachas na sráid-dreacha. Ní foláir aird a bheith ar dearadh agus scála na ceannbhraí ar láithreán an tsuímh, lonnú agus ar charachtar na hailtireachta áitiúil.	
Draenáil / Áiseanna Ginearálta.	Beidh dromchla na réamhcúirte grádaithe, leagtha síos le macadam biotúman nó ábhair eile oiriúnach agus draenáilte go sásamh an Údarás Phleanála agus coinnithe sa chruth sin. Beidh idircheapóir gaistigh peitрил/ola curtha isteach le córais draenála na huisce dromchla. Déanfar foráil do stóráil agus don aistriú de bhruscair agus fuíollábhar. Ag braith ar shuíomh/mhéid na forbartha, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach cóiríocht sláintíochta a sholáthar d'úsáid poiblí.	
Úsáidí Miondíola	B'fhéidir go mbeadh méid an chomhábhair áise miondíola/réimse na n-earraí ar díol teoranta le haird a bheith ann do shuíomh, áiseanna miondíola atá ar fáil sa chomharsanacht, dóthanach na páirceála, sábháilteacht tráchtá.	
Áiseanna Poiblí	Soláthrófar do leithris comhrochtana lena n-áirítear áis friothála ar naíonáin.	

10.08.8 Beáir / Clubanna Oíche / Ionadaí Siamsa.

Tógfar na saincheisteanna seo a leanas san áireamh i measúnú iarratais le haghaidh na húsáidí thuas:

- Déanfar measúnú ar na tionchair phoitéinsiúla den fhorbairt ar an gconláiste do chónaitheoirí cóngaracha sular bronnar an cead pleanála.
- Comhchruinniú iomarcach d'aon cheann de na húsáidí thuas i limistéir áirithe a chosc.
- Déanfar monatóireacht cúramach i dtaobh torainn de ag na teorainneacha agus beidh bearta i dtaobh inslithe torainn riachtanach in

aimsir an iarratais phleanála a chur isteach. Is measúnú tábhachtach é don údarás áitiúil líon agus minicíocht na n-imeachtaí in áiseanna dá leithéid.

- Áiteoidh an tÚdarás pleanála go mbeidh bearta ceart i dtaobh rialaithe bruscair i bhfeidhm sula n-osclofar aon áitreabh.

Beidh dearadh aghaidh rialaithe go cúramach ag an údarás pleanála agus go háirithe ag an gcineál agus an leibhéal de chomharthaíocht agus soilsiú maidir le fógraíocht. Tabharfaidh an dearadh meas do charachtar na sráide agus do na foirgnimh.

10.09.0 Áiseanna Pobail

10.09.1 Scoileanna

Ní foláir do shuímh atá ag teastáil do scoileanna náisiúnta cloí le riachtanais an fhoilseachán de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta **Planning Guidelines for Primary Schools (2000)**. Ní foláir soláthar a dhéanamh laistigh den shuíomh do pháirceáil gluaisteáin atá leor dhóthanach don fhoireann (ag ráta de 3 in aghaidh an tseomra ranga), páirceáil busanna. Ionad bailithe/fágála, ionad súgartha neamhfhoirmiúla le dromchla crua, agus ionaid do ghníomhaíochtaí spóirt eagraithe.

Déanfaidh an Chomhairle Chontae i dteannta leis na húdaráis scoile a dhícheall trasrian coisithe, comharthaí bóithre agus soláthar cosáin a sholáthar nuair is gá.

Ní foláir soláthar a dhéanamh i meánscoileanna do gach gné d'áiseanna le haghaidh spóirt eagraithe.

10.09.2 Áiseanna Cúram Leanaí

Aithníonn an Chomhairle an riachtanas maidir le soláthar áiseanna cúram leanaí atá dea-reáchtáilte agus suite go háiseach i limistéir uirbeacha agus tuaithe ar fud an Chontae. Déanfar measúnú ar na hiarratais le haghaidh áiseanna cúram leanaí i limistéir chónaithe i dtéarmaí na tionchar ar na háiseanna de shealúchais teorantacha agus ar leibhéal na tráchtá atá ginte ag an bhforbairt mholta. Go ginearálta tá na fachtóirí seo a leanas le bheith breathnaithe i dtaobh iarratas a shocrú d'áis cúram leanaí.

- Géilliúlacht le Rialacháin Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006.
- Oiriúnacht an tsuímh agus an fhoirgnimh;
- An méid agus nádúr den áis molta (séasúrach nó cúram lae iomlán);

- Infhaighteacht agus faoiseamh rochtana, páirceála agus pointí baillíocháin;
- An tionchar ar chiorclaíocht tráchta áitiúil;
- Dóthanacht agus oiriúnacht an cheantair súgartha allamuigh.

Beidh sé de chúram ar fhorbairtí cónaithe le 75 aonaid cónaithe nó níos mó, nó mar atá ordaithe in Alt 7.9 den Phlean Forbartha, soláthar a dhéanamh d'áis cúram leanaí atá saintógtha. Breathnóidh an Chomhairle, le comhaontú, ar an bhforbairt d'áis cúram leanaí lárnach ag freastal ar eastáit tithíochta amháin nó níos mó.

10.10.0 Turasóireacht

Aithníonn an Chomhairle Chontae an t-éileamh breise ar agus mealladh na bhforbairtí saoire ceann scríbe atá bunaithe ar thurasóireacht, agus an riachtanas do sholúbthacht chun freastal ar fhorbairt dá leithéid a d'fhéadfadh cur leis an gcaighdeán foriomlán de thairge na turasóireachta agus a bheith mar thairbhe don phobail níos leithne. Úsáidtear na caighdeáin seo leanas nuair a measúnaítear iarratais d'áiseanna turasóireachta.

10.10.1 Tarraingí Turasóireachta

Tabharfar meas do cheadú líon teoranta forbairtí mar seo chomh fada agus nach dtéann siad i gcoimhlint le cuspóirí straitéiseacha eile den phlean forbartha agus a chomhlíonann siad riachtanais íosta seo a leanas:

- go bhfuil siad déanta suas de thionscnaimh fileata comhtháite atá dea-taighdte agus comhtháite
a áiríonn teaghlaim réadúil de na nithe seo a leanas:
 - (i) Áiseanna óstáin lena n-áirítear áiseanna comhdhála agus fóillíochta
 - (ii) Áiseanna áineasa taobh istigh agus allamuigh lena n-áirítear gailf, snámh, eachtraíocht
 - (iii) Páirceanna carbhán i stíl Eorpach/ féin-chuimsitheach / cóiríocht sealla
 - (iv) Áiseanna siamsaíochta
 - (v) Áiseanna fóillíochta bainteach le turasóireacht lena n-áirítear siúl agus rothaíocht
- Ní théann siad i gcoinne na Polasaithe um Chosaint Tírdhreacha agus Forbartha an Chósta,
- baineann siad go simplíteach leis an scála agus leibhéal na gníomhaíochta sa limistéar,

- ní bheith droch thionchar acu ar charachtar nó ar chruth na dúiche,
- ní bheidh toradh acu le tionchar aimhleasach ar shábháilteacht bóithre nó ar an saorshreabhadh tráchtá agus ní iarrann siad ar fheabhsúcháin a dtógfaí ó charachtar bóithre tuaithe,
- ní bheidh éifeacht áibhirseach acu ar charachtar nó ar lonnú na lonnaíochtaí nó ar an gconláiste de chónaitheoirí eiseadh.
- ní bheidh tionchar áibhirseach acu ar shuímh le luach caomhnaithe dúlra nó tábhacht seandálaíochta no struchtúir le spéis ailtireachta nó stairiúla acu,
- ní foláir d'aon áitribh nua a bheith de dhea-caighdeáin dearaidh agus atá comhbhách leis an tírdhreach i dtéarmaí a lonnú agus ábhair.

10.10.2 Páirceanna Carbhán

Áit a bhreathnófar i leith fairsingiú nó inlínadh ar pháirceanna carbhán eiseadh, feidhmeoidh an Chomhairle Chontae na caighdeáin seo a leanas:

- ní foláir don dearadh agus leagan amach a bheith ar ardchaighdeán le béim ar an nuálaíocht chun coincheap dearaidh chomhtháite a sholáthar a nascann aonaid chónaithe le limistéir comhchoiteanna atá dea-suite, áiseanna agus conláiste ar an láthair. Ba cheart tagairt a dhéanamh do **'Guidelines for Development of Caravan and Camping Sites'** de chuid Bord Fáilte (1982) sa chaoi seo;
- ní foláir don scéim tírdhrechtaithe cuimsitheach cuid chomhtháite d'fhorbairt shuíomh a fhoirmiú. Ní foláir do shuímh a bheith suite chun freastal ar scagadh nádúrtha eiseadh. Ba cheart do plandáil nua a bheith deartha chun gnéithe eiseadh den tírdhreach a threisiú lena n-áirítear ballaí sceach, coillearnacha, crainn agus craobhíní. Ní foláir do mholtaí tírdhrechtaithe foráil a dhéanamh le haghaidh plandáil fhlaithiúil i ngrúpaí agus criosanna ag úsáid speiceas dúchasaigh. Ba cheart don scéim a bheith ullmhaithe ag duine atá cáilithe agus forásach;
- Ní foláir do pháirceanna agus suímh cónaisc a dhéanamh le bonneagar eiseadh na cóireála uisce agus fuíolluisce nuair a bhfuil sé le fáil gan éilimh neamhinbhuanaithe a chur ar na sheirbhísí seo.

- ní foláir do bhonneagar um chóireáil fuíolluisce príobháideach caighdeán agus critéir chaomhnaithe agus timpeallachta an Chomhairle Chontae a bhaint amach. Ba cheart soláthar fóna laethúil d'uisce inólta agus stóráil uisce a sholáthar chun freastal ar gach aonad. Níor cheart go mbeadh áiseanna sláintíochta agus/nó áitribh buana a bheith suite laistigh de 9m d'aon fhaiche. Ba cheart do shuímh a bheith inrochtana d'fhóntais áitiúla agus ba chóir go mbeadh seirbhísí fóna i dtaobh scríoblaíochta suímh de a bheith ann;
- Ba cheart do pháirceanna agus suímh a bheith soláthartha le bóithre agus limistéir páirceála fóna agus le spás páirceála amháin ar a laghad ann in aghaidh na faiche agus líon spásanna breise chuí do chuiditheoirí. Ní foláir spásáil soiléir a sholáthar i ngach treo timpeall na faiche. Ba cheart limistéir bealach isteach/fáiltiú a sholáthar le háiseanna fóna páirceála agus coraíochta. Ba cheart soilsiú poiblí a sholáthar ag leibhéal íseal agus déine;
- Níor cheart d'fhorbairtí baint ó phríobháideacht agus chonláiste atá ag cónaitheoirí áitiúla faoi láthair. Ba cheart go mbeadh suímh deartha agus leagtha amach i dtreo is nach mbíonn siad ag féachaint síos ar shealúchas cónaithe.

10.10.3 Tithe Saoire

Is féidir le forbairt de chineáil athbhaile agus tithe saoire ceisteanna a ardú maidir le hinbhuanaitheacht fadtéarmach, tionchair ar inachmhainneacht na títhíochta i

limistéir tuaithe do chónaitheoirí tuaithe buana. Dá bhrí sin, ní cheadófar tithe saoire aonarach nó braisle de thithe saoire i gcoitinne amuigh faoin tuath mura bhfuil siad ceangailte le hacmhainn fóillíochta tuaithe atá bunaithe ag an suíomh sin.

Ba cheart go mbeadh aonaid saoire deartha agus suite i dtreo is nach mbeadh drochthionchair ar charachtair nó ar shuíomh na lonnaitheoirí nó ar áis na gcónaitheoirí eiseach acu.

Ar an iomlán ba cheart go mbeadh béim ar nuálaíocht i ndearadh agus leagan amach fad is atáthar ag soláthar d'fhorbairt chomhtháite ag nascadh aonaid le spás oscailte agus áiseanna. Ní bheidh leagain amach eastát títhíochta i stíl fo-uirbeach inghlactha.

Ba cheart gnéithe an tsuímh atá ann cheana féin lena n-áirítear crainn agus fáilte sceaigh a choimeád mar chuid de scéim tírdhreachaithe cuimsithí.

Ba cheart comhlacht bainistíochta a bhunú chun an fhorbairt foriomlán a riaradh agus deisiú agus cothabháil a dhéanamh maidir le haon córas cóireála fuíolluisce.

10.11.0 Iompar

Má comhlíonann an gréasán bóithre a phríomh fheidhm i ré de fháis ghasta in úinéireacht ghluaisteáin agus gluaisteacht lastais, beidh sé riachtanach líon na rochtana agus aomhail don ngréasán a theorannú. Ma theiptear ar seo chiallófaí:

- Cruthú de ghuais tráchta agus cúngach;
- Laghdú i gcumas iompair;
- Críonadh anabaí;
- Aischiúir fóna de infheistíocht poiblí.

10.11.1 Bóithre Náisiúnta

Ar mhaithe le pleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe beidh sé mar pholasaí ag an gComhairle mar sin chun:

- Cosc a chur ar fhorbairt ag iarraidh rochtana díreach nó ag sainoidhriú an diansaothrú d'úsáid rochtain eiseadh ar ghréasán na Bóithre Náisiúnta sa Chontae d'fhonn sábháilteacht bóithre a chothú, an saorshreabhadh tráchta a chinntiú, laghdú i gcumas iompair na ngréasán a chosc agus ídiú na hinfeistíochta caipitil poiblí a sheachaint.
- Líon na n-acomhal ar an ngréasán Bóithre Náisiúnta a theorannú;
- Forbairt ar an ngréasáin Bóithre Náisiúnta a chosc fiú amháin mura bhfuil aon rochtain feithcleach díreach molta chun páirceáil guaiseach agus gluaisteacht coisithe ar Bhóithre Náisiúnta a sheachaint.

Ní bhainfidh an polasaí sep sna cúinsí agus sna láthair seo a leanas:

- Laistigh den luasteorainn 50 ciliméadar san uair de bhailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí.
- Feirmeoirí agus a mic nó a n-iníonacha, atá ag obair go lánaimseartha ar a ngabháltais talún inmharanta féin nó sa limistéir, ag tógáil tí cónaithe dá n-úsáid féin agus sealbhaíocht ar thalamh teaghlaigh;
- Teach cónaithe scoir do fheirmeoir;
- Dara theach ar phlásóg Chomhairle nó plásóg Coimisiún na Talún suas le dhá acraí do bhaill an neasteaghlaiigh chomh fada agus is féidir leis an iarratasóir an Chomhairle a shásamh maidir leis an riachtanas atá aige/aici chun cónaí san suíomh sin;

- Forbairt mór agus/nó tionsclaíoch straitéiseach bainteach leis an bhforbairt d'acmhainn tuaithe, m.sh. éagsúlú talmhaíochta, foraoiseacht, gur féidir lonnú amháin i shuíomh tuaithe faoi leith, ní foláir don fhorbairt mholta poitéinseal fostaíochta a bheith ann a thabharfadh tairbhe don phobail tuaithe áitiúla.
- Teach cónaithe chun freastal ar fhiontair tráchtála nó tionsclaíoch áitithe nó ar fhorbairt straitéiseach tionsclaíoch tuaithe acmhainn molta.
- An fhorbairt de thailte le haghaidh an tsoláthair de bhonneagar fisiceach atá riachtanach chun freastal ar bhailte, shráidbhailte agus lonnaíochtaí faoi réir na Straitéise Forbartha Tuaithe foriomlán ag an gComhairle.

Feidhmeofar na coinníollacha/ tuisctíní do na heisceachtaí polasaí thuas:

- Níl suíomh réasúnta malartach le rochtain chun mion bhóthar ar fáil;
- Úsáidtear rochtain eiseadh más féidir agus atá feabhsaithe nuair a bhíonn sé riachtanach;
- Is féidir an fhorbairt a dhéanamh gan guais tráchta a chruthú;

Cloíonn an fhorbairt le critéir eile pleanála, timpeallachta agus lonnú ní théann sé i gcoinbhleacht le chuspóirí an phlean.

Nuair atá an tÚdarás Pleanála ag déanamh measúnú ar iarratais a bhaineann le rochtain chuig Bóithre Náisiúnta beidh aird á thabhairt acu ar ráiteas polasaí an Údaráis um Bhóithre Náisiúnta dar teideal 'Development Management and Access to National Roads'.

10.11.2 10.11.2 Bóithre Réigiúnacha agus Tuaithe.

Feabhsóidh infheistíocht pleanáilte an ról agus cumas atá ag an ngréasán go háirithe. D'fhonn uasthoradh aiscuir a urrú ón infheistíocht seo, d'fhonn sábháilteacht phoiblí a chur chun cinn agus a thábhacht straitéiseach a choinneáil, beidh sé mar pholasaí ag an gComhairle:

- Mímhisiú a dhéanamh ar fhorbairt a bhfuil rochtain díreach ag teastáil uathu ar na codanna seo a leanas den Bhóthair Réigiúnach le trácht trom orthu:
 - R733 ó Loch Garman go Colmán go Baile Hac.
 - R739 ó acomhal an N25 go Cé na Cille Móire
 - R741 ó Loch Garman go Guaire

Ní bhainfidh an polasaí leis na suímh agus cúinsí seo a leanas:

- laistigh de chríocha na forbartha/limistéir faoi fhoirgnimh de bhailte, sráidbhailte nó lonnaíochtaí nó laistigh de chríoch an limistéir

forbartha de bhaile nó sráidbhaile mar atá sainmhínithe i bPlean Baile agus Sráidbhaile;

- i limistéir ina bhfuil luasteorainn de 50 – 60 c.s.u;
- Feirmeoirí agus a mic nó a n-iníonacha ag tairiscint chun teach cónaithe a thógáil dá n-úsáid féin chomh fada agus atá an teach lonnaithe cóngarach go coimpléasc na feirme nó go braisle forbartha eiseadh;
- suímh líontacha i mbraisle eiseadh d'fhorbairt;
- foroinn de shuímh an tí cónaithe chun teach a sholáthar do mhac nó iníon úinéara bunúsach an tsuímh dá n-úsáid féin.
- Má úsáidtear modh rochtana eiseadh.

10.11.3 Amharclínte

Tá na riachtanais amharclínte táscacha ag bealaí isteach feithicleacha mar seo a leanas;

Catagóir an Bhóthair	Achar Amhairc
Bóithre Náisiúnta	230m
Bóithre Réigiúnacha Grád 1*	220m
Bóithre Réigiúnacha Grád 2*	135m
Bóithre Contae	65m

*Baineann Grád 1 le na Bóithre Réigiúnacha seo a leanas:

R733	Loch Garman – Colmán/Baile Hac
R739 Acomhal	N25 – Cé na Cille Móire
R741	Loch Garman - Guaire

Beidh sé riachtanach d'fhorbairt nua de gnáth cloí leis na caighdeáin seo. Déanfar measúnú cruinn ar gach forbairt molta agus éagsúlaítear na riachtanais i dtaobh achar-amhairc ag bráth ar an shuíomh agus nádúr agus scála den forbairt. Beidh aird ag an measúnú de riachtanais achar-amhairc

ar na Caighdeáin Bóithre Náisiúnta, de réir mar a thagraíodh orthu sa NRA DMBRA agus DMRB Road Geometry Handbook.

10.11.4 Riachtanais Páirceála Carr, Leagan Amach agus Dearadh

Beidh aird ag an leagan amach agus dearadh bóithre i bhforbairtí tithíochta do “Treoirínte Banistíochta Tráchtá” eisithe i gcomhpháirt an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Iompair agus An Oifig Iompair Baile Átha Cliath.

- Tá na riachtanais maidir le líon na spásanna páirceála carr leagtha amach i dTábla 4.
- I ndéileáil le hiarratais phleanála ar athrú úsáide nó d'ionadaíocht fhoirgnimh, déanfar lamháltas d'iar-úsáid an tsuímh i ríomhaireacht riachtanais páirceála carr atá ghinte sa bhreis ag an bhforbairt nua;
- Nuair nach bhfuil an soláthar de pháirceáil ar shuíomh ar fáil, beidh an Chomhairle Chontae ag iarraidh ranníocaíocht airgeadais i dtaobh an tsoláthair de pháirceáil charr.
- Ní foláir do spásanna páirceáil agus seirbhís bheith suite ar shuíomh chun bacadh bóthair/sráid a chosc, agus bheith lonnaithe nuair is féidir le chúl agus taobh den fhoirgnimh agus i dtreo is go chinntítear mion-damáiste don fhóntas d'áitreabh teorantacha;

Tábla 3 Tomhais do Chuais Páirceála agus Lastála

TURASCÁIL	LEITHEAD
Cuais páirceála carr	5.0m x 2.5m
Cuais páirceála do dhaoine le míchumas	5.0m x 3.3m
Cuais Lastála	6.0m x 3.0m
Pasáistí Ciorclaíochta	6.0m i leithead

- Nuair atá páirceáil ceadaithe in amhairc ginearálta, ba cheart scagadh fóna nó tírdhrechtú a sholáthar chun a tionchar a laghdú.
- Sa bhreis ar chaighdeáin páirceála carr ginearálta, beidh spás páirceála seirbhísí riachtanach d'fheithiclí atá i dtreis le riachtanais in oibríocht de ghnó lena n-áirítear an seachadadh agus bailiúcháin d'earraí, agus an fheidhmiú de dheisithe agus cothabháil.

10.11.5 Tábla 4 Caighdeáin na Páirceála Carr

Cónaithe	Riachtanais Pháirceála Carr
----------	-----------------------------

Tithe	2 in aghaidh an Tí
Árasáin/Seomraí Cónaithe	1.5 in aghaidh an t-árasáin / seomraí cónaithe
Teach Aíochta / B&B	1spás in aghaidh an t-seomra
Óstán	1spás in aghaidh an tseomra
Brú	1 spás in aghaidh seomra codlata nó 1 spás in aghaidh dórtúr 10 leaba.
Láithreán Carbhán/Campála	1spás in aghaidh na faiche
Tráchtáil	
Siopadóireacht: Spás Urláir mhiondíola	1 spás in aghaidh 20mc
Oifigí Spás Urláir Comhlán	1 spás in aghaidh 25mc
Tithe Óstán / Bialanna	1 spás in aghaidh 25mc
Beir Leat um Bhia Te	Ar a laghad 5 spás in aghaidh an aonad nó 1 spás in aghaidh 10m
Hallaí Rince Limistéar Poiblí	1 spás in aghaidh 25mc
Pictiúrlann, Amharclann, Staidiam	1 Spás in aghaidh 10 suíocháin
Láirionaid Chomhdhála: Limistéar Poiblí	1 spás in aghaidh 25mc
Séipéil / Halla an tSéipéil	1 Spás in aghaidh 10 suíocháin
Ospidéal / Tithe Altranais	1 Spás in aghaidh 2 leapa
Seomraí Comhairle	2 Spás in aghaidh an tseomra comhairleoirí
Tionsclaíoch	
Bainistíocht Tionsclaíoch/ Tionsclaíoch Éadrom Spás Urláir Chomhlán	1 spás in aghaidh 50mc
Seomraí Taispeántais Spás Urláir Comhlán	1 spás in aghaidh 50mc
Trádstórais Spás Urláir Comhlán	1 spás in aghaidh 100mc
Garáistí	1 spás in aghaidh 50mc
Pobal	
Clubanna Spóirt, Fearainn, Linnte Snámha	1 spás in aghaidh 15mc & 6 spás do gach pháirc, 2 do gach cúirt
Leabharlann	1 spás in aghaidh 100mc
An Teach Tóiraimh	10 spásanna
Scoil	1spás in aghaidh an tseomra ranga
Machaire Gailf / Galf dhá Mhaide	4 spásanna in aghaidh an phoill

10.11.6 Áiseanna Rothair

Ní foláir do bhealaí rothair a bheith soláthartha go maith i dtéarmaí bonneagair pháirceála ag an gceann scríbe. Beidh an **National Manual for the Design of Cycle Facilities in Urban Areas** mar an bonn le haghaidh an dearadh d'áiseanna rothair a chur ar an eolas.

10.12.0 10.12.0 Fógraíocht

Aithníonn an Chomhairle an ról a imríonn fógraíocht sa saol tráchtála den Chontae. Aithnítear chomh maith go dtógann an t-iomadú neamhrialtá de chláir, chomharthaí agus chomharthaí méar eolais i limistéir tuaithe ó na háiseanna radharcacha agus scéimhiúla agus go n-éiríonn guais tráchta ón ndallamullóg seo. I mbailte agus sráidbhailte, tógann an fhógraíocht neamhcheansaithe ó charachtar agus fhéiniúlacht na lonnaithe má táid lonnaithe ag aomhail nó i gcomórtas le comharthaí tráchta, agus éiríonn guais tráchta ó seo.

10.12.1 Comharthaíocht Ghinearálta

Beidh na fógraí agus na struchtúir fógraíochta go léir, seachas iad siúd a bhfuil díolúine acu faoi Chuid II, Dara Sceideal de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbartha 2001, faoi réir iarratais phleanála foirmiúil.

Beidh comharthaíocht agus fógraíocht teoranta do limistéir faoi fhoirgnimh áit a bhfuil sé ina ghné cheana féin. Laistigh de bhailte agus sráidbhailte, beidh an polasaí ginearálta seo a leanas i bhfeidhm:

- Ba cheart suíomh na comharthaíochta a bheith i tslí ina coisceann sí bacainní do lagamhairc nó a chuireann isteach ar rochtain na gcosán.
- Ní cheart do mhéid agus scála na gcomharthaí dul i gcoinbhleacht leis na struchtúir atá ann cheana sa chomharsanacht.
- Ní cheart do líon agus suíonna na gcomharthaí tranglái a dhéanamh d'aghaidh an fhoirgnimh nó don sráid-dreach.
- Ní cheadófar fógraíocht ardluibhéal; ní foláir do chomharthaí a bheith suite ag nó faoi bhun leibhéal éadan urláir na talún; ní cheadófar do chomharthaí a bheith os cionn na sceimhle nó leibhéal na huchtballaí.
- Coiscfear an úsáid de neon, pvc, plaisteach, splancadh peirspéacs, comharthaí den chineál frithchaiteach nó glioscarnach ar an taobh amuigh d'fhoirgnimh nó nuair atá siad suite go himmheánach ach atá infheicthe ón taobh amuigh
- Ní rachaidh comharthaí thar 10% d'achar dromchla an fhoirgnimh
- Ní cheadófar comharthaí má théann siad in iomaíocht le comharthaí bóithre nó a chuirfeadh sábháilteacht tráchta i mbaol i aon tslí eile;

- Tá comharthaí atá ceangailte le foirgnimh níos fearr ná iad siúd atá ar chlár neamhspleácha;
- Ní cheart do chomharthaí a bheith ag cur isteach ar fhuinneoga nó ghnéithe eile d'aghaidh an fhoirgnimh nó a bheith os cionn na spéirlíne.

10.12.2 Fógraíocht Tuaithe

Ní cheadófar aon chlár fógraíochta (clár fógraí) amuigh faoin tuath. D'fhéadfaí breathnú a thabhairt don soláthar de phainéil fógraíochta ag leataoibh lasmuigh de limistéir faoi fhoirgnimh, áit gur féidir na háiseanna sna limistéir seo a bheith liostaithe, agus gur féidir leis na trádálaithe fógraíocht a dhéanamh i bhfaisean a sholáthródh eolais do dhaoine a théann thairis gan cur isteach ar áiseanna an limistéir. Ní rachaidh comharthaí dá leithéid thar 2.7m²

10.13.0 Teileachumarsáidí

D'fhonn luacháil na moltaí forbartha i dtaobh an cur suas d'aintéine agus struchtúir tacaíochta a éascú, beidh ar an iarratasóir:

- Fírinniú réasúnach a chur isteach maidir leis an riachtanas d'fhorbairt faoi leith ag suíomh molta i gcomhthéacs na bpleananna foriomlána an oibreora chun gréasán a fhorbairt i gContae Loch Garman.
- A léiriú cén suímh nó láithreacha a rinneadh measúnú orthu sa chontae.
- Fianaise a chur isteach go raibh comhairliú déanta le hoibreoirí eile maidir le roinnt na suímh agus struchtúir tacaíochta.
- Moltaí a chur isteach chun an tionchar radharcach den fhorbairt molta a mhaolú lena n-áirítear tógáil de bhóithre rochtana, cuailí breise agus struchtúir.
- Ráiteas géilliúlachta a thabhairt maidir leis na Treoirínte an Chumainn um Chosaint in aghaidh Radaíochta (IRPA) nó an Réamh-Chaighdeán Eorpach 50166-2.

10.14.0 Tionscal Eastóscach

Aithníonn an Chomhairle Chontae freisin go bhfuil poitéinseal ag an tionscal eastósach do thionchair dhiúltacha suntasacha ar an timpeallacht agus na bpobal áitiúla. Is féidir leis seo coinbhleachtaí a chruthú le talamhúsáidí eile agus díobháil a dhéanamh do bhóithre poiblí. Cinnteoidh an Chomhairle Chontae go mbainfear amach forbairt d'eastóscadh comhchruinnithe, próiseáil, seachadadh agus táirgeadh coinceíte ar bhealach a íoslaghdaíonn na tionchair dhiúltacha poitéinsiúla seo. Ní foláir d'fhorbróirí a chinntiú go gcloítear go géar le téarmaí na gceaduithe planála agus go mbeadh an

suíomh fágtha i gcruith sásúil agus gur féidir é a athúsáid go tairbhiúil nuair a bheadh na n-oibríochtaí críochnaithe.

In éascú an fhorbairt inbhuanaithe den tionscal eastóscach, déanfaidh an Chomhairle Chontae:

- An chosaint den timpeallacht, an tírdhreach, conláiste cónaithe agus turasóireachta a chinntiú mar thosaíocht;
- A chinntiú, áit a bhfuil forbairt éastóscach molta i limistéir tírdhreacha íogaire agus leochaileacha, go mbeidh caomhnú saintréith an tírdhreacha mar an phríomh tosaíocht, leis an dualgas ar an bhforbróir chun cruthú gur féidir freastal ar an bhforbairt molta sa tírdhreach gan a bheith ag baint óna gcarachtar.
- A chinntiú, áit a bhfuil forbairt eastósach molta i limistéir nó cóngarach le suímh de luach caomhnaithe nádúir, tábhacht seandálaíochta nó stairiúil, go dtógann an caomhnú de na sócmhainní sin agus na hacmhainní timpeallachta seo tosaíocht thar an riachtanas chun an acmhainn mianrach a fhorbairt.
- A chinntiú go bhfuil soláthar sásúil déanta don iar-úsáid inghlactha agus tairbhiúil de shuímh eastósach agus go bhfuil an tírdhreachtú agus an athchóiriú de shuímh déanta i tslí atá céimithe go forásach do na caighdeáin is airde de réir scéime atá formheasta faoi théarmaí an chead pleanála;
- Beidh an lóisteáil de shlándáil riachtanach i gcóir an deisiú sásúil agus an iar-chúram de shuímh agus don chothabháil, uasghrádú agus neartú agus deisiú den ghréasán bóithre atá corraithe;
- A chinntiú go bhfuil na costais iomlána de na hoibreacha feabhais agus na feabhsúcháin bóithre ag an bhforbróir;
- A chinntiú go bhfuil rochtain sábháilte agus éifeachtach ag suímh forbartha leis an ngréasán bóithre poiblí;
- Toimhde ginearálta a chleachtadh i gcoinne forbairtí ina bhfuil toirteanna tráchta coibhneasacha breathnaithe air go díobhálach maidir le sábháilteacht agus caoithiúlacht na n-úsáideoirí bóithre nó an conláiste do dhaoine ina chónaí cóngarach don suíomh d'oibreacha molta.
- An chosaint de na cúrsaí uisce uile ó thruailléain atá bainteach le suímh forbartha a chinntiú;
- An tionchar carnach den fhorbairt a rialú agus a íoslaghdú a thagann as an gcumasc de shuímh forbartha comhtheagmhála;
- Beidh lán sonraí ag teastáil, i gcomhréir leis an iarratas pleanála, maidir le:
 - na teorainneacha cruinn den suíomh molta agus an scála agus nádúr de na modhanna eastóscadh agus gníomhaíochtaí.
 - tithe cónaithe laistigh de 1 km den suíomh.
 - comhrianta, doimhneacha de thochaltáin.

- rochtain agus gréasán bóithre poiblí atá moltar le húsáid.
- treoracha agus pasáil na n-oibreacha.
- cúrsaí uisce agus doimhneacht maoschlár.
- suímh na gcruacha stoic.
- deisiú; tírdhrechtú, cúram iar-úsáide molta agus mionphointí de phasáil na n-oibreacha seo.
- bleaisteáil.
- gléasra seasta agus soghluaiste.

- Iarratasóirí/forbróirí a éascú i scóip An Ráitis Tionchair Timpeallachta.

Ní foláir do na forbairtí go léir atá molta cloí leis na **Environmental Management Guidelines in the Extractive Industry, EPA2006**.

10.15.0 Bunaíochtaí Seveso

De réir na riachtanais atá leagtha síos ag Treoir 96/85/CE agus **Rialacháin IR Uimh 476 de 2000 an tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde**; mar an tÚdarás Inniúil Lárnach, feiltar comhairle teicniúil a sholáthar don Údarás Pleanála i gcás:

- Forbairt laistigh den chomharsanacht de limistéir suímh Seveso eisidh;
- An fhorbairt molta de bhunaíocht nua Seveso; agus
- An mionathrú de bhunaíocht eisidh.

Tá sé seo faoi réir Rialacháin 29 de na rialacháin atá luaite, ar a dtugtar "**Advice on Land Use Planning**". Beidh ar iarratasóirí atá ag breathnú ar aon fhorbairt de réir mar atá Imlínte thuas, dul i gcomhairle le roinn na Seirbhísí Dóiteáin de chuid Chomhairle Chontae Loch Garman, agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteacht, sula gcuireann siad aon iarratas pleanála isteach.

10.15.1 Forbairtí Seveso: Bunaíochtaí Nua

Tá sé riachtanach do bhunaíochtaí nua 'Greenfield/Brownfield' a thaispeáint nach gcuireann siad i láthair fiontar de dháileog dainséarach níos mó ná 5×10^{-6} dá gcomharsana reatha nó fiontar de dháileog dainséarach níos mó ná 1×10^{-6} don chineál maoiné cónaithe is giorra. D'fhéadfadh sé seo a bheith bogtha nuair atá forbairt nua mar an gcéanna nó comhchosúil le na comharsana eisidh, m.sh. íos-stóráil ola a bheith curtha suas i suíomh atá gafa ag páirceanna umair cheana féin.

10.16.0 Ranníocaíochtaí Forbartha

D'fhéadfadh an Chomhairle ranníocaíochtaí airgeadais a iarraidh le haghaidh an costas caipitil de sholáthar bhonneagair, soilsithe poiblí, seirbhísí agus fónais. I measc iad siúd tá bóithre, cosáin, páirceáil charr, bainistíocht tráchta, draenáil, cóireáil fuíolluisce, soláthair uisce agus spás oscailte. D'fhéadfadh roinnt forbairtí a bheith saor ó íocaíocht ranníocaíochtaí lena n-áirítear forbairtí pobail agus áiseanna sóisialta. Tá sé de cheart ag an gComhairle méid na ranníocaíochtaí a athrú, agus d'fhéadfadh siad teorann ama a shocrú ina mbeadh ar ranníocaíochtaí a bheith íoctha agus d'fhéadfadh siad ligean d'íocaíocht a bheith déanta ar bhonn díolaíochta nuair is cuí Tá sceidil na ranníocaíochtaí leagtha síos i Scéim na Ranníocaíochta Forbartha.

10.16.1 Bannaí & Taiscí Forbartha

Chun cinntiú go bhfuil an fhorbairt ceadaithe curtha i gcrích go shásúil, beidh sé de dhíth ar an Chomhairle Contae, mar coinníoll den chead pleanála, an lóitseáil de shlandáil oiriúnach. Beidh an méid de shlandáil mar a shocráítear ag an gComhairle Contae. Fanfaidh an banna nó an taisce forbartha in áit go dtí go mbeidh na h-oibreacha curtha i gcrích go
